



Cavan

**Comhairle Contae
an Chabháin**

**Cavan
County Council**

Tuarascáil Bhliantúil 2019



Ráiteas Misin

“Tús Áite a thabhairt don Chabhán”

Ár bhFís

An Cabhán a chur chun cinn mar áit uathúil le cónaí, le hoibriú agus le gnó a dhéanamh ann”

Ráiteas Beartais 2015-2019 Plean Corparáideach

Déanfaimid forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha ár gContae a threorú agus a chur chun cinn, cothóimid muinín inár dtodhchaí, cuirfimid feabhas ar chaighdeán na beatha dár saoránaigh agus cuirfimid sochaí níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí chun cinn. Agus ár seirbhísí á soláthar againn, cinnteoimid an luach ar airgead is fearr agus is féidir agus beimid cuntasacht as ár gníomhaíochtaí.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

CLÁR NA nÁBHAR	
Ár gContae	4
Aitheasc an Chathaoirligh	5
Aitheasc an Phríomhfheidhmeannaigh	8
Toghcheantair agus a nIonadaithe Tofa	16
Cruinniú Údaráis Áitiúil	18
Fáilithe agus Comhdhálacha Cathrach/an Chathaoirligh ar ar Fhreastail Ionadaithe Tofa	18
Taisteal thar Lear agus Oiliúint as a Bhain na hIonadaithe Tofa Leas	19
Tá Ionadaithe Tofa na nÚdarás Poiblí agus Comhlachtaí Eile ar	20
Íocaíocht le hIonadaithe Tofa	22
Coistí um Beartas Straitéiseach	23
Tabhartais Pholaitiúla	25
Plean Corparáideach	26
An Fhoireann Bainistíochta	27
Seirbhísí Tithíochta, Leabharlaine & Cultúrtha, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha	
Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha	28
Tithíocht	35
Leabharlanna	43
Na hEalaíona	50



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Músaem	61
Amharclann Ramor	65
Seirbhísí Iompair, Comhshaoil agus Uisce	
Iompar	76
An Comhshaol	96
Bainistíocht Dramhaíola	114
Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch a Phleanáil	
Pleanáil	140
Fiontraíocht agus Turasóireacht Phobail	152
Oifig Fiontair Áitiúil	177
Seirbhísí Airgeadais agus Faisnéise	
Airgeadas	184
Mótarcháin	196
Seirbhísí Faisnéise	199
Seirbhísí Éigeandála	210
Achoimre ar Chuntais	215

Nóta: Is féidir an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur ar fáil i bhFormáid Inrochtana.

Déan teagmháil le Roinn na nGnóthaí Corparáideacha ar 049 437 8300



Ár gContae

Tá daonra 76,092 duine i gContae an Chabháin. Is contae tuaithe atá ann den chuid is mó cé gur tháinig méadú suntasach ar an daonra le blianta beaga anuas ina phríomhionaid uirbeacha. Is iad na sainghnéithe sa Chontae tuath droimníní agus a lán lochanna agus cnocáin bheaga anseo agus ansiúd. Níl mórán daoine ina gcónaí in Iarthuaisceart an Chontae agus is ceantar sléibhtiúil é ina bhfuil a lán ceantair thírdheacha fhíorálainn. Tá líon nithe is díol spéise idirnáisiúnta turasóireachta ann chomh maith lena n-áirítear Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus Geopháirc Dhomhanda Uaimheanna an Áirse Mharmair.

Tá rochtain fheabhsaithe ar an M3 ar ár gContae agus tá an Teorainn Chontae ó dheas ó Achadh an Lúir achar níos gairide ná uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath anois. Tá Baile an Chabháin suite go straitéiseach chomh maith agus tá sé aitheanta mar gheata chuig Tuaisceart Éireann agus uaidh. Ainmníodh Baile an Chabháin mar Bhaile Moil sa Straitéis Spáis Náisiúnta.



Aitheasc an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle
Contae an Chabháin tá sé de phribhléid
agam fáilte a chur roimh fhoilsiú
Thuarascáil Bhliantúil 2019.

*As Cathaoirleach of Cavan County
Council I am delighted to welcome the
publication of the 2019 Annual Report.*



Bhí an bhliain 2019 ina bliain eachtrach, mar gheall ar na toghcháin áitiúla a bheith ar siúl i mí na Bealtaine. Cé go bhfuil gnóthaí strusmhara do pholaiteoirí, is teagmhas iontach iad na toghcháin áitiúla, i gcás go bhfeidhmíonn daoine a gceart vótála daonlathach, ceart a saothraíodh go maith agus nár cheart an tábhacht a bhaineann leis a lua faoina mheas choíche.

Maidir linne a bhí ádhúil go leor gur roghnaíodh muid chun ionadaíocht a dhéanamh do mhuintir an Chabháin, is deis é an chéad chúig bliana amach romhainn chun do mhuinín ionainn a chúiteamh trí oibriú lena chéile agus le foireann bainistíochta na comhairle chun lá inniu agus todhchaí an chontae a mhúnlú.

Ní dheachaigh roinnt de m'iarchomhghleacaithe, arbh mhór an onóir dom seomra na comhairle a roinnt leo ar feadh na mblianta, san iomaíocht sna toghcháin nó níor roghnaíodh iad an t-am seo. Beag beann ar chineál a scoir, is féidir leo uile a bheith bródúil as an obair a rinne siad thar ceann mhuintir an Chabháin le linn a dtionachta. Mar atá déanta soiléir sa tuarascáil seo, ba bhliain ghnóthach í 2019 – don údarás áitiúil, le roinnt tionscadal, amhail spás comhroinnte iontach Mhúsaem an Chabháin, beagnach críochnaithe, agus cuid eile díobh ag tosú díreach, go háirithe Ionad Cathartha Achadh an Lúir, dá raibh mé an-sásta fáilte a chur roimh an bhfógra €3,963,525 i maoiniú faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe i mí na Samhna. Beidh an tsaoirid úr uailmhianach seo, ina mbeidh foirgneamh leabharlainne agus síneadh ar Amharclann iontach Ramor, ina spás suaitheanta ní hamháin d'Achadh an Lúir ach don Chabhán Thoir chomh maith.



Bhí ríméad orm chomh maith dul i gcomhar leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys chun Stáisiún Dóiteáin úrscothach úr Achadh an Lúir a oscailt – mar ionadaí áitiúil, tá a fhios agam tiomantas na foirne seo ar an líne thosaigh, agus tá ríméad orm a fheiceáil go bhfuair na laochra sin an tsaoráid atá tuillte lena dtiomantas.

Tá stair eisimirce na hÉireann chomh suntasach sin is go smaoinímid ar an Diaspóra go minic. Ba mhór an onóir dom é dul i gcomhar lenár bPríomhfheidhmeannach agus toscaireacht ón Mullach ar thuras go Würzburg, áit ar bhuaileamar leis an Uachtarán Michael D Higgins agus an Tánaiste Simon Coveney, agus ar cheiliúraimid féasta Naomh Cillian, duine de bhunadh na háite. Ba phribhléid é cuidiú le lá féasta ceann de na daoine is céimiúla de chuid an Chabháin a cheiliúradh lenár gcairde as an nGearmáin.

In 2019, d'fhógair an Príomhfheidhmeannach sonraí faoi thionscnamh iontach úr, *Cavan Calling*, chun an Diaspóra a cheiliúradh agus bheith rannpháirteach leo. Beidh an deireadh seachtaine ceiliúrtha sin dár gcontae agus a mhuintir ar siúl in 2021 agus beidh sé ina ómós cuí do go leor daoine as an gCabhán, san am atá caite agus sa lá inniu, a chruthaigh saol úr dóibh féin thar lear.

D'oscail Mol Digiteach an Chabháin a dhoirse i mí an Mheithimh, ag soláthar nascacht den scoth don réigiún. Agus go leor cuideachtaí fíor-nuálacha agus iontacha ann cheana, beidh an tsaoráid nua-aimseartha den scoth seo ina príomhspreagadh eacnamaíoch sa chontae ar feadh na mblianta atá le teacht.

Is cúis mhór bróid dom slabhra oifige an Cathaoirligh a chaitheamh, go háirithe mar thug sé an deis dom ionadaíocht a dhéanamh do mo chomhchomhairleoirí mór le rá agus d'fhoireann iontach na heagraíochta stairiúla seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhairleoirí an lae inniu agus an lae inné as a dtacaíocht liom féin agus le mo réamhtheachtaí, an Comhairleoir Madeleine Argue, le linn 2019. Trasnaíonn a mbród ina gcontae, agus a dtiomantas do leas a shaoránach uile na teorainneacha polaitiúla go léir. Is mian liom freisin mo bhuíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Tommy Ryan, an fhoireann bainistíochta sinsearaí, agus go deimhin le foireann uile Chomhairle



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Contae an Chabháin, a bhfaca mé a gcuid iarrachtaí go pearsanta le linn mo thréimhse in oifig.

Mar is eol duit, tá dúshlán níos mó romhainn in 2020 sa chontae seo nár fhaca muid a leithid le blianta beaga anuas. In ainneoin na dtrialacha atá amach romhainn, táim cinnte go dtiocfaidh an eagraíocht seo agus na daoine a bhfreastalaíonn sí orthu chun cinn níos láidre amach anseo.

An Comhairleoir Shane P. O' Reilly, Cathaoirleach



Aitheasc an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae an Chabháin do 2019 a chur i láthair. Tá súil agam go dtabharfaidh sí léargas luachmhar duit ar an raon leathan oibre a rinne Comhairle Contae an Chabháin i rith na bliana, na dúshláin a bhí rompu, na fadhbanna a réitíodh, agus na feabhsuithe iomadúla a rinneadh ar saol laethúil an chontae.



I am delighted to present Cavan County Council's Annual Report for 2019, which I hope will give you valuable insight into the wide range of work undertaken by Cavan County Council throughout the year, the challenges faced, the problems solved, and the many improvements made to daily life in the county.

Ar an dea-uair, i ndiaidh 2018 ina raibh drochaimsir eisceachtúla i bhfoirm 'An Beithíoch ón Iarthar' mar a thugtar air, níor fhulaing an Cabhán an méid ba mheasa den drochaimsir anuraidh Mar sin féin, tá aitheantas tuilte ag ár bhfoireann ceantair bhardasaigh agus bóithre, an tseirbhís dóiteáin agus saorálaithe na cosanta sibhialta as a n-airdeall agus a ngairmiúlacht i rith an ama agus an aimsir ba mheasa riamh os a gcomhair.

Agus na toghcháin áitiúla ar siúl in 2019, chonaiceamar athrú mór ar an réimse rialtais áitiúil. D'éirigh roinnt comhairleoirí a rinne ionadaíocht go cumasach ar son an Chabháin le mórán blianta as, agus níor fhill cuid eile díobh ag an vótáil, i ndiaidh díobh feachtas láidir a throid. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár iar-ionadaithe tofa as a mblianta seirbhíse agus fáilte ó chroí a chuir roimh ár gcomhairleoirí úra agus ár gcomhairleoirí atá ag teacht ar ais. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis na comhaltaí tofa i meon comhoibrithe agus comhdhíograise chun freastal ar mhuintir an Chabháin.



Agus muid ag machnamh ar 2019, déanaimid amhlaidh i gcoinne phaindéim an Choróinvíris, atá ag scaipeadh ar fud an domhain faoi láthair. Tá na dúshláin a bhaineann leis sin fós casta agus líonmhar, agus ní bheidh Tuarascáil Bhliantúil 2020 cosúil le ceann ar bith a chuir an eagraíocht i dtoll a chéile riamh. An rud atá soiléir, áfach, ba mhór an t-ullmhúchán a rinneadh maidir le hearnáil phobail láidir a fhorbairt, caidreamh comhoibríoch a chothú le comhlachtaí stáit eile agus leis an earnáil dheonach, agus maidir le seirbhís éigeandála ardoilte a chruthú, don chontae agus aghaidh á tabhairt againn ar an mbagairt mhór sin le chéile.

Is ionann an dul chun cinn atá tuairiscithe sa tuarascáil seo agus teaghlaim den iarracht iontach a rinne baill foirne na n-údarás áitiúil, agus tacaíocht na gcomhlachtaí tofa, ár n-eagraíochtaí compháirtíochta, agus muintir an Chabháin, agus tá sé indéanta a bhuíochas don chreat straitéiseach láidir a cuireadh i bhfeidhm le cúpla bliain anuas, rud a chinntíonn go ndíreofar ár n-iarrachtaí i dtreo fhís Chomhairle Contae an Chabháin a bhaint amach, is é sin “contae forásach, beoga a bheidh cliste, nasctha, nuálach, uilechuimsitheach agus inbhuanaithe”.

Tá rogha de chuid den mhéid ba mhó a bhain an t-údarás áitiúil amach in 2019 liostaithe thíos:

- I mí Feabhra, bhuaigh an Cabhán dhá ghradam ag Gradaim Pobail agus Comhairle na hÉireann de chuid Chumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae (LAMA), agus bhuaigh comhléiriú Chomhairle Contae an Chabháin – an gradam don ‘Tionscnamh Pobail is Fearr’ do Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin ‘The Best Years of Our Lives Have Yet to Come’, agus fuair Coláiste Dún an Rí an gradam le haghaidh ‘An Foirgneamh Oideachais is Fearr’.
- I mí an Mhárta, thug an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach cuairt ar Nua-Eabhrac agus Philadelphia, áit inár neartaíodh ceangail le Diaspóra an Chabháin.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

- Ceapadh féile úr chun diaspóra an Chabháin a cheiliúradh. Beidh 'Cavan Calling' ar siúl in 2021 agus tabharfar muintir an Chabháin agus daoine ó gach cearn den tír agus den domhan le chéile le haghaidh ceiliúradh deireadh seachtaine ar gach rud a bhaineann leis an gCabhán.
- Fuarthas maoiniú €3,963,525 i gcomhair Thionscadal Ionad Cathartha Achadh an Lúir, tionscadal uailmhianach agus bunathraitheach um athnuachan Bailte i lár Bhaile Achadh an Lúir, faoin gCiste um Fhorbairt agus Athghiniúint Uirbeach.
- In 2019, chuir Comhairle Contae an Chabháin 11 aonad tithíochta sóisialta úra i gcrích, le hocht n-aonad curtha i gcrích ag Achadh na Madadh, ag an Mullach, agus trí aonad curtha i gcrích ag Doire Chruinnill, Baile Shéamais Dhuibh.
- Sholáthair Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta 37 aonad tithíochta sóisialta nuathógtha eile, agus cuireadh 17 n-aonad ar aghaidh go ceadú Chéim 4, cuireadh 34 aonad ar aghaidh go ceadú Chéim 2, agus cuireadh 44 aonad ar aghaidh go ceadú Chéim 1. Chuir Comhairle Contae an Chabháin ceannach 45 teach i gcrích chomh maith faoin gClár um Cheannach Tithíochta Sóisialta in 2019.
- Bhí 'The Taste of Cavan' ina bhuaicphointe arís de shaol bhia na hÉireann in 2019, agus dhá ghné úra tugtha isteach i mbliana, Sráidbhaile Sláinte agus Folláine agus Seó Faisin, ag oscail na féile do lucht spéise úr.
- Ainmníodh an Cabhán mar cheann de na deich gCeann Scríbe is Fearr do Bheadaithe den dara bhliain as a chéile i gcomórtas Ceann Scríbe Beadaithe Chumann Bhialanna na hÉireann 2019, rud a dhaingnigh a staid mar cheann de réaltaí bia na tíre atá ag teacht chun cinn.
- D'oscail Spás Comhroinnte úr Mhúsaem Chontae an Chabháin arna mhaoiniú ag PEACE IV a dhoirse. Is breis úr iontach é an dearadh nua-aimseartha seo atá fós íogair ó thaobh na staire de le foirgneamh músaeim an 19 haois agus



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

thug sé deis do Savina Donohoe agus a foireann cláir chothaithe síochána an mhúsaeim a bhfuil duaiseanna buaite ina leith a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile.

- Chuir Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin deireadh le fíneálacha as leabhair leabharlainne a thabhairt ar ais mall, mar chuid de spreagadh leanúnach chun níos mó daoine a spreagadh leis an gcuid mhór seirbhísí a thairgeann siad a úsáid, idir leabhair agus DVDanna, agus rochtain ar líne ar an-chuid alt agus cúrsaí.
- Thacaigh Oifig Ealaíon an Chabháin agus Foireann Chultúir Éire Chruithaitheach le méid ollmhór tionscadal éagsúla lena n-áirítear dara Féile Ealaíona an Chabháin, a bhí ar siúl i mí na Bealtaine agus atá ina bhuaicphointe cheana den fhéilire cultúrtha sa réigiún.
- Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail an Chabháin dhá uair in 2019, rud a chuir in iúl go ndearnadh dul chun cinn ar fheabhas le beagnach gach gníomhaíocht sa phlean.
- D'éirigh go maith le Gluaiseacht Taistealaithe an Chabháin, i gcomhpháirtíocht le Breffni Integrated (Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin anois) maidir le maoiniú a tharraing anuas le haghaidh Tionscnamh Infhostaitheachta don Aos Óg. Rinneadh Measúnú Riachtanas maidir le Taistealaithe Óga agus tionóladh seoladh oifigiúil a thorthaí i mí na Nollag.
- Cuireadh Céim a Dó den chlár 'An Cabhán Sláintiúil' i gcrích in 2019, agus dámhadh maoiniú €246,050 Chéim a Trí do Chomhairle Contae an Chabháin in 2019 chun íoc as gníomhaíochtaí ó mhí Iúil 2019 go mí an Mheithimh 2021
- Chuir Comhairle Contae an Chabháin, faoi choimirce Bhonneagar Iompair na hÉireann (BIÉ), forbairt Scéim Seachbhóthar N3 Achadh an Iúir chun cinn, ag ceapadh JB Barry Transportation Ltd mar Chomhairleoirí Teicniúla ar an scéim chun na seirbhísí innealtóireachta, comhshaoil, eacnamaíocha agus



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

breithmheasa ar fad ba ghá chun an tionscadal a sholáthar trí na céimeanna pleanála agus deartha.

- Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt ‘An Cabhán Nasctha’ – Straitéis Dhigiteach do Chontae an Chabháin.
- Rinne an hAirí Michael Ring agus Heather Humphreys Pleananna uailmhianacha um Athbheochan Bailte agus Sráidbhailte i gcomhair fiche baile agus sráidbhaile sa Chabhán a sheoladh go foirmiúil i mí Feabhra 2019.
- I mí na Samhna, d’oscailt an Cathaoirleach, an Clr Shane P O’Reilly, agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys Stáisiún Dóiteáin úrscothach úr Achadh an Iúir, tacaíthe ag infheistíocht €1.7 milliún ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ón Rialtas Áitiúil tríd an gClár Caipitil le haghaidh Seirbhísí Dóiteáin.
- Chuir Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin tús leis an bpróiseas tairisceana chun stáisiún dóiteáin úr a thógáil i mBaile Shéamais Dhuibh, tionscadal lena gcuirfear nuachóiriú gach stáisiúin dóiteáin sa chontae i gcrích.
- Óstáladh 161 léiriú in Amharclann Ramor, lena n-áirítear Amharclannaíocht, Scannáin, Ceardlanna, Popcheol, Amharclannaíocht do Pháistí, Coiméide, Scannáin do Pháistí, Ceol Clasaiceach, Drámaíocht na hÓige, Léirithe Intí, Drámaíocht Riachtanas Speisialta agus Léirithe Pobail agus tráchtála.
- Críochnaíodh obair ar athchóiriú Halla Cathrach an Chabháin, rud a chinntíonn an todhchaí don sainchomhartha íocónach de chuid an Chabháin mar mhol ealaíon agus cultúir do na glúinte romhainn a bhuí le hinfheistíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, PEACE IV, agus Comhairle Contae an Chabháin.
- D’fhreastail 2,382 lucht féachana/éisteachta ar Oíche Chultúir 2019, agus tionóladh 48 imeacht cultúrtha saor in aisce i 26 ionad ar fud an chontae.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

- Bhí Gradaim an Chathaoirligh ar siúl i mí Aibreáin inar óstáil an Cathaoirleach, an Clr Madeleine Argue os cionn 250 aoi ag ócáid cheiliúrtha, ag ar bhuaigh an ceoltóir óg agus tacadóir frithbulaíochta Ruby O’Kelly an duais fhoriomlán. Thug Ruby a duais €1,000 i gcomhair charthanas aise na luathóige, Aoibheann’s Pink Tie.
- Seoladh Líonra Bia an Chabháin go foirmiúil i mí na Bealtaine 2019, ag obair i gcomhthráth le grúpa oibre seachtrach ina raibh ionadaithe ón tionscal lena n-áirítear cócairí agus táirgeoirí agus ionadaí ón earnáil oideachais mar aon le baill foirne ó Chomhairle Contae an Chabháin.
- Eagraíodh trí Chonair Bhia in 2019 – an Chonair Bhia ‘Taste of Cavan’ i mí Lúnasa agus conair Bhia na Nollag i mí na Nollag i mBaile an Chabháin agus conair bhia ar fud an chontae i mí Dheireadh Fómhair mar chuid den tionscnamh ‘Taste the Island’. Tionóladh imeacht “Saoithiúlacht Bhia ón Oirdheisceart” i mí Dheireadh Fómhair 2019.
- Ghiaráil Oifig Forbartha Turasóireachta Chomhairle Contae an Chabháin agus an roinn Pobail agus Fiontraíochta €193,765 le haghaidh tionscadal faoin Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire Faoin Aer.
- Tionóladh an seoladh i mbliana ag Líonra Ilchultúrtha na 4Canna do Chontae an Chabháin.
- Leithdháileadh €500,000 breise i maoiniú LEADER ar an gcontae mar aitheantas ar a fheidhmíocht mar cheann de na deich gclár LEADER is mó in Éirinn.
- Bhuail ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chabháin, ó Chumann Forbartha Pobail an Mhullaigh agus ionadaithe ó bhordas comhpháirtíochta na Gearmáine de chuid an Chabháin, Kürnach, leis an Uachtarán Michael D. Higgins, a bhean Sabina, an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, ar a gcúirt go Würzburg le haghaidh Fhéile Kürnach agus lá Naomh Cillian, an 8 Iúil.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

- Fuair an oifig Forbartha Turasóireachta deontas €404,389 in 2019 faoi shruth maoiniúcháin Bhailte Cinn Scríbe Fháilte Éireann. Mar aon le €139,129 d'acmhainní dílse an údaráis áitiúil féin maoinoidh sé sin infheistíocht iomlán de €540,518 i mbaile an Chabháin in 2020/21.
- Tháinig beocht sa Chabháin le cruthaitheacht páistí Dé Sathairn an 15 Meitheamh do Chruinniú na nÓg. Tionscnamh suaitheanta is ea Cruinniú na nÓg den Chlár Éire Chruthaitheach, lena bhféachtar le cruthaitheacht gach páiste óig agus gach duine óig a chumasú. Bhí clár éagsúla gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha saor in aisce arna chomhordú ag Comhairle Contae an Chabháin agus na hEalaíona Áitiúla i gComhpháirtíocht Oideachais, CMETB ar siúl ar fud an Chabháin le tuismitheoirí, teaghlaigh agus daoine óg a tháinig amach ina sluaite.
- Bhain naoi dtionscadal i gContae an Chabháin leas as maoiniú €604,914 faoin scéim um Athnuachan Bailte agus Sráidbhaile lena n-áirítear tionscadal le haghaidh láthair taitneamhachta i nDún an Rí, Gníomhaíochtaí Allamuigh Geopháirce agus Mol Seirbhíse sa Mhuileann Iarainn, agus scáthlán bus agus suíocháin phoiblí i nDroichead an Bhuitléaraigh.
- I mbliain a dhó de Chlár CCSGP do 2018-2022 a sholáthair Cuideachta Forbartha Pobail Chontae an Chabháin, thar ceann Choiste Forbartha Pobail Áitiúil an Chabháin, caitheadh €754,850 ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhm a chuidigh le grúpaí pobail áitiúla le forbairt acmhainní, a chuir rannpháirtíocht chun cinn, a chothaigh pobail láidre, agus a chur rannpháirtíocht agus comhoibriú chun cinn.
- D'éascaigh Turasóireacht an Chabháin 'The Ray Darcy Show' ag craoladh beo ó Bhaile an Chabháin ar Raidió RTÉ 1 i mí Iúil mar chuid d'fheachtas margaíochta samhraidh Fháilte Éireann 'Yours to Uncover' le haghaidh 'Ireland's Hidden Heartlands'. Cuireadh agallamh ar ghnólachtaí turasóireachta áitiúla ar an seó agus thug Ray cuairt ar Ionad Eachtraíochta an Chabháin.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

- Tionóladh chéad Fhóram Trádála Turasóireachta an Chabháin in Crystal Hotel sa Chabhán i mí na Bealtaine. D'fhreastail sé dhuine is seasca ar mhaidin líonraithe, comhoibrithe, agus pleanála don todhchaí.
- Cuireadh Plean Gníomhaíochta Peace IV dar luach €3.1 milliún i gcrích i mí Mheán Fómhair 2019 agus tionóladh imeacht dúnta ceiliúrtha sa Mhúsaem Contae i mí Lúnasa le Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chabháin, an Clr Shane P. O'Reilly, agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys.
- Tugadh aitheantas do thrí déag bhall foirne a thug seirbhís 25 bliain nó níos mó agus do chúig déag duine a d'éirigh as le déanaí as a n-iarracht i seirbhís do mhuintir an Chabháin ag fáiltiú speisialta.

Arís eile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Contae an Chabháin as an gcruthaitheacht, an tiomantas agus an carachtar a thaispeánann siad go laethúil agus iad ag obair chun Contae an Chabháin a chur chun cinn do chách.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do gach duine a éascaíonn agus a chabhraíonn leis an obair seo, go háirithe ár gCathaoirligh le linn 2019, na Comhairleoirí Madeleine Argue agus Shane P O'Reilly, a gcomhbhaill tofa, Baill ár gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil, ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus an iliomad eagraíochtaí pobail agus deonacha a mbímid ag obair go dlúth leo.

Tá éacht mór déanta againn le chéile in 2019, agus táim ag tnúth le comhoibriú torthúil leanúnach sna blianta amach romhainn.

Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach



Ceantair Bhardasacha agus a nIonadaithe Tofa

Ceantar Bardasach Choill an Chollaigh- Mhuinchille



An Clr Aiden Fitzpatrick (FF)



An Clr Carmel Brady (FG)



An Clr Clifford Kelly (FF)



An Clr Paddy Mc Donald (SF)



An Clr Sarah O'Reilly (Aontú)



An Clr Val Smith (FG)

Ceantar Bardasach an Chabháin-Bhéal Tairbirt



An Clr John Paul Feeley (FF)
Walsh (FF)



An Clr Madeleine Argue (FG)



An Clr Patricia Walsh (FF)



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council



An Clr Peter Mc Vitty (FG)



An Clr Sean Smith (FF)



An Clr Brendan Fay
(Neamhspleach)

Ceantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh



An Clr Craig Lovett (FF)



An Clr Philip Brady (FF)



An Clr Shane P O'Reilly (FF)



An Clr TP O'Reilly (FG)



An Clr Trevor Smith (FG)



An Clr Winston Bennett (FG)



Cruinnithe na nÚdarás Áitiúil

Cruinniú	Líon
Míósúil, Athghairmthe agus Speisialta	10
Cruinnithe Cheantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh	7
Cruinnithe Cheantar Bardasach Choill an Chollaigh- Mhuinchille	7
Cruinnithe Cheantar Bardasach an Chabháin-Bhéal Tairbirt	6
Cruinniú Ginearálta Bliantúil	1
Buiséad Ginearálta Bliantúil	1
Cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorpáraidigh	10
Coistí um Beartas Straitéiseach Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha	2
An Coiste um Beartas Straitéiseach Comhshaoil agus Pleanála	1
Coistí um Beartas Straitéiseach Bóithre agus Bonneagair	2
Forbairt Eacnamaíoch	2
An Comhchoiste Póilíneachta	2
An Coiste Iniúcháireachta	3

Comhdhálacha, Seimineáir, Imeachtaí ar ar Fhreastail na Comhaltaí Tofa

Comhdháil / Seimineár / Imeacht	Suíomh	Cuspóir	Comhaltaí a d'Fhreastail
Comhdhálacha Ceilteacha	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	An Próiseas Tearmainn in Éirinn a Thuiscint	1
Comhdhálacha Ceilteacha	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	Dea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta in Éirinn	3
Comhdhálacha Ceilteacha	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	Éire agus Dramhaíl Phlaisteach	1
Scoil Samhraidh Parnell	An Chraobhach, Co. Chill Mhantáin	Scoil Samhraidh	3
Scoil Samhraidh McGill	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	Scoil Samhraidh	5



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Taisteal thar Lear na gComhaltaí Tofa

Suíomh	Cuspóir	Líon a d'fhreastail
Nua-Eabhrac	Freastal an Chathaoirligh ag Paráid Lá Fhéile Pádraig agus Dinnéar Chumann an Chabháin	1 (Cathaoirleach)
Kurnach, an Ghearmáin	Forbairt agus neartú nasc le Würzburg inar martraíodh Naomh Cillian a rugadh sa Mhullach	4
Londain	Freastal an Chathaoirligh ar Dhinnéar agus Damhsa Bliantúil Chumann an Chabháin	1 (Cathaoirleach)

Oiliúint as a Bhain na hIonadaithe Tofa Leas

Teideal na hOiliúna	Comhlacht a Sholáthair Oiliúint	Suíomh	Líon a d'fhreastail
Modúl 1 – Dréacht-Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG)	Baile Átha Luain An Muileann gCearr	7 3
Modúl 2 – Straitéis um Pleanáil Spásúil Mhuirí agus Met Éireann, Seirbhísí Réamhaisnéise agus na hÚdaráis Áitiúla	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Sligeach An tInbhear Mór	9 1
Modúl 3 – Oiliúint Ionduchtúcháin le haghaidh Comhaltaí Tofa	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	An Muileann gCearr Tiobraid Árann	9 2
Modúl 4 – An Próiseas Pleanála, an Comhalta Tofa agus ag Oifig an Rialaitheora Pleanála	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Dún Dealgan	5
Modúl 5 – Gníomhú ar son na hAeráide – Freagairt an Údaráis Áitiúil	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Baile Átha Luain Corcaí	5 3
Comhdháil Bhliantúil	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Longfort	11



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Seimineár Oiliúna an Fhómhair	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	Muineachán	12
Seimineár Oiliúna an Earraigh	Gníomhaireacht Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil (LAMA)	Óstán Bush, Cora Droma Rúisc Co. Liatroma	10
Seimineár Oiliúna an Fhómhair	Gníomhaireacht Bainistíochta na nÚdarás Áitiúil	Óstán Falls, Inis Díomáin, Contae an Chláir	14

Rinne ionadaíocht ar Údaráis Phoiblí agus Comhaltaí Tofa Comhaltaí Eile go dtí na Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2019

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin	Clifford Kelly, Shane P. O'Reilly, Madeleine Argue, Carmel Brady, Patrick O'Reilly, Paddy McDonald, Sarah O'Reilly
Fóram Sláinte Réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath	Philip Brady, Peter McVitty, Paddy McDonald
Bord Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil an Chabháin	Philip Brady, Madeleine Argue, Paddy McDonald
Údarás Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair	Sean Smith, Paddy Smith
Líonra Láir-Réigiúin Teorann na hÉireann (ICBAN)	Winston Bennett, Fergal Curtin
Irish Public Bodies Mutual Insurances Limited	Paddy O'Reilly
Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG)	Philip Brady, John Paul Feeley, Carmel Brady
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)	Winston Bennett
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil an Chabháin	Clifford Kelly, Patrick O'Reilly, Paddy McDonald
Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin	Shane P. O'Reilly, Clifford Kelly, Fergal Curtin, John Paul Feeley, Winston Bennett, Carmel Brady, Peter McVitty, Paddy Smith, Madeleine Argue, Damien Brady, Noel Connell, Paddy McDonald, Sarah O'Reilly



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Oirthuaiscirt	Shane P. O'Reilly
An Coiste Comhairleach maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe Áitiúla	John Paul Feeley, Paddy Smith, Daniel Downey, Damien Brady
Coiste Áitiúil Monatóireachta (Clár Uisce Tuaithe)	Sean Smith, Winston Bennett, John Paul Feeley
Fóram Oidhreacht Chontae an Chabháin	Val Smith, Damien Brady, Sarah O'Reilly

Déantar ionadaíocht d'Údaráis Phoiblí agus Comhaltaí Tofa Comhaltaí Eile i ndiaidh na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine 2019

Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin	Clifford Kelly, Sean Smith, Patricia Walsh, Brendan Fay, Sarah O'Reilly, Madeleine Argue, Carmel Brady
Fóram Sláinte Réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath	Aiden Fitzpatrick, Craig Lovett, Trevor Smith
Bord Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil an Chabháin	Brendan Fay, Paddy McDonald, Craig Lovett, Patricia Walsh, Madeleine Argue
Údarás Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair	Sean Smith, Craig Lovett
Líonra Láir-Réigiúin Teorann na hÉireann (ICBAN)	Patricia Walsh, Clifford Kelly, Winston Bennett
Irish Public Bodies Mutual Insurances Limited	Paddy McDonald
Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG)	John Paul Feeley, Shane P O'Reilly, Peter McVitty
Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)	Clifford Kelly
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil an Chabháin	Clifford Kelly, Aiden Fitzpatrick, T.P. O'Reilly
Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin	Sarah O'Reilly, Shane P. O'Reilly, Clifford Kelly, John Paul Feeley, Carmel Brady, Peter McVitty, Madeleine Argue, Paddy McDonald, Patricia Walsh, Aiden Fitzpatrick, Philip Brady, Craig Lovett, Brendan Fay, Trevor Smith, T.P. O'Reilly



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Oirthuaiscirt	Aiden Fitzpatrick, Carmel Brady
An Coiste Comhairleach maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe Áitiúla	John Paul Feeley, Patricia Walsh, Trevor Smith, Madeleine Argue
Comhaontas Aoisbhá	Brendan Fay, Carmel Brady
Coiste Áitiúil Monatóireachta (Clár Uisce Tuaithe)	John Paul Feeley, Sean Smith, Winston Bennett
Fóram Oidhreachta Chontae an Chabháin	Brendan Fay, Aiden Fitzpatrick, Shane P. O'Reilly, T.P. O'Reilly
Grúpa Stiúrtha um Chosc Féinmharaíthe agus Grúpa um Fheidmiú Pobail FFS an Chabháin/Mhuineacháin	Sarah O'Reilly, T.P. O'Reilly

Íocaíochtaí le Comhaltaí de Chomhairle Contae an Chabháin in 2019

Liúntas Speansas Bliantúil (speansais taistil, cothaithe agus ilghnéitheacha)	€91,147.49
Íocaíochtaí Ionadaíochta	€312,461.94
Liúntais don Chathaoirleach / Leas-Chathaoirleach (lena n-áirítear Údaráis Bhardasacha)	€42,000.00
Cathaoirligh an gCoistí um Beartas Straitéiseach	€27,500.00
Taisteal, liúntas cothaithe chun freastal ar Chomhdhálacha, Seimineáir	€9,057.92
Taisteal, liúntas cothaithe chun freastal ar Imeachtaí Oiliúna	€24,121.97
Taisteal, liúntas cothaithe chun freastal ar imeachtaí thar lear	€2,596.37



Coistí um Beartas Straitéiseach ó mhí an Mheithimh 2014 go dtí mí an Mheithimh 2019

Forbairt Eacnamaíoch	Comhshaol agus Pleanáil
An Comhairleoir (Clr) John Paul Feeley Cathaoirleach An Clr Carmel Brady An Clr Daniel Downey An Clr Peter McVitty An Clr Sarah O'Reilly Chris Kirk, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Thomas Rogers (Talmhaíocht) Gary Allison Nikki McGoohan	An Clr Damian Brady Chair An Clr Winston Bennett An Clr Fergal Curtin An Clr Val Smith An Clr Madeleine Argue Fintan McCabe (Comhshaol) Barry Kavanagh (LRP) Thomas Cooney (Talmhaíocht) Andrew O'Gorman (Chambers Ireland)
Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha	Iompar agus Bonneagar
An Clr Val Smith Cathaoirleach An Clr Noel Connell An Clr Clifford Kelly An Clr Patrick O'Reilly An Clr Shane P. O'Reilly Thomas Maughan (LRP) Madeleine Uí Mhealóid (LRP) Larry McCluskey (LRP)	An Clr. Paddy O'Reilly Cathaoirleach An Clr Paddy McDonald An Clr Paddy Smith An Clr Sean Smith An Clr Philip Brady Jim Maguire (LRP) Philip Smith (Talmhaíocht) Gary Meehan Pauline Flood



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Coistí um Beartas Straitéiseach ó mhí an Mheithimh 2019 go dtí mí an Mheithimh 2024

Seirbhísí Tithíochta, Cuimsithe Shóisialta & Corparáideacha	Gníomhaíocht Aeráide agus Bithéagsúlachta agus an Comhshaol
An Clr Val Smith Cathaoirleach An Clr Patricia Walsh An Clr Madeleine Argue An Clr Clifford Kelly An Clr Paddy McDonald An Clr Trevor Smith Theresa Thompson (Ceardchumann) Paul Elliott (Forbairt & Tógáil) Thomas Maughan (Cuimsiú Sóisialta) Leanne Coyle (Pobal / Deonach)	An Clr Philip Brady Cathaoirleach An Clr Madeleine Argue An Clr Winston Bennett An Clr T.P. O'Reilly An Clr Craig Lovett An Clr Shane P. O'Reilly Joseph Brady (Talmhaíocht & Feirmeoireacht) Fintan McCabe (Comhshaol / Caomhnú) Barry Wilson (Pobal / Deonach)
Forbairt Chultúrtha, an Ghaeilge agus Spórt	Iompar, Bonneagar & Seirbhísí Éigeandála
An Clr Clifford Kelly Cathaoirleach An Clr Philip Brady An Clr Paddy McDonald An Clr Craig Lovett An Clr Val Smith An Clr Shane P. O'Reilly Michelle Duffy Rudden (Gnó & Tráchtáil) Evija Nwaneri (Comhshaol / Caomhnú) Grainne McPhillips (Cuimsiú Sóisialta) Mary B Duffy (Pobal / Deonach)	An Clr. Sean Smith Cathaoirleach An Clr Peter McVitty An Clr Sarah O'Reilly An Clr T.P. O'Reilly An Clr Brendan Fay An Clr Trevor Smith Padraigh J Young (Talmhaíocht & Feirmeoireacht) Eamon Mulcahy (Pobal / Deonach)
Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil	
An Clr John Paul Feeley Cathaoirleach An Clr Peter McVitty An Clr Sarah O'Reilly An Clr Winston Bennett Clr Aiden Fitzpatrick An Clr Carmel Brady Thomas Rodgers (Talmhaíocht & Feirmeoireacht) Jim McGaughan (Forbairt & Tógáil) Tom Brady (Gnó & Tráchtáil) Stanley Nwaneri (Pobal / Deonach)	



Tabhartais Pholaitiúla

Ceanglaítear leis an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 (arna leasú) go dtabharfaidh Comhaltaí Tofa na nÚdarás Áitiúil ráiteas maidir le tabhartais dá nÚdarás Áitiúil faoin 31 Eanáir gach bliain ina soláthrófar sonraí maidir le tabhartais a fuair siad sa tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin. Níor fhógair na comhaltaí tofa tabhartais pholaitiúla ar bith don tréimhse an 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019 de réir na ráiteas maidir le tabhartais a chuir gach comhalta tofa isteach faoin 31 Eanáir 2019.

Plean Corparáideach

Ráiteas Misin: “Tús Áite a thabhairt don Chabhán”

Ár Luachanna

Déanfaimid ár ndícheall na luachanna a léiriú ar an dóigh a gcaithimid le daoine, a sholáthraímid seirbhísí agus a ndéanaimid teagmháil leis an bpobal agus le heagraíochtaí eile.

Bheith Ionracas	An fhírinne a insint
Bheith Cúirtéiseach	bheith múinte agus measúil
Cabhrach	bheith sásta cuidiú le daoine eile
Uaillmhianach	bheith rathúil
Nuálach	smaointe úra a iniúchadh
Forasach	bheith ag feabhas go leanúnach
Freagrach	bheith dáiríre faoinár ndualgas
Iontaofa	bheith ábalta brath orainn
Uilechuimsitheach	éagsúlacht a chuimsiú
Dícheallach	ár gcuspóirí a bhaint amach


Trí dhul leis na luachanna sin inár dteanga, inár n-iompar, inár gcaidreamh, agus inár gcinnteoireacht, cruthóidh Comhairle Contae an Chabháin éiteas dearfach dár mbaill foirne, dár bpáirtithe leasmhara agus do gach duine a gheobhaidh na seirbhísí a sholáthraímid.



An Plean Corparáideach

Glacadh an Plean Corparáideach i mí Aibreáin 2014 agus léirítear ann creat straitéiseach an Údaráis Áitiúil le haghaidh gníomhaíochta le linn shaolré na Comhairle. (Glacadh é i gcomhréir le halt 134 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna cur isteach le hAlt 49 den Acht Rialtais Áitiúil 2014

Is iad seo a leanas na Cuspóirí Straitéiseacha a sainithníodh sa Phlean Corparáideach 2015-2109:




I gcomhréir le halt 134 (9) (a) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ceanglaítear ar Chomhairle Contae an Chabháin Tuarascáil Bhliantúil um Dhul chun Cinn a ullmhú maidir le cur chun feidhme an Phlean Chorpóraidigh. Rinneadh agus cuireadh i láthair an t-athbhreithniú bliantúil sin mar chuid den tuarascáil um buiséad a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí ag tráth an chruinnithe buiséid reachtúil. Áiríodh sa tuarascáil bhliantúil um dhul chun cinn tuarascálacha a rinne ranna éagsúla agus tá sí forlíoanta le plean maidir le Soláthar Bliantúil Seirbhíse agus tuarascálacha míosúla na bpríomhfheidhmeannach. Tugadh chun suntais sa tuarascáil an dul chun cinn a



rinneadh le linn 2019 agus leagtar amach inti chomh maith an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le gealltanais a leagadh síos i bPlean Corparáideach na Comhairle don tréimhse 2014 -2019

An Fhoireann Bainistíochta



Eoin Doyle
Stiúrthóir Seirbhísí



Paddy Connaughton
Stiúrthóir Seirbhísí



Brendan Jennings
Stiúrthóir Seirbhísí



Margaret McNally
Ceann Airgeadais



Seirbhísí Tithíochta, Leabharlainne & Cultúrtha, Acmhainní Daonna & Seirbhísí Corparáideacha

Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as soláthar gach gné den fheidhm acmhainní daonna ina gcuimsítear earcaíocht, roghnú, agus eagrú foirne, oiliúint agus forbairt, leas na mball foirne, caidreamh tionsclaíoch, bainistíocht agus forbairt feidhmíochta, comhpháirtíocht san áit oibre, comhionannas agus éagsúlacht agus aoisliúntas.

Ar an 31 Nollaig 2019 bhí 413 ball foirne fostaithe ag an gComhairle. Is é seo a leanas líon na bpríomhbhall foirne i ngach ceann de na catagóirí:

Soláthar Foirne	Líon
Bainistíocht	4
Cléireach/Riarachán	184
Gairmiúil/Teicniúil	69
Allamuigh	131
Poist/Tionscadail ar Conradh	15
Sealadach/Séasúrach	10
Iomlán	413
Comhraiceoirí Dóiteáin Coimeádta	88

Earcaíocht

Le linn 2019 d'eagraigh an Rannóg Acmhainní Daonna 34 comórtas éagsúil le haghaidh poist éagsúla laistigh den Chomhairle. Mheall na comórtais sin 900 iarratasóir, ar fhreastail 650 duine acu ar agallamh agus go dtí seo ceapadh 40 ball foirne mar thoradh air sin. Áirítear ar na ceapacháin sin baill foirne a chuaigh leis an eagraíocht agus ardú céime do bhaill foirne a bhí ann cheana.

Leas na mBall Foirne

Aithnímid an gá atá ann gur gá do na baill foirne cothromaíocht oibre is baile a fháil. Tá rochtain ag na fostaithe ar réimse leathan scéimeanna a spreagann fostaithe cothromaíocht chuí oibre is saoil a bhaint amach. Áirítear ar na scéimeanna saoire



thuismitheoireachta, saoire force majeure, comhroinnte oibre, saoire ghearrthéarmach, bliain oibre níos gairide agus sosanna gairme.

Foghlaim & Forbairt

Soláthraíodh Clár cuimsitheach Oiliúna in 2019 ionas go mbeadh baill foirne ábalta a ról a chomhlíonadh ar bhealach muiníneach, inniúil agus cion éifeachtach a chur le fíis fhoriomlán na heagraíochta agus lena spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach. Soláthraíodh oiliúint foirne inar cuireadh béim shonrach ar shláinte agus ar shábháilteacht agus ar riachtanais oiliúna eagraíochta éigeantaí. Go carnach, soláthraíodh oiliúint do 987 ball foirne inmheánach agus 422 ball foirne allamuigh. Tacaíocht leanúnach le soláthar do bhaill foirne ar mian leo cláir staidéir breisoideachais a dhéanamh. Soláthraíodh oiliúint do na Comhaltaí Tofa i ndiaidh na dtoghchán i mí na Bealtaine 2019.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Is é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) an sásra a úsáidtear chun tacú le feidhmíocht agus í a fheabhsú ar an leibhéal aonair, foirne agus eagraíochta agus is bealach é do na baill foirne chun páirt a ghlacadh, chun tacú leo agus chun iad a fhorbairt. Tá an creat inniúlachta, atá leabaithe anois san eagraíocht do Bhainisteoirí Sinsearach agus Láir araon ina chuid lárnach den phróiseas PMDS. Tá an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí taobh thiar den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i gComhairle Contae an Chabháin

Táscairí Feidhmíochta NOAC

Teastaíonn Acmhainní Daonna chun na táscairí feidhmíochta i ndáil le saoire bhreoiteachta a chur i gcrích. Níl staitisticí le haghaidh 2019 ar fáil fós ach cuireadh na staitisticí seo a leanas isteach i ndáil le 2018:

% de na laethanta oibre a cailleadh de dheasca tinnis		
	Saoire Bhreoiteachta le Teastas	Saoire
Bhreoiteachta gan Teastas		
2018	4.51%	0.20%



Saoráil Faisnéise (SF)

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ar an 21 Aibreán 1998. Rinneadh an reachtaíocht reatha maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) a achtú agus a chur i bhfeidhm ar údaráis áitiúla i nDeireadh Fómhair 2014. Foráiltear in Acht SF 2014 go bhfuil na cearta dlíthiúla ag gach duine chun:

- rochtain a fháil ar thaifid atá coinnithe ag Ranna Rialtais nó ag comhlachtaí poiblí eile mar a shainítear san Acht.
- go ndéanfaidh faisnéis phearsanta atá coinnithe acu a cheartú nó a nuashonrú i gcás go mbeadh faisnéis dá leithéid neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- go dtabharfaidh cúiseanna dóibh le cinntí arna ndéanamh ag comhlachtaí a bhaineann leo.

Staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise (SF) 2019:

Cásanna a tugadh ar aghaidh ó 2018:	4
Líon na n-iarratas a fuarthas:	110
Líon na n-iarratas a deonaíodh:	93
Líon na n-iarratas a deonaíodh i bpáirt:	4
Líon na n-iarratas a diúltaíodh:	12
Aistarraingthe/Déileáladh leo lasmuigh den SF:	5

Cosaint Sonraí

Tháinig an RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018. Tá raon feidhme, caighdeáin agus smachtbhannaí níos leithne leis an RGCS agus meastar go bhfuil sé níos oiriúnaí sa ré dhigiteach.

Tugadh na cearta seo a leanas do baill den phobal:

- an ceart chun eolas a fháil;
- an ceart chun rochtana;
- an ceart chun go ndéanfaí ceartúchán;
- an ceart go ndéanfaidh scriosadh;
- an ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil;



- an ceart chun iniomparthacht sonraí;
- an ceart chun cur i gcoinne;
- ceart i ndáil le cinnteoireacht uathobrithe agus próifiliú.

Mar Rialaitheoir Sonraí tá oibleagáid dhlíthiúil ar Chomhairle Contae an Chabháin faoi reachtaíocht chun:

- iad a phróiseáil go dleathach, go cóir agus ar bhealach trédhearcach;
- iad a bhailiú le haghaidh cuspóir sonrach, follasach agus dlisteanach amháin nó níos mó, agus gan iad a úsáid seachas sin ar bhealach nach dtagann leis na cuspóirí sin;
- A chinntiú go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá don chuspóir ar próiseáladh iad ina leith;
- iad a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta agus sonraí míchruinne ar bith a scríosadh nó a cheartú gan mhoill;
- I gcás go gcoinnítear ar bhealach lenar féidir an duine a mbaineann siad leis nó léi a aithint, gan iad a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá;
- iad a choinneáil slán trí na bearta eagraíochtúla teicniúla agus/nó slándála cuí a úsáid;
- Bheith ábalta do chomhlíonadh maidir leis na prionsabail thuas a thaispeáint; agus
- Freagra a thabhairt ar iarratais ar bith ó dhaoine aonair ar mian leo a gcearta um chosaint sonraí a fheidhmiú (mar shampla an ceart chun iad a rochtain).

Staitisticí maidir le Cosaint Sonraí 2019: Iarratas ar Rochtain Ábhair

6

Nochtadh Cosanta

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm ar an 15 Iúil 2014. I gcomhréir le hAlt 22 den Acht sin, tá sé d'oibleagáid ar Chomhairle Contae an Chabháin líon na nochtuithe cosanta an bhliain roimhe sin a thuairisciú don Chomhairle.

Sonraítear in Alt 22:



- (1) Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, déanfaidh gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil leis an mbliain díreach roimhe sin i bhfoirm nach gcumasófar léi na daoine a bheidh i gceist a shainaithint agus ina mbeidh faisnéis a bhaineann leis na nithe a shonraítear i bhfo-alt (2).
- (2) Is iad seo a leanas na nithe sin -
 - (a) an líon nochtaí cosanta a rinneadh don chomhlacht poiblí,
 - (b) an gníomh (más ann) a rinneadh mar fhreagra ar na nochtaí cosanta sin, agus
 - (c) cibé faisnéis eile a bhaineann leis na nochtaí cosanta sin agus leis an ngníomh a rinneadh a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

I gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, tuairiscíonn Comhairle Contae an Chabháin nach bhfuair sí nochtadh cosanta ar bith sa tréimhse 12 mhí dar críoch an 27 Meitheamh 2019.

Plean Corparáideach

Tá obair ar siúl ar fhorbairt Phlean Corparáideach 2019-2024. Áiríodh leis sin seisiún comhairliúcháin a chur i gcrích lenár gComhairle Thofa chomh maith le comhairliúchán lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha. Sa Phlean Corparáideach úr léireofar an réimse cuspóirí corparáideacha straitéiseacha a sholáthrófar thar shaolré an phlean.

Cruinnithe agus Comhaltaí Tofa na Comhairle

Tá an fhreagracht ag na Seirbhísí Corparáideacha as cruinnithe iomlánacha na Comhairle a riar agus soláthraíonn siad tacaíocht don Chathaoirleach agus do na Comhaltaí Tofa lena bhfeidhmeanna agus lena ndualgais a chomhlíonadh.

In 2019 d'eagraigh na Seirbhísí Corparáideacha líon fáiltithe Cathaoirligh, fáiltithe Cathartha agus fáilte oifigiúil le haghaidh Ambasadóirí agus piardaí a thug cuairt ar an gComhairle.

Clár na dTogthóirí

Tá an fhreagracht ag na Seirbhísí Corparáideacha as Dréachtchlár agus Clár beo na dTogthóirí a chur le chéile agus as an Forlíonadh leis an gClár a chur le chéile.

Foilsítear an Clár gach bliain ar an 1 Feabhra agus tagann sé i bhfeidhm ar an 15



Feabhra den bhliain sin.

Tá an clár comhdhéanta de na catagóirí toghthóirí seo a leanas: Toghthóirí an uachtaráin, na Dála, Eorpacha agus Rialtais Áitiúil. Dearbhófar le saoránacht duine a gcatagóir agus an cineál toghcháin a mbeidh siad ábalta vóta a chaitheamh aige mar a thaispeántar thíos.

Saoránacht	Cineál toghcháin a bhfuil sé nó sí incháilithe chun vótáil aige
Saoránaigh na hÉireann	Gach Toghchán agus Reifreann
Saoránaigh na Breataine	Toghcháin na Dála, Eorpacha agus Áitiúla
Saoránaigh Eorpacha Eile	Toghcháin Eorpacha agus Áitiúla
Saoránaigh Neamh-AE	Toghcháin Rialtais Áitiúil amháin

Le bheith incháilithe chun clárú mar thoghthóir, ní mór do dhuine a bheith:

- 18 mbliana d'aois nó níos sine ar an 15 Feabhra an bhliain a thiocfaidh an Clár i bhfeidhm.
- Gnáthchónaí a bheith air nó uirthi i gceann de na trí dtoghcheantar ar an 1 Meán Fómhair an bhliain sula dtiocfaidh an Clár i bhfeidhm.

Ba é 55,655 an líon iomlán Toghthóirí sa Chontae do Chlár na dToghthóirí 2019/2020. Le Tuarascáil an Choimisiúin Dáilcheantar 2012 baineadh 36 toghroinn cheantair, a luadh go scaoilte sa tuarascáil mar “iarthar” Chontae an Chabháin, ó dháilcheantar an Chabháin-Mhuineacháin go dtí an dáilcheantar úr ina gcuimsítear Sligeach, Liatroim agus chuid de Dhún na nGall. I ndáil leis an Acht Toghcháin (Dáilcheantair) (Leasú) 2017 (Uimh. 39 den 2017) a shínigh an tUachtarán isteach sa dlí ar an 23 Nollaig 2017, beidh Contaetha an Chabháin agus Mhuineacháin, le cuid den daonra ó dháilcheantar Oirthear na Mí ina gcuid de dháilcheantar an Chabháin-Mhuineacháin a bheidh ina dháilcheantar 5 shuíochán.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Toghcheantar Áitiúil	Líon na dTogthóirí
Coill an Chollaigh-Muinchille	19,958
Bhaile Shéamais Dhuibh	19,734
An Cabhán-Béal Tairbirt	17,789
Iomlán	57,481

Ba bhliain shuntasach í 2019 dár gcomhaltaí tofa agus ár saoránaigh ag dul amach le vótáil ar na 24 Bealtaine chun 18 gcomhalta a thoghadh chun suí ar Chomhairle Contae an Chabháin. Chuaigh tríocha a trí iarrthóir ar an iomlán san iomaíocht don toghchán áitiúil i gContae an Chabháin, 13 i gCeantar Bardasach Choill an Chollaigh-Mhuinchille, 11 i gCeantar Bardasach an Chabháin-Bhéal Tairbirt agus 9 i gCeantar Bardasach Bhaile Shéamais Dhuibh. Toghadh sé chomhalta i ngach ceann de na trí Cheantar Bhardasacha.

Clár Léitheoireachta *Little Acorns, Mighty Oaks 2019*

D'oibrigh Comhairle Contae an Chabháin agus Scoil Náisiúnta Naomh Féilim i gcomhpháirtíocht ar an gclár léitheoireachta iontach 6 seachtaine sin in 2019 a leanfar leis in 2020. Ghlac deich mball foirne mar aon le 20 buachaill ón dara rang ón scoil páirt sa tionscnamh "léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr" uair amháin sa tseachtain i Leabharlann an Chabháin. Sholáthair na baill foirne tacaíocht luachmhar léitheoireachta i gcomhthéacs thuiscint agus líofacht na bpáistí. Chun buíochas a ghabháil, scríobh na daltaí an buíochas álainn seo!

***"A Chomhairle Contae an Chabháin, ba mhian leo a rá léat,
Gurbh bhréa liom an dóigh ar thug tú an t-eolas atá agam anois dom.
Istigh i mo chuid leabhar, faighim domhan
ina bhfuil gáire agus cairdiúlacht agus go leor cor.
Tá an léitheoir ionaim saolaithe arís go cinnte,
Go deimhin, is léitheoir craosach leabhar anois mé!***



Ní bheidh tú choíche róshean, ró-amaideach, rófhiáin, le leabhar a phiocadh suas agus é a léamh le páiste

Tá an-áthas orm gur roghnaigh tú mé, chun mé a theorú, a theagasc, chun fáilte chineálta a chur romham agus bheith ag léamh liom gach seachtain

***Beidh cuimhne agam i gcónaí ar an turas seo leatsa
Go raibh céad míle maith agat, braithfidh mé uait thú.”***

Tithíocht

Is é an príomhchuspóir leis an tithíocht a chinntiú go gcuirfear caighdeán imleor cóiríochta tithíochta ar fáil do dhaoine a oireann dá riachtanais, agus a mhéid is féidir, ina rogha suímh agus tionachta agus seirbhíse tithíochta fhreagrúil thacúil a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh uathu. In 2019 leanadh leis an éileamh ard ar sheirbhísí agus an méadú ar an ngníomhaíocht soláthair i réimse na Tithíochta agus na Tacaíochta Sóisialta.

An Gá le Tacaíocht Tithíochta Sóisialta

Rinneadh an Measúnú bliantúil ar Riachtanais Tithíochta do mhí na Bealtaine agus do mhí an Mheithimh 2019. Ar lá an mheasúnaithe, i.e. an 11 Meitheamh cháiligh 979 teaghlach san iomlán le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta. Bhí cineál éigin tacaíochta á fáil ag 371 díobh sin cheana agus rinne siad iarratas ar aistriú, rud a fhágann gurbh ionann an nglánghá le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta sa chontae agus 608. Léirigh sa mhéid seo a leanas na bearta éagsúla atá ar fáil chun freastal ar an ngá.

Leithdháileadh Tithe Comhairle

Ligeadh 99 teach comhairle ar cíós le linn na bliana agus bhí 57 teach eile á ligean ar cíós ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Ciallaíonn sé sin go raibh 156 aonad buan cóiríochta á ligean do dhaoine a bhí i ngátar. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur diúltaíodh 23% de na tairiscintí cóiríochta ar fad le linn na bliana.



Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Cineál tacaíochta tithíochta sóisialta is ea an Scéim ÍCT trína dtugann an Chomhairle cúnaimh airgeadais do dhaoine atá incháilithe a bhfuil áit á ligean ar cíos acu san earnáil phríobháideach. Bhí 485 tionóntacht ghníomhach ar an iomlán ann faoin 31 Nollaig 2019. Ní mór cigireacht a dhéanamh ar gach réadmhaoín ÍCT laistigh de 8 mí ón am a rinneadh an chéad íocaíocht leis an Tiarna talún. Rinneadh 131 cigireacht san iomlán in 2019.

Scéim um Chóiríocht ar Chíos (RAS)

Leanadh leis an Scéim RAS a fheidhmiú go rathúil in 2019 agus bhí a lán gníomhaíochta ann in ainneoin dúshlán mar gheall ar an laghdú ar infhaighteacht réadmhaoine oiriúnacha i roinnt bailte agus sráidbhailte. Ceann de na dúshláin eile a bhí ann in 2019 ná cúnaimh a thabhairt do thionóntaí RAS a fuair Fógra chun Scoir, ag cur deireadh lena dtionóntachtaí. Iomlán na dtionóntachtaí gníomhacha - 545 (lena n-áirítear Comhlacht Ceadaithe Tithíochta).

Léasú Réadmhaoine

Faoi scéim um léasú tithíochta sóisialta bhí 36 comhaontú gníomhach um léas i bhfeidhm le tiarnaí talún príobháideacha agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT) a sholáthraíonn 89 aonad cóiríochta. Tá siad sin ar fad á ligean ar cíos d'iarratasóirí cáilithe ar a liosta feithimh.

An Scéim maidir le Cíos in Aonad Morgáiste

Tionscnamh is ea an Scéim maidir le Cíos in Aonad Morgáiste chun cuidiú le húinéirí tí atá i mbaol a dteach a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Amhail an 31 Nollaig d'éirigh le 10 n-úinéirí tí dul isteach sa scéim agus bhí 3 úinéirí tí eile a bhí cláraithe ag feitheamh ar chur i gcrích agus bhí 9 n-iarratas á bpróiseáil.

Iasachtaí agus Ceannach Tionóntaí

Lean an Chomhairle le hiasachtaí a thairiscint do cheannaitheoirí céaduaire faoin



Scéim um Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann. Ag deireadh 2019, íocadh 4 iasacht amach agus ceadaíodh 5 cinn eile agus ceadaíodh 10 gcinn i bprionsabal. Cheannaigh 4 theaghlach tionóntaí á dtithe faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach).

Deontas do Thithe Príobháideacha

Tá trí chineál deontais ann a sholáthraíonn an chomhairle: Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas agus Scéim um Míchumas, Scéim Deontais Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta agus an Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. Tá na scéimeanna ceaptha chun cuidiú le daoine fanacht ina dtithe i gcás nach bhfuil siad oiriúnach chun freastal ar a riachtanais a thuilleadh. Caitheadh €1,280,866 san iomlán ar dheontais in 2019 faoi mar a leanas:

Deontas	Líon	Méid
Deontas um Oiriúnú Tithe do dhaoine faoi Mhíchumas	42	€594,803
An Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	80	€508,059
Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta	30	€177,004
Iomlán	153	€1,280,866

Clár um Chóiríocht do Thaistealaithe

De bhun Alt 8 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1988, ghlac an Chomhairle Clár úr um Chóiríocht do Thaistealaithe (CCT) 2019 – 2024 ag a cruinniú i mí Mheán Fómhair i ndiaidh dul tríd an bpróiseas foirmiúil maidir le plan úr a ullmhú. Dearbhaíodh in athbhreithniú ar CCT 2014 – 2018 gur chomhlíon an Chomhairle a spriocanna comhaontaithe thar a shaolré.



Tá ról gníomhach ríthábhachtach ag LTACC an Chabháin in ullmhú agus i gcur chun feidhme an Chláir um Chóiríocht do Thaistealaithe i gContae an Chabháin. Arna chur ar bun faoi Alt 21 agus 22 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 bunaíodh na Coistí Comhairliúcháin um Chóiríocht do Thaistealaithe (LTACC) chun comhairliúchán a éascú idir na hÚdaráis Tithíochta agus Taistealaithe chun comhairle a thabhairt ar gach gné den chóiríocht le haghaidh Taistealaithe, agus chun comhairle a thabhairt ar ullmhú agus ar chur chun feidhme aon chlár cóiríochta.

Tá ballraíocht LTACC an Chabháin comhdhéanta de 12 bhall agus comhdhéanann 4 Chomhalta Údaráis Áitiúil, 4 Ionadaí Taistealaithe agus 4 Oifigeach Údaráis Áitiúil ballraíocht LTACC.

Ag deireadh 2019, bhí tacaíocht tithíochta sóisialta á fáil ag 120 teaghlach taistealaí ar an iomlán.

Clár um Athlonnú Dídeanaithe

Sannadh 20 teaghlach don Chontae faoi Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint Cuireadh maoiniú €249,698 ar a mhéad ar fáil don Chomhairle, mar chomhordaitheoir ar an Tionscadal um Athlonnú ó gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht. I ndiaidh próiseas tairisceana foirmiúil, cheap an Chomhairle Breffni Integrated mar Fheidhmeoir an Chláir. D'fhostaigh Breffni Integrated Oibrí Tacaíochta um Athlonnú agus Oibrí Idirchultúrtha arb é a bpost cuidiú le Dídeanaithe lena chinntiú gur féidir le Dídeanaithe socrú isteach sa phobal, gur féidir leo seirbhísí a rochtain go cuí agus gur féidir leo caidreamh a mhairfidh a chothú leis an bpobal áitiúil. Socraíodh 13 theaghlach san iomlán isteach sa Chontae in 2019.

Bainistíocht Eastát

Tá an Chomhairle ag obair go gníomhach i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí ar fud an chontae chun feabhas a chur ar chuma agus ar thimpeallacht mhaireachtála na láithreacha poiblí. Chuige sin, chuidigh an Chomhairle le bunú líonra cumainn cónaitheoirí ar a dtugtar Foirne Bainistíochta Eastát chomh maith, i limistéir tithíochta



sóisialta. In 2019 bhí 83 Foireann Bainistíochta Eastát (FBEnna) gníomhach agus cláraithe go foirmiúil leis an gComhairle.

Feabhsú Eastát

Eagraíonn an FBE imeachtaí sóisialta agus pobail gach bliain, amhail laethanta scuabtha sráide, ealaín phobail, laethanta spraoi do theaghlaigh, tionscadail oidhreacht agus tionscnaimh chun an fiadhúlra agus an bhithéagsúlacht a chosaint. Gné thábhachtach de chuid oibre na FBEnna is ea comharsana a chuimsiú i saol an phobail agus páirt a thabhairt do chónaitheoirí i bpleananna dá sráid. Áiríodh ar oibreacha feabhsúcháin eastát a rinne grúpaí deonacha in 2019 cothabháil ar cheantair ghlasa, cur crann, bláthanna agus tor, gairdíní pobail, baint uisce báistí agus láithreacha múirínithe pobail.

Scéim Deontas agus Dámhachtainí Eastát

Soláthraíonn an Chomhairle maoiniú do ghrúpaí cónaitheoirí i gceantair tithíochta sóisialta tríd an Scéim bhliantúil Deontas agus Dámhachtainí Eastát. Ghlac 78 Eastát Údaráis Áitiúil ar an iomlán páirt inti in 2019. Dámhadh deontas ar gach grúpa eastáit rannpháirteach agus chuir siad isteach ar scéim duaiseanna. Is é an cuspóir leis an scéim na hiarrachtaí iontacha a dhéanann grúpaí nó daoine aonair atá tiomanta d'fheabhas a chur ar chum luach taitneamhachta ceantar poiblí a aithint agus tacú leo.

Bronnadh duaiseanna sna catagóirí seo a leanas: An Teach agus Gairdín Aonair is Fearr, an Grúpa Óige is Fearr, an Duais don Uaschúrsáil is Fearr agus an Ghné Speisialta is Fearr. Leithdháileadh Duaiseanna um Shaor ó Bhruscar chomh maith ar roinnt eastát.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council





Tógáil Tithíochta

Tá Roinn na Tógála Tithíochta freagrach go príomha as cothabháil stoc tithíochta na Comhairle de 2081 teach, scéimeanna um thógáil tithe sóisialta úra agus ceanna tithe atá chun cheana lena n-úsáid ag an gcomhairle mar thithíocht shóisialta faoi úinéireacht na comhairle.

Lena chois sin, tá Roinn na Tógála Tithíochta freagrach as deisiúcháin réamhligin, oibreacha aísfheistithe fuinnimh agus móroibreacha athchóirithe ar thithe fholmha.

Tagann maoiniú i gcomhair cothabháil tithe atá ann cheana as acmhainní dílse na Comhairle agus soláthraíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú i gcomhair an chlár caipitil le haghaidh tógáil agus ceannach tithe úra

Is é seo a leanas na Leithdháiltí um Maoiniú Caipitil a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil:

(i) Clár um Thógáil Tithe	€ 967,355
(ii) Clár um Cheannach Tithe	€ 6,310,253
(iii) Comhlachtaí Tithíochta Deonacha - Maoiniú CAS & CALF	€ 3,682,996
(iv) Clár um Aisfheistiú Fuinnimh	€ 277,478
(v) Clár um Thithe Fholmha	€ 117,161
Iomlán	€ 11,322,243

Clár um Thógáil Tithíochta Sóisialta

In 2019, chuir Comhairle Contae an Chabháin 11 aonad tithíochta sóisialta nuathógtha ar fáil - 8 gcinn ag Achadh na Madadh, ag an Mullach, agus 3 cinn ag Doire Chruinnill, Baile Shéamais Dhuibh.



Cuireadh Scéim Tithíochta Úr ag Achadh na Madadh, an Mullach i gcrích in 2019.

Lena chois sin, sholáthair Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta 37 aonad tithíochta sóisialta nuathógtha - 29 aonad ag Mainéar an Chaisleáin, an Cabhán agus 8 gcinn ag n-aonad ag Rampart View, Achadh an Iúir.

In 2019, rinneadh dul chun cinn suntasach chomh maith ar thionscadail eile atá ag céimeanna éagsúla ceadaithe leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Cuireadh 17 n-aonad chun cinn go ceadú Chéim 4;

- 11 aonad ag “Doire Chrinnill”, Baile Shéamais Dhuibh.
- 4 aonad ag Cois Truas, Béal Átha na nEach.
- 2 aonad ag Bóthar Chluain Eois, Droichead an Bhuitléir.

Cuireadh 34 aonad chun cinn go ceadú Chéim 2;

- 19 n-aonad ag an bPríomhshráid, an Mullach.
- 15 aonad ag Bóthar an Chabháin, Béal Átha na nEach.

Cuireadh 44 aonad chun cinn go ceadú Chéim 1;

- 22 aonad ag Machaire an Iúir, Muinchille.
- 13 aonad ag Elm Grove, Baile an Chabháin.
- 6 aonad ag an bPríomhshráid, Droichead an Bhuitléir.
- 3 aonad ag Cluain Dara, Cúirt an Rí.



Clár na gCeannachán um Thithíocht Shóisialta

Chuir an Chomhairle ceannach 45 teach i gcrích in 2019.

Clár Oibreacha ar aonaid tithe folmha

Fuarthas maoiniú €112,500 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun oibreacha feabhsúcháin ar thithe folmha a chur i gcrích.

Clár maidir le Cothabháil Tithíochta

Caitheadh suim €781,532.40 i mbuiséad 2019 le haghaidh gnáthchothabháil tithíochta.

Plean Corparáideach 2015 - 2019

Tacaíonn na cláir oibre ar fad thuas a rinne Roinn na Tógála Tithíochta go díreach leis an gClár Corparáideach 2015-2019, go háirithe “Cuspóir Straitéiseach 4: Cumas Bonneagair a Phleanáil agus a Fhorbairt” lena mbaineann Cuspóirí sonracha Tithíochta mar a leanas:

- 4.2b: Clár bliantúil infheistíochta le haghaidh Tithíocht Shóisialta a fhorbairt chun an Straitéis Náisiúnta Tithíochta a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil.
- 4.2c: Clár bliantúil um Chothabháil agus Aisfheistiú Pleanáilte a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtúlacht fuinnimh na tithíochta sóisialta.

Gnóthaí Leabharlainne agus Cultúrtha

Seirbhísí Leabharlainne an Chabháin

Cuireadh tús le caibidil úr in 2019 d'úsáideoirí leabharlainne ar fud na tíre le baint na bhfíneálacha ón 1 Eanáir 2019 i leith. Ní chaithfidh baill Sheirbhísí Leabharlainne Chontae an Chabháin fíneálacha a íoc as earraí malla agus ní bhaileofar fíneálacha ar bith atá ann cheana nuair a thabharfar earraí malla ar ais. Is é sin céim an-suntasach i dtreo bacainní a bhaint agus seirbhís níos cuimsithí a fhorbairt do chách.



Clár Imeachtaí

Sholáthair Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin clár fairsing imeachtaí i rith na bliana, lenar ceiliúradh feachtais náisiúnta agus áitiúla araon. I measc na mbuaicphointí in 2019 bhí Seachtain na Gaeilge i mí na Mhárta, Bealtaine i mí na Bealtaine, Seachtain Oidhreacht a mí Lúnasa, Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair agus Féile Eolaíochta an Chabháin-Mhuineacháin i mí na Samhna.

Cuireadh Tionscnaimh Náisiúnta, *'Right to Read'*, *'Healthy Ireland at your Library'* agus *'Work Matters at the Library'* faoi mar atá leagtha amach i Straitéis Leabharlann phoiblí *'Our Public Libraries 2022'*, chun feidhme ar na Seirbhíse Leabharlainne in 2019.

Tacaíonn *'Right to Read'* le forbairt na litearthachta, agus sholáthair Leabharlanna an Chabháin clár tacaíochta amhail cuairteanna ranga i gcomhpháirtíocht le scoileanna, imeacht *Spring into Storytime* do theaghlach i mí Aibreáin agus sceideal an-mhealltach *Summer Stars* inar gcuimsíodh ceardlanna ealaíne agus ceardaíochta, seónna draíochta, cuairteanna ó údair agus scéalaíocht mar aon le Am Teaghlach speisialta ag do Leabharlann i mí na Nollag. Bhronn an tUasal Seán Canney, TD, an tAire Stáit ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail Duais le haghaidh an Fheachtais um Cheart chun Léitheoireachta ar Sheirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin, i mí Dheireadh Fómhair 2020, mar aitheantas ar ár n-iarrachtaí leanúnacha chun tacú le forbairt litearthachta tríd an tseirbhís leabharlainne. Ghlac Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin páirt i dtionscnamh faoi stiúir na Comhairle chun tacú le léitheoireacht chomhroinnte le páistí ó Scoil Náisiúnta Naomh Féilim le linn na bliana acadúla 2018/2019 agus déanfaidh siad amhlaidh arís le linn 2019/2020.

Bhí an-tóir ag an bpobal áitiúil ar an tionscnamh *Healthy Ireland at your Library* agus cuireadh chun cinn go maith é ar Raidió Northern Sound ar a gcaoladh roinnt agallamh le cainteoirí ón gclár *Healthy Ireland at your Library*, lena n-áirítear:

*Stella O'Malley, Gairmí meabhairshláinte, údar sárdhíola agus scríbhneoir rialta ar raidió Newstalk agus The Irish Independent, a sholáthair caint i Leabharlann Lárnach Bhaile Sheáin do os cionn 130 ar "Bully-Proof Kids: Raising Happy Kids in an Anxious World" agus



*Dr Paul Gaffney, Síceolaí FSS, David Kearney, Cóiste Oilimpeach a labhair faoin dóigh ar féidir le tuismitheoirí cuidiú lena bpáistí ullmhú do scrúduithe.

Le *'Work Matters at the Library'* soláthraítear tacaíocht do ghnó agus d'fhostaíocht, trí rochtain ar acmhainní ábhartha reatha faisnéise, saoraidí TF etc.

Tá ról lárnach ag ár leabharlanna brainse maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí pobail áitiúla trí ionaid agus promóisean a sholáthar d'imeachtaí, mar shampla, d'óstáil Leabharlann Choill an Chollaigh taispeántas grianghrafadóireachta mar chuid den Fhéile áitiúil Lár an tSamhraidh i mí Iúil, agus d'óstáil Leabharlann Mhuinchille ceardlanna agus taispeántas ealaíne mar chuid d'Fhéile Ealaíon Mhuinchille.

Ag Obair i gComhpháirtíocht

Admhaíonn Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin an ról tábhachtach atá ag an lear mór comhpháirtithe a n-oibrímid leo lenár gcláir bhliantúla a sholáthair, lena n-áirítear Roinn Pobail agus Fiontraíochta Chomhairle Contae an Chabháin, an Fhoireann Chultúir, Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin, agus gníomhaireachtaí seachtracha amhail BOO an Chabháin/Mhuineacháin, Comhairle Contae Mhuineacháin, FSS agus go leor eile.

Tá ról lárnach ag Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin i gcomhordú an chlár Éire Chruthaitheach don chontae agus i measc na mbuaichphointí do 2019 bhí Féile Ealaíon an Chabháin i mí na Bealtaine agus Cruinniú na nÓg i mí an Mheithimh. Bhí *Cruinniú na nÓg*, lá náisiúnta chun cruthaitheacht a cheiliúradh i measc páistí agus daoine óg, ar siúl Dé Sathairn an 15 Meitheamh agus bhí réimse gníomhaíochtaí ar siúl i Leabharlann Lárnach Bhaile Sheáin agus ionaid chultúrtha eile ar fud an Chontae.

Tá Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin bródúil as sraith ardchaighdeán léachtaí staire a sholáthar ar chúrsaí lena mbaineann suim áitiúil agus náisiúnta. Rinneadh tairiscintí na Leabharlainne a threisiú tuilleadh trí leithdháileadh maoiniúcháin do Dheich mBliana na gComórthaí Céad Bliana a thacaigh le léirithe éagsúla sna leabharlanna brainse in 2019, lena n-áirítear léacht an Dr Dónal



McAnallen ar CLG sa Chabhán 1918-1921. Tá dlúthcheangail ag an tseirbhís leabharlainne leis an grúpa stairiúil áitiúil, Cumann Seanchais Bhréifne agus i mí na Samhna, d'óstáil siad seoladh 'Society and Administration in Ulster's plantation towns' arna chur in eagar ag an Dr Brendan Scott, agus tugadh léacht ina dhiaidh dar teideal 'The Church of Ireland diocese of Kilmore in 1622'.

Bhí Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin réamhghníomhach maidir le maoiniú Peace IV a fháil le haghaidh tionscadal in 2018 agus 2019. Cuimsíodh sa tionscadal in 2018, 'Voices of the Troubles' 85 agallamh le rannpháirtithe ó limistéar teorann an Chabháin/Fhear Manach i ndáil lena n-eispéiris maidir le bheith ag maireachtáil ar feadh 30 le coinbhleacht i dTuaisceart Éireann ó 1968 go 1998, agus bhí sé dírithe ar chaidreamh dearfach a chothú le daoine ó chúlraí agus ó phobail éagsúla ón dá thaobh den teorainn agus tacú le síocháin agus athmhuintearas. Cuireadh Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin ar an ngearrliosta le haghaidh Duais Chambers Ireland le haghaidh Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil in 2019 don tionscadal sin.

In 2019 thacaigh Clár Peace IV de chuid AE, arna bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE, le forbairt foilseacháin de 'Royalists, Rebels and Revolutionists: A History of County Cavan's Revolution 1912 – 1923' le duine de bhunadh anMhullaigh agus údar, Johann Farrelly. Tionóladh an seoladh leabhair i Leabharlann Lárnach Bhaile Sheáin i mí na Bealtaine 2019.

Tá pleananna le haghaidh le haghaidh agus ionad cathartha úr in Achadh an Iúir á gcur chun cinn le ceadú Chéim 2 deonaithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in 2019.

Fuair Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin deontas €13,297.50 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tionscadail shaincheaptha a sholáthar chuig pobail imeallaithe, pobail atá eisiata go sóisialta agus pobail faoi mhíbhuntáiste de réir na straitéise leabharlann poiblí úir, Ár Leabharlanna Poiblí 2022 - Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumhachtú. Áiríodh ar na tionscadail ceardlanna drámaíochta cruthaithí do dhaoine éagsúla ag a bhfuil cumais uathúla, agus clár scéalaíochta, véarsaíochta agus ceardaíochta do pháiste réamhscolaíochta ó cheantair faoi mhíbhuntáiste, agus cuireadh iompar ar fáil leis.



Soláthraíonn Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin seirbhís ríthábhachtach i gcroílár gach pobail ar a bhfreastalaíonn sí agus úsáidtear leabharlanna brainse mar spásanna cathartha atá ar fáil agus fáilteach do chách. Aithníodh cáilíocht ár dtairiscintí, agus is cóir sin, nuair a thuill sé Duais Iris na hEarnála Poiblí *County Library Service of the Year* le haghaidh 2019.

Forbairtí Soláthair Foirne:

Tom Sullivan, a d'éirigh as i mí na Bealtaine 2019, i ndiaidh dó bheith ag obair do Sheirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin ó bhí 1982 ann. Mar Leabharlannaí Contae, bhain Tom méid fairsing amach. Áiríodh leis sin a chuid oibre mar Chathaoirleach ar Choiste Cultúrtha Chomhairle Contae an Chabháin agus a ról mar Chomhordaitheoir ar Chlár rathúil Éire Chruthaitheach Chomhairle Contae an Chabháin. Guíonn gach duine ag Comhairle Contae an Chabháin sláinte agus sonas air ina scor. Ceapadh Emma Clancy sa ról mar Leabharlannaí Contae le Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin i mí an Mheithimh 2019.

Straitéis Rannpháirtíochta Diaspóra an Chabháin 2017 – 2021 agus *Cavan Calling* 2020.

Mar chuid de Straitéis Rannpháirtíocht Diaspóra an Chabháin, chuir Comhairle Contae an Chabháin tús le pleananna chun *Cavan Calling* 2020 a óstáil, mórchrúinniú de mhuintir an Chabháin ar fud na cruinne i mí Lúnasa 2020 agus tionscnamh *Cavan Calling* sceidealaithe le bheith ar siúl ar an 22 Lúnasa 2020. Bunaíodh coiste tras-earnála chun an t-imeacht a phleanáil agus eisíodh nuachtlitir inar tugadh sonraí faoin bhFéile *Cavan Calling* chuig na mílte daoine sa bhaile agus thar lear i mí na Nollag.



Íomhá: Rannpháirtithe ag freastal ar chúrsa ar Fhíodóireacht Ciseán i Leabharlann Choill an Chollaigh, a réachtáladh i gcomhpháirtíocht le BOO an Chabháin-Mhuineacháin Aitheantas Grianghrafadóireachta: Seirbhísí Leabharlainne an Chabháin



Íomhá: Páistí ag baint sult as gníomhaíochtaí i Leabharlann an Chabháin mar chuid de cheiliúradh Chruinniú na nÓg 2019. Aitheantas Grianghrafadóireachta: Adrian Donohoe Photography



Cur chun cinn na Gaeilge

Cuireann Comhairle Contae an Chabháin forbairt na Gaeilge chun cinn trína seirbhísí agus i measc an phobail i gcoitinne. Tá an Ghaeilge ina gcuid lárnach dá gcláreagrú imeachtaí agus cuirtear chun cinn í go háirithe i soláthar seirbhísí cultúrtha. Sholáthair Comhairle Contae an Chabháin neart deiseanna do dhaoine chun an Ghaeilge a chleachtadh agus a úsáid idir ghrúpaí comhrá, ghrúpaí léitheoireachta i nGaeilge, chruinnithe club gníomhaíochta do pháistí bunscoile i nGaeilge agus soláthar lín scoláireachtaí Gaeltachta do dhaoine fásta agus do dhaltaí meánscoile araon. Tá an Ghaeilge ina cuid bhunúsach de chuid mhór dá mór-imeachtaí cultúrtha lena n-áirítear Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Oíche Chultúir, Féile Leabhar do Pháistí, Seachtain na hEolaíochta agus Cláir Scoile.

Tá comhpháirtíocht oibre fhadbhunaithe ag Comhairle Contae an Chabháin le mórán eagraíochtaí Gaeilge lena n-áirítear Glór Bhréifne, Ógras, Conradh na Gaeilge, Oireachtas, Coláiste na bhFiann agus Gaelscoil Bhréifne. Leis an gcur chuige comhpháirtíochta sin éascaíodh soláthar cláir an-rathúil Gaeilge.

D'éirigh go han-mhaith ar fad le Club na nÓg faoi scáth Ógras i measc go leor páistí bunscoile. Leis an imeacht seo a bhíonn ar siúl dhá uair sa tseachtain agus a óstáiltear trí mheán na Gaeilge spreagtar páistí leis an teanga a labhairt i dtimpeallacht spráíúil, rud a chuideoidh leo a bhfocail agus a scileanna teanga a fhás. Bhí an-tóir ar imeachtaí amhail an turas “Ionad Eachtraíochta Lilliput” i mí an Mheithimh 2019 agus chuir cuairt an údair Gemma Breathnach ar leabharlanna ar fud an Chontae na céadta páistí faoi dhraíocht.

Baineann daltaí na hArdteistiméireachta ar fud an Chontae leas as ceardlanna Gaeilge ó Bhéal a sholáthraítear ar fud an Chontae trí Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae an Chabháin. Soláthraítear na ceardlanna sin ar chostas ainmniúil lena chinntiú gur féidir le gach dalta leas a bhaint as an deis oideachais sin.



Bhronn Comhairle Contae an Chabháin i gcomhpháirtíocht le Glór Bhréifne agus Coláiste na bhFiann roinnt scoláireachtaí ar dhaltaí meánscoile chun freastal ar scoileanna samhraidh na gColáistí Gaeltachta agus thairg Oideas Gael líon scoláireachtaí d'fhoghlaimeoirí fásta.

Tagann an “Rang Gaeilge” le chéile gach seachtain i Leabharlann Lárnach Bhaile Sheáin le haghaidh comhráite Gaeilge, rud a sholáthraíonn deis iontach do chainteoirí Gaeilge, dóibh siúd a bhfuil an teanga á foghlaim acu, agus dóibh siúd nach mbaineann úsáid as an nGaeilge rómhinic, teacht ann agus a ‘gcúpla focal” a úsáid i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil réchúiseach.

Sholáthair Aogán Ó Fearghaíl léacht uathúil ar “Ardscoil Bhréifne – Coláiste Gaeilge an Chabháin, Ghleann Ghaibhle 1920-1924” i leabharlann Choill an Chollaigh agus ghlac an lucht féachana/éisteachta go maith leis.

Grúpa léitheoireachta is ea an Club Leabhar do dhaoine fásta as Gaeilge ina bpléitear bailiúchán de theidil, leabhair éagsúla ó údair Éireannacha agus roinnt sárleabhar atá aistrithe go Gaeilge. In 2019 bhí ríméad ar an ngrúpa an t-iriseoir agus údar Michelle Nic Pháidín as Dún na nGall a óstáil a labhair faoina leabhar úr “Fuascailt an Iriseora” le linn Sheachtain na Gaeilge.

Tá na seirbhísí Gaeilge ar fad tacaithe ag bailiúchán fairsing ábhair Ghaeilge atá fáil ar fud an chontae trí Sheirbhís Leabharlainne an Chabháin.

Na hEalaíona

I gcomhréir le hAlt 6 den Acht Ealaíon 2003 féadfaidh údarais áitiúla cúnamh airgeadais a chur ar fáil chun críocha: (a) Suim an phobail sna healaíona a spreagadh, (b) Eolas, tuiscint agus cleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn, nó (c) Feabhas a chur ar chaighdeán sna healaíona laistigh dá réimse feidhmiúil.

Tá oifig ealaíon Chomhairle Contae an Chabháin treoraithe ag **Uileghabhálacht agus Uaillmhian – Straitéis d'Ealaíona an Chabháin 2018 – 2023**, tuairiscíonn an oifig ealaíona ar iarratas don **Choiste Beartas Speisialta Gnóthaí Tithíochta**,



Corparáideacha agus Cultúrtha.

Is é Comhairle Contae an Chabháin an phríomhfhoinsé mhaoiniúcháin le haghaidh fhorbairt na n-ealaíon le tacaíocht cláir ón gComhairle Ealaíon de €49,200.

Misean

Trínár bprionsabail threoracha Uileghabhálachta agus Uaillmhéine déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin na dálaí inar féidir le healaín iontach tarlú a chothú agus a chruthú agus ag an am céanna cinnteoidh sí gur féidir leis an méid daoine is féidir dul i mbun eispéiris ealaíon ardchaighdeáin agus páirt a ghlacadh iontu.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí:

- Ealaíonta
- Forbairt Lucht Féachana/Éisteachta
- Éagsúlacht
- Bonneagar

Creat-Chomhaontú Chomhairle Contae an Chabháin agus na Comhairle Ealaíon

Sainaithníodh trí thosaíocht chomhroinnte sa Chreat-Chomhaontú 2019 go 2026. Is iad sin:

1. Tacú le hEalaíontóirí
2. Daoine Óga agus na hEalaíona
3. Níos Mó Daoine a Shroicheadh.

Táscaire Feidhmíochta

Tá Táscaire Feidhmíochta do na hEalaíona tearcfhorbartha. Cuimsímid leithdháiltí maoiniúcháin, líon na n-iarratas agus na dámhachtainí arna soláthar.



Dámhachtain agus Sparánachtaí do na hEalaíona

Ceaptar na dámhachtainí ealaíon chun forbairt na n-ealaíon a spreagadh agus tacú leis trí thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus do phobail.

Is iad na príomhchatagóirí, **Dámhachtainí d'Fhorbairt na nEalaíon** do phobail agus na **Dámhachtainí Gairmiúla** chun tacú le healaíontóirí. Fógraítear iad gach bliain i mí na Nollag do bhliain ina dhiaidh sin. Déanann painéal neamhspleách moltóireacht ar na hiarratais agus moltar iad do Chomhaltaí Chomhairle Contae an Chabháin.

Dámhadh **Sparánacht Tyrone Guthrie** ar Jackie O'Neill, físealaíontóir le dhá sheachtain a chaitheamh ag obair ag an Ionad.

Le **Sparánacht Moth Studio**, Baile an Mhuillin, soláthraíodh cónaitheacht seachtaine do Bryony Littlefair agus Gabriel Smith

Miondealú ar Mhaoiniú 2019

Dámhachtain agus Sparánachtaí do na hEalaíona	Faighte	Deonaithe
Luach Iomlán		
Ealaíontóirí Gairmiúla	21	17 €18,940
Dámhachtainí Forbartha	46	34 €20,048
Sparánacht Tyrone Guthrie	1	€770
Sparánacht Studio Moth	2	€600

Teagmháil a Dhéanamh

14 ríomhfheasachán in 2019 le nuashonruithe rialta ar Facebook agus Twitter. Leantóirí ar Facebook 2,236, Leantóirí ar Twitter 2,739 Instagram @cavanarts www.cavanarts.ie láithreán gréasáin faisnéise le haghaidh ealaíontóirí agus lucht féachana/éisteachta.



Íomhá Chuiridh Talking Heads le baill de phobail Chill na Seanrátha agus an Chabháin mar chuid de thionscadal athchuidimhnitheach – le Maura Williamson, léiritheoir agus Paul Farnan, Físghráfadóir.

Forbairt Caipitil

Halla Cathrach an Chabháin

Bhí tionscadal fairsing athchóirithe ar siúl i Halla Cathrach an Chabháin. Arna bhainistiú ag Tógáil Tithíochta agus arna chur chun cinn ag an Oifig Ealaíon cuireadh an tionscadal chun crích go suntasach in 2019. Chomh maith le hacmhainní Chomhairle Contae an Chabháin foinsíodh an méid seo a leanas:

Scéim Ealaíon agus Chultúir,

An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta €750,000

Peace IV, SEUPB €272,000

Halla na Cathrach, Clár um Ghníomhachtú Peace IV

D'fhreagair ceithre ealaíontóir a oibríonn le pobail áitiúla do na hoibreacha athchóirithe ag Halla na Cathrach agus oidhreacht PEACE sa Chabhán. Áiríodh ar na tionscadail a rinneadh le pobail:

- *A Day in the Life of A Border Town* le Marie Smith
- 'Monumental Shift' le Kim McCafferty
- 'Tongue', gearrscannán le Robbie Perry. www.cavanarts.ie
- *Cavan Convergence* le Heather Brett agus scríbhneoirí áitiúla ón gCabhán, Fear Manach agus Ard Mhacha.



Eoin Doyle, Stiúrthóir Seirbhísí, CC an Chabháin (CCC), Romy Kanitz, Bluett agus O Donoghue Architects, Catriona O Reilly, Oifigeach Ealaíon (CCC) agus an Clr John Paul Feeley, (CCC) ag seoladh 'One Day in the Life of a Border Town' le Marie Smith, ealaíontóir agus rannpháirtithe áitiúla – grianghraf le Céin O'Brien.

Torthaí Taighde

Bhí na doiciméid bheartais 'I dTreo Beartas Comhtháite le haghaidh Ionaid Ealaíon agus Bonneagar Cultúrtha sa Chabháin, 'Samhail Oibriúcháin Mholta do Halla na Cathrach, an Cabhán', 'Crosairí - Beartas Comhtháite um Ionaid don Chabhán', ar thoradh ar thaighde fairsing agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a rinne Mary McAuliffe, comhairleoir ealaíon a choimisiúnaigh an oifig ealaíon.

Ba é an príomh-mholadh cur chuige comhtháite idir Amharclann Ramor agus Halla na Cathrach, an Cabhán, ar a ndéanfaí bainistíocht mar ionad ealaíon údaráis áitiúil leis an sainchúram síneadh amach thar bhalla an fhoirgnimh agus tacú le forbairt na n-ealaíon áitiúil ar fud an chontae.

Clár Ealaíon

Scríbhneoir Cónaithe

Ceapadh an Scríbhneoir Coiriúil, Anthony J Quinn mar an Scríbhneoir Cónaithe do Chontae an Chabháin i gcomhar le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann.



Áiríodh ar an gclár:

Díolaim LabLit 'Where You May Find Yourself' a chur in eagar.

Sraith ceardlann i dtimpeallachtaí pobail lena n-áirítear: Comhairle na nDaoine Scothaosta, Club Sóisialta Bhaile Shéamais Dhuibh, sna Leabharlanna i Muinchille, an Chabháin agus i gCoill an Chollaigh.

Oíche Chultúir 2019

lomlán an lucht féachana/éisteachta	2,382
Ionaid	26
Imeachtaí	48

Foinse an Mhaoinithe

An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta €8,250

Acmhainní dílse Chomhairle Contae an Chabháin

Na hEalaíona agus an tSláinte

In 2019 bunaíodh an Líonra Ealaíon agus Sláinte agus áirítear air comhaltaí ó: Tusla, Seirbhísí Meabhairshláinte an Chabháin-Mhuineacháin (CAMHS), Comhpháirtíocht Ealaíon Áitiúil agus Oideachais an Chabháin-Mhuineacháin (LAEP), Music Generation an Chabháin-Mhuineacháin, oifig ealaíon agus rannóga um chuimsiú sóisialta Chomhairle Contae an Chabháin, ealaíontóirí agus ceannairí na hóige.

Is é is aidhm leis an líonra tacú le torthaí sláinte inbhuanaithe ag baint úsáid as na healaíon mar uirlis i gcomhair athraithe agus athléimneachta.

Áiríodh ar an gclár:

- Sholáthair iad seo a leanas Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do 32 ealaíontóir, oibrí sláinte, ceannairí pobail agus óige: Julie Aldridge, Louise Gartland, Marie Brett, Helen McCrarren, Anthony J Quinn agus The Music Room.
- Dhá thionscadal taighde gníomhaíochta do dhaoine óga a raibh taispeántais mar thoradh orthu.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

- Éascaíodh seisiúin ealaíon ag The Moth Studios, an Cabhán agus Seirbhísí Sóisialta, Baile Shéamais Dhuibh.
- Rinneadh tuarascáil um meastóireacht a choimisiúnú agus cuirfidh moltaí a rinne an t-údar Mary McAuliffe bonn eolais faoin dul chun cinn sa réimse seo.

Foinse an Mhaoinithe

Luach

An Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige, 'What Works Well'

€20,000



Íomhá chuiridh thionscadal CMX Film aitheantas griangraif Colm Mullen agus CMX mar chuid den Tionscadal 'What Works Well' leis an aos óg i gCabhán agus i Muineachán.

Saotharlann Ealaíon na hÓige, Peace IV

I rith 2018 agus 2019, ghlac 313 duine óg páirt i Saotharlann Ealaíon na hÓige, Peace IV lena n-áirítear daoine óga ó Chontae an Chabháin agus ó Chontae Fhear Manach. Óstáladh tionscadal samhraidh le Cumann Tuismitheoirí Uathachais an



Chabháin. D'oibrigh 19 n-ealaíontóir ar an tionscadal sin thar a thréimhse i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil oideachais agus pobail agus tugadh 26 uair an chloig teagmhála do gach páiste.

Ba é an aidhm leis an tionscadal cuimhne chultúrtha a chruthú. Áiríodh ar mhaoiniú an tionscadal costais ar an gclár agus ar thuarastail, tacaíthe ag Peace IV agus maoinithe ag Comhlacht na gClár Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh.

Éire Chruthaitheach

Baintear na tosaíochtaí atá sainithe i straitéis 'An Cabhán Cruthaitheach' amach le tionscadail arna ndéanamh faoi Éire Chruthaitheach

Físeán dar teideal 'Beware' arna léiriú ag Padraic Conaty agus Kim Doherty ar théamaí faoin gcibearbhulaíocht arna scríobh ag Baill Chumann Drámaíochta Óige Chill na Leice (KYDS) le Alice Lynch, dráma ina dtacaítear le cineáltas sa ré dhigiteach.

Pobail Chruthaitheacha

Thacaigh an oifig ealaíon le Aaron Monaghan trí Livin Dred chun ceardlanna amharclannaíochta a sholáthar le haisteoirí áitiúla.

Coimisiún le Martin Donohoe agus Nyah Comhaltas dar teideal '*Cavan Images Rich in Character and Full of Story*', leis an bhfocal labhartha, scéalaíocht, sean-nós, seit, damhsa céilí, traidisiún damhsa domhanda spreagtha ag Kevin Mc Dermott, Loch Garman agus an Cabhán.

An Tionscadal Athchuimhne

Taighde agus agallaimh le gníomhaithe pobail sa Chabhán agus i gCill na Seanrátha arna léiriú ag Maura Williamson, Paul Farnan, físghráfadóir a thaifeadann scéalta áitiúla. I measc na ndaoine a chuir leis bhí: John Conlon, ag plé Fhéile Drámaíochta an Chabháin, The Hacklers, Dermot Healy nach maireann, iar-Chomhairleoir Baile agus Comhairle Contae Paddy Conaty maidir le coimhlintí polaitiúla.



An Tionscadal 'Talking Head' 2019 le seat scáileáin de Paddy Conaty, iar-Chomhairleoir lena athair Patrick Conaty, iar-Chomhairleoir, aitheantas griangraif Jago Studios ó phíosa scannánaíochta físe le Paul Farnan.

Scoileanna Cruthaitheacha agus Cruinniú na nÓg

Bhí Cruinniú na nÓg, tionscnamh de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta mar chuid d'Éire Chruthaitheach, an lá náisiúnta cruthaitheachta do pháistí agus do dhaoine óga, ar siúl sa Chabhán ar an 13 Meitheamh 2019 le rannpháirtíocht 8 scoil áitiúla i gcomhar le LAEP, an Cabhán agus Muineachán Cruthaitheach.

- Ghlac 14 scoil sa Chabhán páirt sna Scoileanna Cruthaitheacha, tionscnamh de chuid na Comhairle Ealaíon agus Éire Chruthaitheach. Ba iad Comhghleacaithe na nEalaíontóirí Cruthaitheacha Mary Farrelly, Joanne Behan agus Anna Spearman.
- Rinne Padraic McIntyre oiriúnú Chalk Dust de dhán fada Noel Monahan a choigeartú agus a stiúradh agus léirigh daoine óga é ag Amharclann Ramor.



Foinse an Mhaoinithe

Éire Chruthaitheach, mar chuid den leithdháileadh foriomlán buiséid ar Chomhairle Contae an Chabháin.

Music Generation

Ceapadh dhá bhall foirne chun Music Generation an Chabháin-Mhuineacháin, Mairéad Duffy, Oifigeach Forbartha Music Generation agus Paul Markey, Riarthóir. Léirigh 25 scoil náisiúnta sa Chabhán suim agus chuir 19 gcinn díobh tús leis lena n-áirítear Scoil an Teaghlaigh Naofa, Muinchille. Earcaíodh 27 ceoltóir.

Foinse an Mhaoinithe

Leithdháileadh cistithe meaitseála €30,000, comhpháirtithe an Chabháin-Mhuineacháin, Comhairle Contae Mhuineacháin, príomh-chomhpháirtí Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin-Mhuineacháin agus Lároifig Náisiúnta Music Generation.

An Ealaín Phoiblí

Is clár faisnéise le Ray Fitzsimons é “What’s in a Story” (teideal oibrithe) ina scrúdaítear ról an chultúir agus aitheantas sa tsochaí agus an dóigh, sa lá atá inniu ann, go ndearnadh an dóigh a dtuigimid an domhan a athrú leis an teicneolaíocht agus an tomhaltachas.

Tá Ray Fitzsimons, Coimeádaí Scéalta ag obair ar leagan de ‘The Hero’s Journey’ agus ag cur agallaimh ar dhaoine spreagúla a ghlac treonna difriúla ina saol.

‘Redemption of a Rogue’ an chéad scannán fada le Philip Doherty

Tugadh tacaíocht do Philip Doherty, scríbhneoir scrípte, chun an scannán fada a raibh Aaron Monaghan mar an príomhaisteoir ann a fhorbairt agus a stiúradh. Scannánú déanta air ar an láithreán sa Mhuileann Iarainn agus sa Chabhán, arna léiriú ag Pale Rider le foireann ghairmiúil agus rannpháirtíocht dheonach agus phobail.



Cartlannú

Obair leanúnach ar bhailiúcháin chartlannaithe sa cheol, sa phobal agus sna fisealaíona.

Foinse an Mhaoinithe: Buiséad Céatadán don Ealaín ar Tionscadail Chaipitil lena n-áirítear Tithíocht agus Bóithre.

Tom MacIntyre

Ar an 31 Deireadh Fómhair 2019 fuair an drámadóir, file agus fear léannta, Tom MacIntyre bás. Ceiliúradh a shaol agus a oidhreacht ealaíon den scoth ag Amharclann Ramor.



Celine McAdam, bean chéile Tom MacIntyre nach maireann lena íomhá sa chúlra mar a chruthaigh Michelle Boyle í, ealaíontóir a glacadh ag Amharclann Ramor, Achadh an Iúir, le linn ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar Tom MacIntyre.



Músaem

Le linn 2019, lean Músaem Chontae an Chabháin le ról fíorthábhachtach a imirt mar cheann de phríomhréimsí seirbhíse Chomhairle Contae an Chabháin, ag soláthar réimse leathan taispeántas, imeachtaí agus tionscnamh. Mar fheighlithe ar bhailiúchán stairiúil an Chabháin agus mórtharraingt turasóireachta don chontae, tá a sheirbhíse á forbairt agus á leathnú ag an Músaem i gcónaí.

Oibríonn foireann an Mhúsaeim le chéile lena chinntiú go dtabharfar tús áite d'eispéireas ár gcuariteoirí agus muid bródúil as aire a thabhairt dá n-aíonna ag an am céanna. Déanaimid ár ndícheall clár mealltach, eolasach agus éagsúil imeachtaí a sholáthar gach bliain.

Tá an músaem uathúil mar go n-éascaíonn sé taispeántais éagsúla faoi dhíon agus faoin aer. Tá ár dtaispeántais faoin aer, go háirithe na taispeántais Eispéireas Trinse an Chéad Chogadh Domhanda, Eispéireas Éirí Amach 1916, suiteáil Chath Somme agus 'Road to War – Path to Reflection', fíorthumhtach, cothromaithe agus barántúil, ag cur ar chumas ár gcuariteoirí a shamhlú go bhfuil siad i mbróga na saighdiúirí ar na línte tosaigh in Somme nó go bhfuil siad ina reibiliúnaigh ag troid in Ard-Oifig an Phoist.

Leis na heispéiris sin tógtar an stair ón leathanach i ndáiríre agus tá éirithe go han-mhaith ar fad leo dúinn i gcomhthéacs daoine óga agus daoine scothaosta a mhealladh chun smaoineamh ar ár stair agus ar na roghanna a rinne glúnta san a chuaigh thar óna ndearcadhsan.

I mí an Mhárta, seoladh an Taispeántas **'Women of Influence'**. Bhí an taispeántas sin mar thoradh ar thionscadal a rinne Músaem Chontae an Chabháin agus Oifig Ealaíon an Chabháin mar chuid de cheiliúradh Dheich mBliana na gComórthaí Céad Bliana. Tugtar chun suntais sa taispeántas mná den scoth na hÉireann agus an ról a bhí acu i Stát na hÉireann le linn an 20ú haois mar aon lena ngaiscí doimhne sna healaíona agus cultúr, san oideachas, eolaíocht, gnó agus athrú sóisialta. Mar



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

chuid d'oscailt an taispeántais, léiríodh sliocht as 'Fragments', le Jessie Keenan, cóiréagrafaí comhaimseartha.



Catriona O'Reilly, an
Clr Paddy Smith, an
Clr Carmel Brady,
Catriona Crowe, an
Clr Madeleine Argue,
Jessie Keenan,
Marion Cronin, Savina
Donohoe agus an Clr
John Paul Feeley



'Fragments', arna léiriú
ag Jessie Keenan agus
Marian Cronin

Áiríodh ar bhuaicphointí eile le linn 2019:

Taispeántas ar Mhná an Chabháin sa Saol Polaitíochta

Taispeántas Bernadette Blessing, 'Hidden Waters'

Taispeántas Keith Armstrong - 'Cavan and Beyond'



Bernadette Blessing, Ealaíontóir agus
an Clr Madeleine Argue, Cathaoirleach,
Comhairle Contae an Chabháin

An Taispeántas Taistil ‘Print, Protest and the Polls: The Irish women’s suffrage campaign and the power of print media’. Arna sheoladh le Léacht arna sholáthar ag Micheline Sheehy Skeffington

‘Remembering Stanislaus Lynch – File, Iriseoir, Marcach, Fear Uasal agus mac bródúil Bhaile Shéamais Dhuibh. Co. an Chabháin

Sholáthair an Ceannfort Leo Quinlan Léacht Bliantúil Airt Uí Ghríofa dar teideal ‘The UN and The Battle of Jadotville’ inar cuireadh síos ar eispéiris a athar, an Ceannfort Patrick Quinlan.

Seó Stairiúil agus Míleata – d’fhreastail os cionn 6,000 duine ar an imeacht iontach deireadh seachtaine seo i mí Lúnasa.

Gné thar a bheith tábhachtach d’obair an mhúsaeim is ea aire a thabhairt dár mbailiúchán agus é a thaifeadadh. Táimid aireach faoinár dtiomantas leanúnach do dhaoine a thugann déantáin dúinn go fial flaithiúil lenár mbailiúchán a threisiú. Cé go ndéanaimid ár ndícheall i gcónaí an Músaeim a fhorbairt, leanadh le hobair ar an gcartlann, agus rinne an fhoireann líon dár dtaispeántais inmheánacha a bhí ann cheana a nuashonrú agus a athdhearadh.

Seoladh láthair Spáis Chomhroinnte agus Taispeántas Peace IV faoi Clár Peace IV Chomhairle Contae an Chabháin. Suite ag cúl an Mhúsaeim, cuireann an spás úr seo go mór lenár gclár oideachais a bhfuil duaiseanna bainte ina leith a sholáthar - freastalaítear grúpaí turais móra ann, óstáiltear imeachtaí drámaíochta agus ceoil, mar aon le comhdhálacha, ceardlanna agus léachtaí ann. Dearadh nua-aimseartha álainn atá ann atá ceangailte le foirgneamh clochair an 19ú haois atá ann cheanna, agus is é an ceangal sin den todhchaí agus den am a chuaigh thart bun agus barr Mhúsaem Chontae an Chabháin.



Osclaíonn an Clr Shane P.
O'Reilly Spás
Comhroinnte Peace IV an
Mhúsaeim go hoifigiúil

Roghnaíodh Clár Oideachais Mhúsaem Chontae an Chabháin mar chás-staidéar le haghaidh oiliúint na Roinne Oideachais ar mhúinteoirí Staire i Sraith Shóisearach an Dara Leibhéil agus tá sé mar ghné anois in oiliúint na múinteoirí. Mar thoradh air sin, tá méadú suntasach tagtha ar líon na meánscoileanna a bhfuil páirt á glacadh acu sa chlár oideachais. Ba lucht féachana/éisteachta don Mhúsaem iad sin nach raibh acu roimhe agus mar thoradh air sin tá líon scoileanna ag taisteal ó Bhaile Átha Cliath agus na contaetha máguaird chuig an Músaem. Agus fócas na Roinne ar an Músaem á chur san áireamh leanfaidh an treocht sin ag méadú.

Forbairt eile i gcomhthéacs an chlár oideachais ná méadú suntasach ar líon na gcomhpháirtíochtaí trasphobail agus trasteorann atá ag glacadh an chlár oideachais mar chuid dá gclár féin.



Le Tionscadal Peace IV an Mhúsaeim, Daoine, Áiteanna agus an Oidhreacht a Cheangal cuireadh síocháin agus athmhuintearas chun cinn trí pháirt a ghlacadh le grúpa óige sa Chabhán agus i bhFear Manach. Léirigh Daltaí na hIdirbhliana ó Choláiste San Clár, Baile Shéamais Dhuibh agus an Scoil Ríoga, scannán gearr dar teideal 'My Dearest' a chuir na daltaí ar scannán, a léirigh siad agus a scríobh siad.



Daltaí ó Choláiste San Clár, Baile Shéamais Dhuibh agus an Scoil Ríoga, an Cabhán lena múinteoirí Emer McGovern agus Aisling Gray arna chomhordú ag Gary Martin, Oifigeach For-Rochtana an Mhúsaeim.

Amharclann Ramor

Cúlra

Is é misean Amharclann Ramor suim agus rannpháirtíocht a spreagadh, a chothú agus a fhorbairt sna healaíona i gContae an Chabháin. Tá sé mar aidhm ag Amharclann Ramor an misean sin a bhaint amach trí chlár léirithe éagsúla a chur i láthair ag ealaíontóirí gairmiúla sna foirmeacha ealaíne go léir. Déanfar é sin i gcomhthráth le saothar ealaíontóirí gairmiúla úra agus atá ag teacht chun cinn a spreagadh, a éascú agus a fhorbairt, trí líon comhpháirtíochtaí. Baintear amach é chomh maith trí ealaíona na hóige agus trí bheith ag obair le grúpaí ealaíon pobail agus daoine aonair chun tionscadail a fhorbairt agus iad a chur ar taispeáint san ionad.



Cheiliúir Amharclann Ramor 20 ó osclaíodh í don phobal in 2019 i ndiaidh a doirse a oscailt i Meán Fómhair 1999 agus tá sé ina mol den saol cultúrtha agus ealaíonta i gContae an Chabháin ó shin. Tá Cuideachta Amharclainne Livin Dred suite in Amharclann Ramor a bhí ag obair le cúig bliana déag anuas i gcomhpháirtíocht leis an ionad chun amharclann ghairmiúil ardchaighdeán a thabhairt chun cinn, a fhorbairt agus a sholáthar agus tá sé tugtha ar camchuairt go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Ba é Amharclann Ramor an spreagthach agus is é atá taobh thiar fós den Líonra Amharclann NOMAD. Tá an Amharclann rannpháirteach go gníomhach le hiliomad grúpaí ealaíon pobail agus tá Amharclann Óige POD (POD Youth Theatre) lonnaithe ann. Soláthraíonn Amharclann Ramor Léirithe Intí chomh maith ag obair le cleachtóirí amharclainne gairmiúla agus daoine aonair pobalbhunaithe araon.

Tá an Amharclann á reáchtáil ag an Údarás Áitiúil le tacaíocht airgeadais shuntasach ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann.



Amharclann Ramor, an tSráid Mhór, Achadh an Iúir, Co. an Chabháin

Foireann Amharclann Ramor



Nuala McCabe



Frances Brady



Annette McGovern



Paddy Farrelly



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Bainisteoir Amharclainne Padraic McIntyre

Bainisteoir Teicniúil Paddy Farrelly

Riarthóir Nuala McCabe

Oifig na dTicéad Frances Brady

Fáilteachas Annette McGovern

Fáilteachas/Caifé Helen Foy

Athbhreithniú Gairid ar na Gníomhaíochtaí ag Amharclann Ramor in 2019

Ba bhliain an-ghnóthach í an bhliain 2019 ag Amharclann Ramor agus 161 léiriú ar siúl san amharclann ar fud na bhfoirmeacha ealaíne uile, lena n-áirítear Amharclannaíocht, Scannáin, Ceardlanna, Popcheol, Amharclannaíocht do Pháistí, Coiméide, Scannáin do Pháistí, Ceol Clasaiceach, Drámaíocht na hÓige, Léirithe Intí, Drámaíocht Riachtanas Speisialta agus Léirithe Pobail agus tráchtála.

Táthar ag súil go mbeidh ioncam ó Oifig na dTicéad le haghaidh 2019 thart ar €236,000 agus tuilleadh ioncaim ó dheontas €55,000 Chomhairle Ealaíon na hÉireann. Táthar ag súil go bhfreastalóidh 16,000 custaiméir a íocfaidh táille air in 2019. Leis na figiúirí sin dearbhaítear tiomantas Amharclann Ramor do na Cuspóirí Straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae an Chabháin 2020 – 2024 trí Fhorbairt Pobail, Rannpháirtíocht, Cáilíocht na Beatha agus Cuimsiú trí na hEalaíon agus an Cultúr a thabhairt chuig saoránaigh an Chabháin agus a chur chun cinn ina measc. Tá ioncam ó oifig ticéad Ramor ar aon dul leis an nGníomhaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe agus le 15,000 custaiméir ag teacht go hAchadh an Lúir dár n-imeachtaí is léir go gciallaíonn sé sin tacaíocht do ghnólachtaí áitiúla. Agus cuairteoirí ag teacht as lasmuigh den Chabhán ciallaíonn sé forbairt turasóireachta lena gcuirtear chun cinn íomhá dhearfach d'Amharclann Ramor, de Chomhairle Contae an Chabháin agus go deimhin den Chontae ina iomláine.



Rannpháirtíocht Phoiblí

Tá rannpháirtíocht phoiblí lenár bpobal áitiúil thar a bheith tábhachtach dúinn ag Amharclann Ramor. Bímid rannpháirteach go seasta leis an bpobal i gcoitinne chun iad a mhealladh chuig seónna a chuirimid i láthair chomh maith lena spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon.

Déanaimid teagmháil i gcónaí trí eagraíochtaí pobail chun déimeagrafaíocht chomh éagsúil agus is féidir ónár suíomh a mhealladh.

Tagann formhór dhíolacháin ticéad Amharclann Ramor fós ónár mbróisiúr imeachtaí séasúracha, agus dáiltear 2550 ceann trí huaire sa bhliain. Seoltar é ar an ríomhphost chuig 600 custaiméir eile chomh maith.

Tá 100% de shonraí na gcustaiméirí á ngabháil anois ag pointe na háirithinte trínár gcóras Ticketsolve. Déantar an fhaisnéis sin a anailísiú agus a sheiceáil i gcoinne bunachair shonraí úra RGCS a ndírítear orthu ansin le haghaidh imeachtaí amach anseo sna bhfoirmeacha ealaíne ábhartha.

Tacaíocht d'Ealaíontóirí

Mar aon le hearnálacha cultúrtha eile Chomhairle Contae an Chabháin, Oifig Ealaíon an Chabháin, Músaem Chontae an Chabháin agus na leabharlanna oibrímid lena chinntiú go ndéanfar na healaíona a chomhtháthú mar phríomhfheidhm de Chomhairle Contae an Chabháin agus is é ár n-aidhm an t-ealaíontóir agus an lucht féachana/éisteachta a chur ag a chroílár.

Cuid de na healaíontóirí ar tacaíodh leo in 2019:

ALAN BRADLEY: In 2019 bhí Amharclann Ramor ina comhpháirtí ar léiriúcháin ar chéad dráma aonréid an Aisteora agus stiúrthóra as Achadh an Lúir, Alan Bradley, 'Grounds from Concern' a léiríodh i Seomraí Gléasta Pháirc an Chrócaigh mar chuid d'Fhéile ar an Imeall Bhaile Átha Cliath. Chuir Amharclann Ramor spás cleachtaidh agus am mionathraithe ar fáil do Alan agus léiríodh an dráma sin ansin ag Seomraí Gléasta CLG i mí na Samhna 2019.

NOEL MONAHAN: Chun comóradh 20 bliain Amharclann Ramor a cheiliúradh léirigh Amharclann Ramor léiriú de 'Chalk Dust', oiriúnú de dhán drámata Noel Monahan.


LIVIN DRED: Rinneadh TRAD le Mark Doherty a mhionathrú ag Amharclann Ramor i mí Aibreáin 2019. In 2019, thug Amharclann Ramor €1,250 i gcomhair forbairt agus cruthú léiriú úr de 'Tarry Flynn' lena thabhairt ar camchuairt in 2020.

Is é ár n-uaimhian go bhfeicfidh ealaíontóirí Amharclann Ramor mar áit inar féidir a saothar agus a ngairmeacha a chothú agus a fhás trí chlár ealaíon uilechuimsitheach, éagsúil agus cruthaitheach.



Charlie Bonner in Chalk Dust le Noel Monaghan ag Amharclann Ramor (Samhain 2019)

Amharclannaíocht Ghairmiúil



Furniture le Sonya Kelly le hAMHARCLANN AN DRUID ag an Ramor (Aibreán 2019)

Óstáladh tríocha a haon d'Amharclannaíocht Ghairmiúil ag Amharclann Ramor in 2019 suas ó 24 in 2018.

Buaicphointí: Crowman, Charlie is A Clepto, Trad, Furniture, Before, Pumpgirl, Tom Crean, Dirty Dusting.

Amharclannaíocht do Pháistí



A Christmas Carol le Charles Dickens ag Amharclann Ramor (December 2019)

Óstáladh dhá léiriú dhéag d'Amharclannaíocht do Pháistí ag Amharclann Ramor in 2019 suas ó 9 in 2018 le lucht féachana/éisteachta de 1991 ar an iomlán. Bhí sé sin ina chuid de phlean straitéiseach chun lucht féachana/éisteachta páistí a fhorbairt ag Amharclann Ramor.

Léirithe a óstáladh ina gcuimsíodh: Lambert Puppet Theatre (Snow White), a Christmas Carol agus Ger Carey Beo.

Scannán



The Man Who Wanted To Fly ag Amharclann Ramor (Meán Fómhair 2019)

Bhí ocht dTaispeáint déag i gcomhar le Access Cinema ar siúl in Amharclann Ramor in 2018, lena n-áirítear scannáin Éireannacha, Idirnáisiúnta, Teanga Eachtraí agus Cláir Faisnéise.

Ceol



Mary Coughlan Amharclann Ramor (Feabhra 2019)

Lean an ceol le bheith ina mhórchuid de clár Amharclann Ramor in 2019 le 9 léiriú ó ealaíontóirí ceoil agus lucht féachana/éisteachta de 1160.

I measc na mbuaicphointí bhí Mary Coughlan, Sean Keane, Chris Difford, Mick Flannery, Don Baker agus

Ealaíona Pobail Shráid nOilithreach.



Léiriú Ghrúpa Drámaíochta Rás an Mhuilinn de Lovers Meeting le Louis Dalton ag Amharclann Ramor (Meitheamh 2019)

Tá ár gClár um Ealaíona Pobail fós ina chuid lárnach den chlár anseo ag Amharclann Ramor. Bhí 8 léiriú againn in 2019 agus ba ghrúpaí drámaíochta amaitéarachacha áitiúla an chuid ba mhó díobh ach tháinig cuid acu ó chúlra ceoil chomh maith.



Áiríodh iad seo a leanas ar na grúpaí a d'óstálar: Grúpa Drámaíochta Choill an Chollaigh, Amharclann Cornmill, Grúpa Drámaíochta Rás an Mhuilinn, Grúpa Ilsiamsa Beeznee agus Mhuintir Chonnacht.

Tráchtáil



ROBERT MIZELL ag Amharclann Ramor Nollaig 2019

Measadh cuid dár gcláir mar chláir Thráchtála. Óstálaimid 17 n-imeacht Tráchtála in 2019 le lucht féachana/éisteachta de 2575. Áirítear orthu sin imeachtaí popcheoil amhail Flas Harry, The Illegals, Cliona Hagan agus Robert Mizzell. Leis na gníomhartha ardphróifíle rathúla sin leantar le próifíl Amharclann Ramor a ardú i gContae an Chabháin agus níos faide i gcéin.

Ceardlanna Drámaíochta & Amharclannaíochta



Aaron Monaghan Ceardlann Amharclannaíochta Amharclann Ramor (Eanáir 2019)

In 2019 thugamar faoi straitéis uailmhianach chun ceardlann Drámaíochta agus Amharclannaíochta a fhorbairt ag Amharclann Ramor. Ba éard a bhí i gceist leis sin ná gur sholáthair Ealaíontóirí Amharclannaíocht Gairmiúla cúrsaí seachtainiúla agus



deireadh seachtaine araon ag an ionad do dhaoine aonair agus do ghrúpaí gairmiúla, leathghairmiúla agus amaitéaracha bunaithe inár réigiún.

Áiríodh ar na hEalaíontóirí a bhí páirteach: Geoff O'Keaffe agus Aaron Monaghan.

Drámaíocht na hÓige



Ritear Amharclann Óige POD ag Amharclann Ramor agus béim ar scileanna rannpháirtithe a fhorbairt agus forbairt ealaíonta, phearsanta agus shóisialta daoine óga a chur chun cinn tríd an drámaíocht chomh maith le tuiscint daoine óga ar an amharclannaíocht mar fhoirm ealaíne a threisiú. Tá 55 ball ann.

DRÁMAÍOCHT DO DHAOINE ÓGA AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA:

Ritheann Amharclann Ramor bloc-chúrsaí 6 seachtaine a bhfuil sé mar aidhm leo an Drámaíocht a thabhairt chuig Daoine Óga agus Daoine ag a bhfuil Riachtanais Speisialta. Baintear úsáid sna ceardlanna as an drámaíocht mar mheán foghlama agus meán léirithe do dhaoine óga ag a bhfuil riachtanais speisialta. Déanfar amhlaidh trí iniúchtaí drámata agus spráúlacht trí obair ghrúpaí agus daoine aonair araon. Tá 23 rannpháirtí ann.

Léiriú Intí



'Funny Money' ag Amharclann Ramor (Deireadh Fómhair 2019)

Ba é 'Funny Money' ár bpríomhléiriú intí le haghaidh 2019. Bhí sé ar siúl dhá uair, i mí Feabhra agus i mí Dheireadh Fómhair.

Ba é 'Chalk Dust' le Noel Monaghan in 2019 ár ndara Léiriú Intí in 2019. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscadal seo inar baineadh úsáid as daltaí na hidirbhliana, aisteoirí gairmiúla agus aisteoirí pobalbhunaithe.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Táscairí Seirbhíse

Líon Lucht féachana/éisteachta 2019

SEÁNRA NA SEÓNNA AG AMHARCLANN RAMOR 2019	LÍON NA SEÓNNA	LUCHT FÉACHANA/ÉISTEACHTA
SCANNÁIN DO PHÁISTÍ	4	119
SCANNÁN	18	751
CEARDLANNA	9	52
AMHARCLANNAÍOCHT GHAIRMIÚIL	31	3071
TRÁCHTÁIL	17	2575
POBAL	8	1183
CEOL	9	1160
CEOL CLASAICEACH	5	598
AMHARCLANNAÍOCHT DO PHÁISTÍ	1	1991
COIMÉIDE	3	602
LÉIRIÚ INTÍ	3	1935
CEARDLANNA DO PHÁISTÍ	5	30
DRÁMAÍOCHT NA hÓIGE	13	331
DRÁMAÍOCHT DO DHAOINE AG A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA	6	144
IOMLÁIN	132	14542

Rannpháirtíocht Phoiblí 2019

Cineál	Seachtainúil	Gach 4 Mhí	Iomlán 2018
Bróisiúr		2500	7500
Ríomhphoist	112		5376
Téacs	259		12432
IOMLÁN			25308



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Íocaíochtaí 2019

CINEÁL ÍOCAÍOCHTA	%
AIRGEAD TIRIM	15.34%
CÁRTA CREIDMHEASA	81.91%
SEIC	2.85%
SLIS & UAP	0%
DEARBHÁN	2.01%
AISIÓCAÍOCHT CÁRTA CREIDMHEASA	-2.76%
DEARBHÁN/URRAÍOCHT	0.05%
AISTRIÚ BAINC	0.60%
IOMLÁN	100%

Pointe Díola 2019

SUÍOMH	%
Oifig na dTicéad	15%
Ar líne	43%
Teileafón	42%
IOMLÁN	100%

**Maoiniú ón Ealaíona gComhairle
2019 €55,000**



Seirbhísí Iompair, Comhshaoil agus Uisce

Iompar

Bóithre & Iompar

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as cothabháil agus as feabhsú na mbóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla uile sa Chontae. San iomlán, tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as cothabháil a dhéanamh ar níos mó ná 3,000 km (1,880 míle) den bhóthar poiblí gach bliain.

Mar chontae talamhiata a bhraitheann ar an mbonneagar bóithre, tá réimse na mbóithre ina chuid lárnach maidir leis na príomhchuspóirí straitéiseacha i bPlean Corparáideach Comhairle Contae an Chabháin a bhaint amach.

1. Tacú le Pobail
2. Gníomhaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe a Spreagadh
3. Acmhainní Comhshaoil Nádúrtha a Chosaint agus a Threisiú
4. Cumas Bonneagair a Phleanáil agus a Fhorbairt
5. Íomhá Dhearfach de Chomhairle Contae an Chabháin agus an Chontae a chur chun cinn
6. Dea-Rialachas agus Cumas Eagraíochtúil a Fhorbairt

Cuimsítear na cuspóirí sin inár bPlean Seirbhíse Bliantúil agus cuidíonn siad lenár gcuspóirí don bhliain amach romhainn a bhaint amach.

Aicmiú Líonra Bóithre an Chabháin

Is ionann luach measta iomlán an líonra bóithre sa Chontae agus €1.1 billiún, agus baineann €1 billiún den iomlán sin leis an líonra bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá 779 droichead bóthair san iomlán ann (a chlúdaíonn níos mó ná 2 mhéadar) sa chontae.




Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Catagóir	Cineál Bóthair	Fad (Ciliméadair)
Náisiúnta	Príomhbhóthar Náisiúnta	62.21
	Bóthar Náisiúnta den Dara Grád	61.07
Neamhnáisiúnta	Réigiúnach	399.14
	Príomhbhóithre Áitiúla	747.83
	Bóthar Áitiúil den Dara Grád	1315.08
	Treasach Áitiúil	426.03
Iomlán		3011.36

Is ionann fad iomlán an bhóthair phoiblí i gContae an Chabháin agus 3,011 km.



Maoiniú

Tagann maoiniú i gcomhair fheabhsú agus chothabháil na mbóithre poiblí sa Chabhán ó thrí fhoinsé go príomha. Soláthraíonn Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) maoiniú i gcomhair Bóithre Náisiúnta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a sholáthraíonn maoiniú i gcomhair an Líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Soláthraíonn BIÉ cúltaca teicniúil agus riaracháin don mhaoiniú seo de réir mar is gá. Soláthraíonn Comhairle Contae an Chabháin leithdháileadh bliantúil suntasach óna hacmhainní dílse i gcomhair chothabháil an Líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.



Leithdháileadh Maoinithe 2019


Sa tábla thíos taispeántar an maoiniú a leithdháileadh as gach foinse mhaoiniúcháin ag tús 2019.

Catagóir Bóthair	Foinse an Mhaoinithe	Leithdháileadh Tosaigh
Bóithre Náisiúnta	Bonneagar Iompair na hÉireann	€ 7,121,344
Bóithre Neamhnáisiúnta	An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt	€ 12,896,209
Bóithre Neamhnáisiúnta	Comhairle Contae an Chabháin	€ 2,326,379
		€22,343,932

Ranníocaíochtaí Chomhairle Contae an Chabháin

Ag tús 2019, sholáthair Comhairle Contae an Chabháin leithdháileadh €2.32 milliún óna hacmhainní dílse i gcomhair chothabháil an Líonra Bóithre Neamhnáisiúnta (Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla). Léirigh sé sin tiomantas leanúnach na Comhairle dá líonra bóithre a chothabháil.

Maoiniú i gcomhair Bóithre Poiblí 2019





Leithdháiltí Breise

Le linn 2019 bhí Comhairle Contae an Chabháin ábalta leas a bhaineann as maoiniú breise BIÉ. Bhí sé sin mar gheall go príomha ar thionscadail a bheith réidh roimh ré agus ar bhéim ar ioncam isteach sa chontae a uasmhéadú chun feabhas a chur ar ár mbonneagar bóithre. Fuair an t-údarás leithdháiltí breise de €186,500 le haghaidh soilsiú bealaigh agus €75,000 le haghaidh lochtanna bóthair ó BIÉ le linn na bliana.

Bóithre Náisiúnta

Cuimsítear N3 agus N16 i líonra na bPríomhbhóithre Náisiúnta. Is ionann an N3 agus Bóthar Bhaile Átha Cliath/ Inis Ceithleann/ Bhéal Átha Seanaidh agus is ionann an N16 agus Bóthar Shligigh/Inis Ceithleann. Cuimsítear sa líonra Bóithre Náisiúnta den Dara Grád bóthar N54 an Chabháin/Mhuineacháin idir Droichead an Bhuiléir agus an Teorainn Chontae ag Log Uí Cheallaigh, bóthar N55 an Chabháin/Bhéal Átha Luain agus an N87 ó Thimpeallán Halla an Charria, Béal Tairbirt chuig an Teorainn ag an Muileann Iarainn.

Mórscéimeanna

Seachbhóthar Achadh an Iúir

Is é Achadh an Iúir an baile deireanach ar Bhealach Náisiúnta an N3 ó Bhaile Átha Cliath go Teorainn Thuaisceart Éireann nach bhfuil seachbhóthar ann. Is é an t-aon bhaile chomh maith ar an líonra príomhbhóithre náisiúnta laistigh de raon 100 km ó Bhaile Átha Cliath nach bhfuil seachbhóthar ann. Cheap Comhairle Contae an Chabháin JB Barry Transportation Ltd mar Chomhairleoirí Teicniúla chun na seirbhísí innealtóireachta, comhshaoil, eacnamaíocha agus breithmheasa ar fad ba ghá chun an tionscadal sin a sholáthar trí na céimeanna pleanála agus deartha. Sínfear an limistéar staidéir don scéim ó dheireadh charrbhealach dúbailte an N3 atá ann cheana ag teorainn an Chabháin/na Mí go Lios Cré, ó Thuaidh ó Bhaile Achadh an Iúir. Cuirfear feabhas suntasach leis an scéim ar an N3, rud a laghdóidh an brú tráchta in Achadh an Iúir agus lonnaíochtaí an Mhachaire agus an Gheata Bháin agus trasstráice bealaigh comhsheasmhach agus aga feabhsaithe turais agus éifeachtacht taistil do thrácht na mbóithre náisiúnta á soláthar ag an am céanna.



Thuas: Brú tráchta in Achadh an Iúir

Scéimeanna Mionfheabhsúcháin

N55 Corduff go dtí ó Dheas ó Killydoon, Stráice A

Shroich Stráice A, a bhain le hathailíniú 3.2 km den N55 ag dhá shuíomh ar leith ó dheas ó Bhéal Átha na nEach, críoch substaintiúil ar an 30 Samhain 2018. Tá an Conradh i dtréimhse na lochtanna faoi láthair agus tá an Conraitheoir (Fox Building and Engineering Ltd.) ag leanúint le hoibreacha fadhbanna a dhéanamh faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh siad sin críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna 2019.



Thuas: Amharc ón aer ar athailíniú an N55 ag an nGarraí Mór, agus an t-acomhal úr leis an L-6552, mar aon le lána tiomnaithe casadh ar dheis.




Thuas: Amharc ón aer ar an N55 athailínithe ag Oghill ina dtairgtear deiseanna anois chun scoith agus a chuirtear in ionad an stráice chaoil a bhí ann roimhe sin ar bhain easpa ciumhaiseanna agus fánaí taoibh ghéara leis.

N55 Corduff go dtí ó Dheas ó Killydoon, Stráice B

Baineann Stráice B, idir na bailte fearainn Bhéal Átha Trost agus Mhullach Odhráin, le hathailíniú 3.7 km den N55 díreach ó dheas ó Stráice A. Rinneadh dul chun cinn maith ar Phleanáil agus Dearadh an Stráice sin le linn 2019. Dhearbhaigh an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don Scéim i mí Feabhra 2019 agus d'fhoilsigh Comhairle Contae an Chabháin fógra faoi Ordú an Bhoird i mí Aibreáin 2019. Eisíodh Fógra Gnóthaíochta do na húinéirí tí lenar bhain i dtús Dheireadh Fómhair 2019.

Cuireadh an Scéim ar aghaidh chomh maith go dtí soláthar Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Innealtóireachta chun an scéim a chur chun cinn trí na céimeanna tionscadail eile, lena n-áirítear an Príomhchonradh Tógála. Tá an próiseas Tairisceana maidir le Comhairleoirí Innealtóireachta fós ar siúl, táthar ag súil le ceapachán na Tairisceana is ísle ag deireadh mhí na Samhna. Ar feitheamh cheapachán Comhairleoirí agus a gcur i gcrích rathúil de Chéim 5 (Cumasú agus

Soláthar) agus faoi réir cheaduithe riachtanacha BIÉ, táthar ag súil go ndámhfar an Príomhchonradh Tógála le haghaidh Stráice B ag deireadh 2020.



Thuas: Léarscáil Suímh de N55 Corduff go dtí ó Dheas ó Athailíniú Killydoon, Stráice B

Scéim N3 Thimpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath

Ceapadh RPS Consulting Engineers chun Scéim N3 Thimpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn trí chéimeanna 1, 2 agus 3 de na Treoirínte maidir le Bainistíocht Tionscadal. Is é an Phríomhaidhm leis an scéim seo dul i ngleic le ceisteanna brú tráchta agus sábháilteachta ag an timpeallán. Tá RPS ag obair faoi láthair ar chéim 2, Roghnú roghanna.

Scéimeanna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre Náisiúnta

Cuireadh Réamhdhearadh le haghaidh Chéim 2 de N3 Shráid Mhór Achadh an Iúir i gcrích ag deireadh 2018 i ndiaidh comhairliúchán le Comhairleoirí Ceantar Bardasach, Foireann an Bhaile, an Cumann Forbartha, agus an pobal. In 2019 fuarthas ceadú ó BIÉ chun Roadplan Consulting Engineers a cheapadh sa scéim lena cur ar aghaidh trí Phleanáil, Dearadh Mionsonraithe, Tairiscint agus Tógáil Chuid 8.

Scéimeana maidir le Forleagan Cosán Bóithre Náisiúnta

Cuireadh ocht scéim maidir le forleagan cosán i gcrích in 2019:

- Forleagan Cosáin N55 Eochaille go Béal Átha na nEach Thuaidh



- Forleagan Cosáin N3 Cornaslieve go hAchadh an Lúir Thuaidh
- Cuireadh na ceithre scéim seo a leanas ar an N87 le chéile i dtionscadal amháin le fad comhcheangailte 6.9 km. B'ionann an leithdháileadh BIÉ iomlán i gcomhair na scéimeanna sin agus €3.3 milliún. Cuireadh na hoibreacha i gcrích i mí na Samhna 2019:
 - Scéim maidir le Forleagan Cosáin Bhéal Átha Chonaill – 2.0 km
 - Scéim maidir le Forleagan Cosáin an Mhuilinn Iarainn – 2.1 km
 - Scéim maidir le Forleagan Cosáin Gortullaghan – 1.5 km
 - Scéim maidir le Forleagan Cosáin Killyneary – 1.3 km



- Forleagan Cosáin N16 an Bhlaic Thiar – Ceapadh na hoibreacha sin agus cuireadh amach ar conradh iad agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil in 2020, ag brath ar an maoiniú a bheidh ar fáil.
- Tá Comhairle Contae an Chabháin ag súil le scéim maidir le forleagan cosán a chur chun cinn le linn 2020 ar an N55 trí Bhaile Bhéal Átha na nEach.

Mionfheabhsúcháin ar Bhacainn Sábháilteachta Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Gráid 2019

Leithdháil BIÉ €265,000 i gcomhair oibreacha deisiúcháin agus athsholáthair ar Bhacainn Sábháilteachta feadh Príomhbhóithe Náisiúnta agus Bóithre den Dara Gráid a cuireadh i gcrích le déanaí.

Fálú Iarfheistithe Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Gráid 2019

Leithdháil BIÉ €100,000 chun fálú ráille coincréite/adhmaid a bhí ann cheana feadh na mbealaí a iarfheistiú le cineál fáil athbhreithnithe, is é sin, córas srianta fáil mogalra teannta feadh criosanna soiléirí stráice den bhóthar náisiúnta ina bhfuil an luasteorainn 100 km/u i bhfeidhm. Sainaithníodh trí shuíomh phíolótacha le cead ó na húinéirí talún ar an N3 agus an N87. Cuireadh an dá shuíomh ar an N3 i gcrích i lár na bliana agus cuireadh an stráice deireanach ar an N87 i gcrích i mí na Samhna.



Stráice den scéim fálaithe Iarfheistithe ag an N3 ag an Dromainn

Áiríodh ar na scéimeanna comharthaíocht fheabhsaithe ag cora ar na Bóithre Réigiúnacha, R165 Leamhaí go Coill an Chollaigh, R191 Choill an Chollaigh go Muinchille agus R178 Choill an Chollaigh go hAchadh an Iúir. Tógadh Crosairí



Coisithe i mBaile an Chabháin in aice leis an Stáisiún Bus agus gar do Pháirc Con Smith/ Institiúid an Chabháin. Soláthraíodh Crosaire Coisithe agus cosáin i Sráidbhaile Charraig an Tobair chomh maith. Tugadh isteach

bearta Maolaithe Tráchta ar an mbealach isteach chuig na Páirceanna tionsclaíocha ar Bhóthar an Chabháin go Baile Mhuinchille. Cuireadh an chéad chéim de na hoibreacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht i gcrích ar bhóthar Achadh an Iúir isteach go Coill an Chollaigh agus táthar le tús a chur le hoibreacha comhchosúla ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag Dún an Rí.

Léaráid: Crosaire Coisithe agus Bá Busanna úr ag Institiúid an Chabháin/Pháirc Con Smith i mBaile an Chabháin.

Tionscadail Droichead ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Fuair Comhairle Contae an Chabháin €492,600 i Leithdháiltí Deontais ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcomhair 18 Scéim Droichead ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla in 2019. Ba iad seo a leanas na droichid :- R162 Droichead Shearcóige, L6101 Droichead Lios na nGabhann, L1520 Droichead Loch Chaoin, L6109 Droichead Chorr Chlocháin, L6532 Droichead na Clogaí, L2011 Droichead Greenow, L5515 Droichead na bhFualach, L2013 Droichead Shankill, R178 Droichead Áth na Long, R191 Droichead Dhroim Dhúin , R205 Droichead Dhoire Goine, L2011 Droichead Lisatoo, R191 Droichead Enagh, L3535 Droichead Gallonboy, L6141 Droichead Killycloghan, L2014 Droichead McShane, L1520 Droichead Derrindrehid agus R198 Droichead Thír Choileáin.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Cuireadh oibreacha i gcrích ar ceann de chlár Droichead na Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt seachas trí cinn. Maidir leis na trí dhroichead sin; is iad sin Droichead na Clogaí, Droichead Creenow agus Droichead Dhroim Dhúin siar go dtí 2020 mar gheall ar cheisteanna comhshaoil agus áitiúla. Bhí róchaiteachas i gceist ar chlár droichead 2019 mar gheall ar chostais tairisceana a bhí níos airde ná mar a bhí measta agus an gá a bhí ann le deisiúcháin níos fairsinge. Chomh maith leis sin, sainaithníodh trí dhroichead bhreise le linn 2019, a raibh an-drochbhail orthu agus a raibh idirghabháil fairsing ag teastáil ina leith, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an mbuiséad. Ba iad na trí dhroichead sin teannta Iarnróid R198, Farnham Road, L3520 Droichead Dhoire agus L3508 Droichead Noughty. Chuir Comhairle Contae an Chabháin iarratas isteach chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus fuair sí €97,242.48 sa bhreis chun na costais bhreise sin a chlúdach.

Le linn na bliana tháinig na trí dhroichead a raibh an-drochbhail orthu agus a raibh idirghabháil fairsing ag teastáil ina leith chun feasa Chomhairle Contae an Chabháin, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an mbuiséad. Ba iad na trí dhroichead sin teannta Iarnróid R198, Farnham Road, L3520 Droichead Dhoire agus L3508 Droichead Noughty. Chuir Comhairle Contae an Chabháin iarratas isteach chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh leithdháileadh breise de €137,747.50 chun na hoibreacha athshlánaithe práinneacha sin a dhéanamh.

Leithdháileadh €231,000 breise d'acmhainní dílse ar dhearadh speisialtóra riachtanach ar bith a raibh gá leis mar aon le hathshlánú 5 dhroichead ag droichead Dhoire na Ceise uimh. 2, droichead Greaghadossan, droichead Drumcoghill, tóchar Greaghadossan, droichead Thulaigh Bhinn agus ard-oibreacha bainte fásra ar dhroichid.

Chomh maith leis sin, deisíodh droichead Carrickane faoi mhaoiniú Ghlasbhealaí Bhaile an Chabháin.



Droichead Shearcóige – Roimhe



Droichead Shearcóige – Ina dhiaidh



Droichead Lios na nGabhann – Roimhe



Droichead Lios na nGabhann – Ina dhiaidh

Scéim um Rannpháirtíocht an Phobail

Leanann rannóg Bhóithre agus Iompair Chomhairle Contae an Chabháin ag tacú le rannpháirtíocht an phobail i bhfeabhsú Bóithre Áitiúla. In 2019, fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcomhair 6 Scéim um Rannpháirtíocht an Phobail, agus sholáthair na hiarratasóirí 20% de chostais na n-oibreacha. Bhí na scéimeanna sin lonnaithe ag Lisnasasna, Cill Chóige Uachtarach, Drumbagh, Fraal, Caisleán Raithin.



Cothabháil Bóithre

Tá cothabháil leanúnach ar na bóithre ríthábhachtach chun infheistíocht oibreacha feabhsúcháin na mblianta roimhe seo a choimeád. Sa tábla thíos taispeántar luach na n-oibreacha cothabhála a rinneadh le linn na bliana ar gach cineál bóthair.

Catagóir Bóthair	Kms	Cothabháil Costais 2019 (€)
Príomhbhóthar Náisiúnta	62	544,473
Bóthar Náisiúnta den Dara Grád	61	370,830
Réigiúnach	399	945,288
Áitiúil	2489	4,495,712
Iomlán	3011	6,356,303

Cothabháil Bóithre Náisiúnta

Le linn 2019 fuair Comhairle Contae an Chabháin maoiniú dar luach €915,303 i gcomhair chothabháil líonra na bpríomhbhóithre náisiúnta agus bóithre den dara grád sa Chabhán faoi chlár maidir le Cothabháil an Gheimhridh, Soilsiú Bealaí, Gnáthchothabháil agus Lochanna ar Bhealaí. Chuir BIÉ maoiniú breise cothabhála ar fáil le haghaidh oibreacha cothabhála sonracha eile.

Cothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

In 2019 leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh €2.3 milliún i bhfoirm Deontas Lánroghnach a bhain go sonrach le cothabháil an Líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Sholáthair Comhairle Contae an Chabháin €1.53 milliún breise óna hacmhainní dílse chun na críocha céanna. Áiríodh ar na príomhoibríochtaí cothabhála obair draenála agus deisithe dromchlaí.

Cothabháil an Gheimhridh

Déileálann Comhairle Contae an Chabháin le 530 km ainmnithe de líonra Bóithre mar chuid dá Seirbhís Cothabhála Geimhridh arb ionann é agus 18% den líonra iomlán. Tá Plean Freagartha Seirbhíse an Gheimhridh agus léarscáileanna de na bealaí a



gcuirfear salann orthu postáilte ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle lena dtaispeáint don phobal. Tugtar tús áite don Líonra Bóithre Náisiúnta toisc go n-iompraíonn sé an méid is mó tráchta agus go bhfreastalaíonn sé ar luasanna níos airde. Cuirtear Cothabháil an Geimhrigh i gcrích mar réamhchóireáil ar bhonn dálaí réamhaisnéise.

Soilsiú Poiblí

Soláthraíonn agus cothaíonn Comhairle Contae an Chabháin Soilsiú Poiblí do 29 baile agus sráidbhaile san iomlán. Le linn na bliana d'uasghrádaigh an Chomhairle stráicí den bhonneagar soilsithe laistigh de na trí Cheantar Bhardasacha, lena n-áirítear teicneolaíocht LED a úsáid lena laghdaítear na costais fuinnimh agus chothabhála agus lena laghdaítear astaíochtaí carbóin.

Rinneadh 37% de stoc soilsithe poiblí Chomhairle Contae an Chabháin a nuashonrú le feistis LED ag deireadh 2019. I gcomhthéacs soilsiú bealaí ar ár bPríomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád, fuair Comhairle Contae an Chabháin €186,500 i gcomhair oibreacha uasghrádaithe. Tá sé tuartha againn go ndéanfar uasghrádú ar gach Bóthar Náisiúnta in 2020. Tá Comhairle Contae an Chabháin ag obair faoi láthair i gcomhpháirtíocht leis an RMO ar bhonn réigiúnach chun clár iomlán iarfheistithe LED a bhaint amach, agus measaimid go gcuirfear é sin i bhfeidhm i ráithe 4 de 2020 nó i dtús 2021. Is é SSE Airtricity Utility Solutions Ltd Conraitheoir Cothabhála na Comhairle le haghaidh soilsiú poiblí agus soláthraíonn Energia an soláthar leictreachais neamh-mhéadraithe.

Taisteal Cliste agus Glasbhealaí a Fhorbairt (Taitneamhacht)

Bailte Taistil Gníomhacha 2014-2016

Tá an scéim sin curtha i gcrích anois. Cuireadh dromhclú lánaí rothaíochta den scoth i gcrích i mí Mheán Fómhair 2019.



Glasbhealaí a Fhorbairt (Taitneamhacht)

Glasbhealach Iarnróid an Chabháin-Liatroma

Tá údarais Áitiúla an Chabháin agus an Liatroma ag obair i gcomhpháirtíocht ar fhorbairt an tionscadal um Glasbhealaí sin. Le forbairt an Ghlasbhealaigh 54 km sin tá sé beartaithe leas a bhaint as an sean-iarnród a ritheann ó Bhéal Tairbirt i gContae an Chabháin trí Bhóthar Thuaim Chinn Róid, Béal Átha Chonaill, Ballyheady, Teampall an Phoirt, Killyran, Garbhros, Béal an Átha Mhóir, Lawderdale, Fíonach, Áth an Dúin, Ros Searraigh, Maothail agus Dereen go Dromad i gContae Liatroma. Tá an Tionscadal um Ghlasbhealach sin á fhorbairt i gcomhar leis na grúpaí pobail áitiúla agus cumainn forbartha feadh an bhealaigh bheartaithe.

Cheap Comhairle Contae an Chabháin mar an príomhúdarás, i ndiaidh próiseas soláthair, Roughan & O'Donovan Consulting Engineers chun Réamhdhearadh mionsonraithe a sholáthar agus chun Scagadh MI agus Scagadh MTT a dhéanamh don tionscadal agus tugadh an obair sin chun crích go substaintiúil in 2016. Chuir Comhairle Contae an Chabháin iarratas ar mhaoiniú isteach chuig Fáilte Éireann don scéim.

Glasbhealach an Chabháin go dtí Droichead an Bhuitléir – Glasbhealach Bhaile an Chabháin

D'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú a fháil le haghaidh stráice Glasbhealaigh feadh na líne Iarnróid as feidhm ó Shráid Loreto a cheanglaíonn ar ais le cúl Ospidéal Ginearálta an Chabháin. D'ullmhaigh CST Consulting Engineers an réamhdhearadh don iarratas ar Phleanáil Chuid VIII. Faomhadh Pleanáil Chuid VIII ag cruinniú Iúil 2019 an Cheantair Bhardasaigh.

Tugadh doiciméid tairisceana i gcrích i mí Mheán Fómhair agus fógraíodh an Scéim ar ríomhthairiscintí agus ba é an 11 Deireadh Fómhair 2019 an dáta fillte. Cuireadh measúnú tairisceana i gcrích i mí na Nollag 2020 agus eisíodh litir intinne. Tá an tógáil le tosú i ráithe 1 2020 agus tá sé beartaithe go mbeidh sé curtha i gcrích faoi Ráithe 3 2020.



Glasbhealach Bhéal Átha Chonaill go Bellaheady

Dámhadh maoiniú ar Chomhairle Contae an Chabháin i gcomhpháirtíocht le hUiscebhealaí Éireann faoi Bheart 3 den Scéim le haghaidh Bonneagar Caitheamh Aimsire Faoi Aer 2017. Táthar le tús a chur le forbairt 5.5 km de chonair rothaíochta agus siúil caitheamh aimsire ó bhaile Bhéal Átha Chonaill, Contae an Chabháin go Droichead Bellaheady, feadh Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne go príomha ar bhruacha na Graine a thógáil i mí Eanáir 2020 agus tá sé beartaithe go gcuirfear i gcrích é le linn 2020.

Béal Tairbirt go dtí an Chorrchoill (Loc 1)

I gcomhpháirtíocht le hUiscebhealaí Éireann, d'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú a fháil le haghaidh stráice Glasbhealaigh /Gormbhealaigh ó Bhaile Bhéal Tairbirt go dtí Loc 1 ag an gCorrchoill. D'ullmhaigh Jennings O' Donovan Consulting Engineers an réamhdhearadh don iarratas ar Phleanáil Chuid VIII. Faomhadh Pleanáil Chuid VIII ag cruinniú Iúil 2019 an Cheantair Bhardasaigh. Úsáideann an chonair an líonra bóithre atá ann agus déantar uasghrádú ar raonta rochtana príobháidí ar a bhealach i dtreo Dhroichead Aghalane. Tá droichead coise uasghrádaithe trasna Abhainn Rag cuimsithe sa dearadh chomh maith. Ó Aghalane gabhann an chonair feadh Chanáil na Gráige go Loc 1.

Tugadh doiciméid tairisceana i gcrích i mí Mheán Fómhair agus fógraíodh an Scéim ar ríomhthairiscintí agus ba é an 18 Deireadh Fómhair 2019 an dáta fillte. Cuireadh measúnú tairisceana i gcrích i mí na Nollag 2020 agus eisíodh litir intinne. Tá an tógáil le tosú i ráithe 1 2020 agus tá sé beartaithe go mbeidh sé curtha i gcrích faoi Ráithe 2 2020.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Seoladh Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chabháin i mí na Bealtaine 2017. Ba é Grúpa 'Ag Obair le Chéile' um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chabháin a d'ullmhaigh an plan, grúpa ilghníomhaireachta, ildisciplíneach a bunaíodh in 2015 chun cur chuige comhordaithe, comhoibríoch agus



comhsheasmhach maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóithre a chinntiú.

Áirítear ar Ghrúpa 'Ag Obair le Chéile' um Shábháilteacht ar Bhóithre an Chabháin ionadaithe ó Chomhairle Contae an Chabháin, ón tSeirbhís Dóiteáin, ó RSA, BIÉ, ón nGarda Síochána, ó FSS, ón tSeirbhís Otharcharranna agus ó Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin-Mhuineacháin.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sa Phlean Gníomhaíochta:-

- An líonra bóithre a dhéanamh sábháilte do gach úsáideoir bóithre.
- Prionsabail na Straitéise Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 a chur i bhfeidhm, go sonrach, chun díriú ar na ceithre phríomhghnéithe um shábháilteacht ar bhóithre, is iad sin Oideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú agus Meastóireacht.
- Comh-mhothú freagrachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.
- Dul i ngleic leis an bpríomhiompar a sainithníodh laistigh den Straitéis Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre nach mór é a athrú.
- Dul i ngleic le hiompar ar bith a bhaineann le Contae an Chabháin agus straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an iompar sin.
- Leanúint le naisc agus comhar trasteorann agus iad a neartú, go háirithe i réimse an oideachais agus an fhorfheidhmithe.

Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an bPlean ar bhonn rialta agus is é an dúil agus an t-ionchas go gcuirfear cion suntasach i dtreo feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre i gContae an Chabháin leis an bPlean Gníomhaíochta um Sábháilteacht ar Bhóithre 2017-2020.



Fuair Comhairle Contae an Chabháin Gléasanna Cinn Fíorúla agus oiliúint ó Aviva agus ba chóir go gcuideodh siad inár gclár oideachais do mheánscoileanna.

Coistí um Beartas Straitéiseach

Ceann de na príomhchuspóirí le Rialtas Áitiúil Níos Fearr ná feabhas a chur ar an Daonlathas Áitiúil agus mar thoradh air sin cuireadh Coistí um Beartas Straitéiseach ar bun. Soláthraíonn siad sin fóram úr le haghaidh Ionadaithe Tofa na Comhairle agus Ionadaithe Eagraíochtaí Pobail agus Stáit chun oibriú le chéile chun beartais úra a fhorbairt agus seanbeartais a athbhreithniú. Déanann Comhalta den Chomhairle cathaoirleacht ar gach Coiste agus fónann Stiúrthóir Seirbhísí air.

Coistí um Beartas Straitéiseach maidir le Bóithre agus Iompar;

Tionóladh 2 Chruinniú le linn 2019 agus rinneadh na topaicí seo a leanas a phlé agus a chur ar aghaidh:

Clár Oibreacha Bóithre 2019, Pleanáil Do Dhrochaimsir, CIS, LIS, Plean Gníomhaíochta Torainn

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choistí um Beartas Straitéiseach maidir le Bóithre agus Iompar;

An Clr Sean Smith	Cathaoirleach, CBS
An Clr Peter Mc Vitty	Comhalta de Chomhairle Contae an Chabháin
An Clr Sarah O' Reilly	Comhalta de Chomhairle Contae an Chabháin
An Clr TP O' Reilly	Comhalta de Chomhairle Contae an Chabháin
An Clr Brendan Fay	Comhalta de Chomhairle Contae an Chabháin
An Clr Trevor Smith	Comhalta de Chomhairle Contae an Chabháin
Padraig J Young	Ionadaí Agraibhia agus Feirmeoireachta
Eamon Mulcahy	Ionadaí Pobail



An Comhshaol, agus Bainistíocht Dramhaíola

Is é an Rannóg Comhshaoil agus Bainistíochta Dramhaíola an rannóg atá freagrach as gach ábhar a bhaineann leis an gcomhshaol laistigh den chontae. Déanann sí bainistíocht chomh maith ar an tSeirbhís Maorachta Madraí, Cothabháil ar Reiligí Dílisithe, fodhlíthe maidir le Corrrhrádáil agus Bainistíocht Fuinnimh.

An Comhshaol

Contae tuaithe ina bhfuil a lán aibhneacha agus lochanna is ea an Cabhán agus dá réir sin ní iontas ar bith é go dteastaíonn aird shuntasach ar an gceist maidir le héilimh ar cháilíocht an uisce. D'fhéadfadh scaoileadh tionsclaíoch agus tráchtála, cleachtais feirmeoireachta, doirteadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh agus córais chóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithíocht aon uaire dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce. Tá ról ríthábhachtach ag an roinn Comhshaoil agus Dramhaíola maidir le cosaint foinse ár mórán soláthairtí uisce óil poiblí, grúpa nó príobháideacha ar fud an Chontae. Déileálann an rannóg chomh maith le ceisteanna comhshaoil eile, lena n-áirítear maidir le cigireachtaí cóireála fuíolluisce, truailliú torainn agus aeir, iarratais ar phleanáil agus fodhlíthe sonracha maidir leis an gcomhshaol. Déanaimid monatóireacht ar an ídiú fuinnimh agus spreagaimid cleachtais fuinnimh inbhuanaithe agus ídiú fuinnimh laghdaithe sa Chabhán. Aithnítear an t-athrú aeráide anois mar dhúshlán domhanda lena dteastaíonn freagairtí beartais i gcomhthéacs na cúiseanna leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú do na hiarmhairtí atá dosheachanta anois dár n-aeráid atá ag athrú. Tá gníomhaíocht ar an leibhéal áitiúil fíorthábhachtach chun cuidiú leis na rioscaí agus na hiarmhairtí maidir leis an athrú aeráide a laghdú ar fud pobal. Glacadh Straitéis an Chabháin um Oiriúnú don Athrú Aeráide in 2019 agus forbróidh sé an próiseas maidir le pleanáil um oiriúnú i gComhairle Contae an Chabháin agus is é an chéad chéim chun an t-eolas agus ár dtuiscint maidir lenár n-aeráid atá ag athrú a mhéadú, athléimneacht a mhéadú, agus freagairtí éifeachtúla do na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide a éascú.



Uiscí Nádúrtha

Deirtear go bhfuil loch sa Chabhán do gach lá don bhliain agus mar gheall ar a gheolaíocht uathúil is é an áit a n-éiríonn an dá abhainn is mó in Éirinn, an tSionainn agus an Éirne. Tá ár n-uiscí nádúrtha ina gcuid riachtanach de mheallacht an chontae do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí araon. Trí uiscí dea-cháilíochta a choimeád laghdaímid an costas a bhaineann le huiscí óil a chóireáil agus déanaimid ár gcontae níos mealltaí do mhuintir an Chabháin agus do chuairoteoirí araon. Tá soláthar uisce slán agus sábháilte ar cheann de phríomhspreagthaigh na gníomhaíochta eacnamaíche i gContae an Chabháin. Braitheann na tionscail talmhaíochta, bia agus deochanna ar sholáthar uisce ghlain a bheith acu

An Chreat-treoir Uisce

Féachtar le Creat-treorach Uisce an Aontais Eorpaigh 2000 ár n-uiscí nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce cósta agus uiscí trasdultacha. Cuirtear na cuspóirí leis an gCreat-treoir Uisce chun feidhme trí Phlean Bainistíochta Abhantrach arb é sin cur chuige an rialtais maidir le cáilíocht an uisce a fheabhsú agus a chosaint ar fud na tíre.

I mí Iúil 2014, d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Rialacháin na gComhphobal Eorpach) (Beartas Uisce) 2014, lenar tugadh éifeacht do chreat úr trí shraith rialachais agus lenar gcuireadh oibleagáidí úra ar na húdaráis áitiúla a ngnéithe bainistíochta abhantrach agus rannpháirtíochta poiblí den Chreat-treoir Uisce a comhordú. Tugadh stádas cáilíochta do gach dobharlach gach bliain. Tá sé d'oibleagáid orainn na huiscí uile a mbaineann dea-stádas nó ard-stádas leo a chosaint agus ní mór na huiscí sin atá faoi dhea-stádas a fheabhsú.

Plean Bainistíochta Abhantrach (PBA)

Tá sé ceangailte ar Éirinn plean bainistíochta abhantrach a sholáthar faoin gCreat-treoir Uisce. Leagtar amach sa Phlean Bainistíocht Abhantrach d'Éirinn 2018-2021 na bearta a dhéanfaidh Éire chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus stádas éiceolaíoch 'maith' a bhaint amach i ndobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir



agus uiscí cósta) faoi 2027. Tá cáilíocht an uisce in Éirinn ag meath le fiche bliain anuas. Soláthraítear creat níos comhordaithe sa Phlean maidir le feabhas a chur ar cháilíocht ár n-uiscí – chun an tsláinte phoiblí, an comhshaol, fóntais uisce a chosaint agus chun tionscail atá dian ar uisce a choimeád, lena n-áirítear an tionscal agraibhia agus an tionscal turasóireachta, go háirithe i gceantair thuaithe na hÉireann.

Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil- LAWPRO

Seirbhís chomhroinnte is ea Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil a oibríonn leis na hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit chun Pleananna Bainistíochta Abhantrach in Éirinn a fhorbairt agus a chur chun feidhme, faoi mar a cheanglaítear faoi Chreat-treoir Uisce AE. Is é an phríomhfhócas don obair sin cáilíocht an uisce in aibhneacha, lochanna, agus screamhuisce a chosaint agus a fheabhsú. Tá dea-cháilíocht uisce agus timpeallacht uisce shláintiúil ríthábhachtach do shláinte an duine agus don iliomad fiadhúlra. Cuireann sé taca faoin ngeilleagar áitiúil chomh maith agus tacaíonn sé le poist áitiúla in earnálacha amhail turasóireacht, talmhaíocht agus monaraíocht.

Is iad seo a leanas na trí aidhm straitéiseacha atá leis an gclár:

- Tacú le comhlachtaí poiblí agus le páirtithe leasmhara eile agus iad a chomhordú chun cuspóirí an PBA a bhaint amach.
- Pobail áitiúla a ghníomhachtú chun oibriú ar abhantraí ar aon dul leis an gcur chuige comhtháite maidir le bainistíocht abhantrach.
- Bonn agus móiminteam a fhorbairt le haghaidh feabhsuithe fadtéarmacha agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme an 3ú Timthriall PBA.

Monatóireacht ar Aibhneacha agus Lochanna

Ghlac foireann allamuigh na Roinne Comhshaoil os cionn 500 sampla ó aibhneacha agus lochtanna ar fud Chontae an Chabháin le linn 2019. Tugadh faoi na samplaí sin i gcomhréir le Clár Náisiúnta Monatóireachta na Creat-treorach Uisce. Baintear úsáid



as na torthaí ó anailís ó na samplaí sin, mar aon le sonraí bitheolaíocha, éiceolaíocha agus hidreamoirfeolaíochta eile a bheidh ar fáil don GCC, chun cáilíocht uisce na haibhneacha agus na lochtanna a aicmiú chun críocha na Creat-treorach Uisce. Tá roinnt cineálacha éagsúla brúnna ann ar cháilíocht an uisce lena n-áirítear fuíolluisce uirbeach, talmhaíocht agus foraoiseacht. Tá na brúnna ar cháilíocht an uisce éagsúil agus baineann níos mó ná brú amháin le formhór na ndobharlach atá 'i mbaol'. Níl formhór na hoibre a dhéanaimid chun cáilíocht ár n-uisce a fheabhsú follasach go héasca. D'fhéadfadh sé go nglacfadh sé tamall fada do cháilíocht an uisce i lochanna go háirithe sula bhfeicfear an feabhas. Mar sin féin, agus na córais atá i bhfeidhm á gcur san áireamh, táimid ag súil go bhfeicfear feabhas leanúnach seasta sna blianta amach romhainn go dtí go mbainfimid dea-stádas amach dár n-uisce go léir.

Córais Chóireála Fuíolluisce Tí

Rinneadh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) a achtú in 2012 chun cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla a chosaint (go háirithe foinsí uisce óil) ar na rioscaí ó chórais cóireála uisce tí lochtacha. Bhí sé ceangailte ar gach úinéir áitribh a bhí ceangailte le córas cóireála fuíolluisce tís a gcórais a chlárú faoi mhí Feabhra 2013. I bPlean Náisiúnta Cigireachtaí (PNC) leagadh amach na ceanglais maidir le cigireacht ar bhonn Náisiúnta agus tugtar tús áite ann don roghnú cigireachta ar bhonn an riosca um thruailliú.

Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne na rannóige Comhshaoil agus thug siad faoi chigireachtaí ar chórais chóireála fuíolluisce i gcomhréir leis an PNC. Rinneadh 33 cigireacht san iomlán in 2019 i gContae an Chabháin. Fuair agus phróiseáil Comhairle Contae an Chabháin iarratas amháin ar dheontas le linn 2019 i gcomhar leis an Roinn.

Truailliú Uisce

Le linn 2019, d'fhreagair baill foirne ón Roinn Comhshaoil ar thart ar chéad gearán a bhain le huisce. Mar thoradh ar na himscrúduithe a bhain leis na gearáin sin tionscnaíodh cineálacha éagsúla um ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin. I roinnt cásanna ní theastaíonn aon rud eile a dhéanamh i ndiaidh imscrúdú agus dúnadh an



comhad nó cuireadh ar aghaidh chuig Roinn den Chomhairle é lena iniúchadh. I gcás gur measadh go raibh gá le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin mar gheall ar scaoileadh ábhair thruaillithe nó riosca i dtruaillíofaí uiscí a bheith ann, d'fhéadfadh sé go ndearnadh na gníomhaíochtaí seo a leanas ag brath ar an gcás a chonaic an Cigire ar an láithreán –

- Litir chomhairleach
- Litir rabhaidh
- Fógra Alt 12 (Achtanna um Thruailliú Uisce)
- Fógra Alt 3 (Achtanna um Thruailliú Uisce)
- Crostuarascáil chuig an Roinn Talmhaíochta

Ceadúnais um Dhoirteadh

Rinne cigirí ón Roinn Comhshaoil monatóireacht ar 57 saoráid cheadúnaithe um dhoirteadh le linn 2019. Bhí 247 imscrúdú i gceist leis sin. Leis na ceadúnais sin soláthraítear smacht ar dhoirteadh eisiltigh i screamhuiscí agus in uiscí dromchla, lena n-áirítear aibhneacha agus lochanna. Leis na ceadúnais sin cuirtear freagracht agus cuntasacht ar an scaoilteoir/shealbhóir an cheadúnais. Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as doirteadh eisiltigh in uiscí a rialú trí cheadúnú. Áirítear ar na ceadúnais coinníollacha rialaithe truailithe chomh maith le luachanna teorann astaíochtaí ar an doirteadh.

Tá an Roinn Comhshaoil páirteach sa phróiseas chun doirteadh i líonra séarachais a cheadúnú. Tagann sé sin faoi shainchúram Uisce Éireann agus déanann Cigirí ábhartha na Roinne Comhshaoil an obair sin i gcomhréir leis an gcomhaontú seirbhíse le hUisce Éireann.

Achtanna agus Rialacháin um Thruailliú Aeir (Tuaslagóirí/Péinteanna Maisiúla/PVE/Gual Toiteach)

Le linn 2019, bhí Ceadúnas Aeir gníomhach amháin ag feidhmiú sa Chontae, d'fhreastail Cigirí ar an láithreán agus tá idirchaidreamh á dhéanamh acu leis an oibreoir i ndáil le comhlíonadh cheanglais a cheadúnais.



Sna Rialacháin maidir le Tuaslagóirí déileáiltear go príomha le hastaíochtaí ó ghnólaigh tirimhlanta ar fud Chontae an Chabháin. Astaítear comhdhúile orgánacha so-ghalaithe (VOCanna) mar gháis ó sholaid nó léachtaí áirithe. Áirítear orthu ceimiceáin éagsúla, cuid díobh a bhféadfadh droch-éifeachtaí sláinte gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bheith leo. Tá na rialacháin sin i bhfeidhm chun astaíochtaí comhdhúile orgánach so-ghalaithe (VOCanna) sa chomhshaol a laghdú, go háirithe trí astaíochtaí san aer a rialú, a chosc agus a laghdú. Is amhlaidh sin toisc go bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith ag scaoileadh VOC ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Déanann na hoibreoirí measúnuithe agus má bhíonn gach rud ceart go leor, cuireadh siad iarratas faoi bhráid Chomhairle Contae an Chabháin le haghaidh Deimhniúcháin. Is féidir na deimhnithe a eisiúint ar feadh suas le 3 bliana má bhíonn an t-oibreoir ag cloí leis na rialacháin. D'fhéadfadh sé go bhforchuirfí achair ama níos gairide más gá neamhchomhlíonadh a réiteach. Bhí 5 saoráid ag a raibh na Deimhnithe riachtanacha ag deireadh 2019.

Leis na Rialacháin maidir le Péinteanna Maisiúla, déantar cion de shuiteáil ath-bhailchríochnaithe nó deisiúcháin feithicle a oibriú gan deimhniú bailí um chomhlíonadh. Ní mór do mhórdhíoltóirí carr agus soláthraithe péinteanna cloí leis na rialacháin sin chomh maith toisc gur cion é táirgí ath-bhailchríochnaithe feithicle atá neamhchomhlíontach a chur ar an margadh. Tá an nós imeachta um Dheimhniúchán cosúil leis an nós imeachta maidir leis an Rialachán maidir le Tuaslagóirí. Bhí 11 saoráid ag a raibh an Deimhniú riachtanach ann ag deireadh 2019.

Beidh Rialacháin maidir le hAstaíochtaí ó Ghal Peitрил ábhartha má dhéileálann cuideachta le breoslaí leachta agus gáis, amhail stáisiúin pheitрил, agus mar sin is gá deimhniú maidir le hastaíochtaí ó ghal peitрил a fháil ó Chomhairle Contae an Chabháin. Tugann measúnóir faoi mheasúnú nuair a bhíonn peitreal á sheachadadh. Cuirtear na torthaí as sin faoi bhráid Chomhairle Contae an Chabháin. Má bhíonn gach rud ceart go leor féadfar Deimhniú a eisiúint. Bhí an Deimhniú riachtanach ag 24 saoráid ag deireadh 2019.



Tugtar Rialacháin fán an Acht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí 2012 (arna leasú) ar na Rialacháin maidir le Gual Toiteach chomh maith. Tá toirmeasc ar ghual toiteach agus breoslaí áirithe a dhó i gCriosanna Íseal-Deataigh (CíDanna), in 2019 níor bhain sé sin le Contae an Chabháin. Le linn 2020, cuimseofar baile an Chabháin mar chrios íseal-deataigh ó mhí Mheán Fómhair. Le linn 2019, rinneadh sampláil agus anailís shuntasach ar fud Chontae an Chabháin ar bhreosla a bhí ar fáil lena dhíol sa Chontae lena chinntiú go raibh sé ag cloí leis na ceanglais um shulfar. Fuarthas go raibh leibhéil éagsúla um chomhlíonadh ann agus tá imscrúduithe fós ar siúl maidir leis sin. Trí chloí leis na rialacháin sin cuirfear feabhas ar deireadh ar cháilíocht an aeir, ar an tsláinte phoiblí do chách ar fud an Chontae, agus cuideoidh sé leo siúd atá leochaileach i leith fadhbanna riospráide a chosaint.

Cigireachtaí ar Fheirmeacha agus Rialacháin maidir le Níotráití

Tá ról tábhachtach ag an talmhaíocht i bhfás eacnamaíoch agus inbhuanaithe Chontae an Chabháin. Chun go leanfar leis sin, ní mór don phobal talmhaíochta a chinntiú go gcuirfear oibleagáidí éagsúla maidir leis an dlí agus leis an gcomhshaol i bhfeidhm.

Is Contae tuaithe é an Cabhán de chuid is mó; dá réir sin, d'fhéadfadh droch-chleachtais talmhaíochta bheith ar cheann de na foinsí féideartha um thruailliú inár n-aibhneacha agus lochanna. Tá na Rialacháin maidir le Níotráití nó GAP (Dea-chleachtas Talmhaíochta) forfheidhmithe i gContae an Chabháin. Leis na Rialacháin sin soláthraítear tacaíocht reachtúil le haghaidh dea-chleachtas talmhaíochta chun uiscí a chosaint ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta agus cuimsítear iontu bearta amhail

- Tréimhsí ina gcuirtear toirmeasc ar leathadh leasacháin ar an talamh
- Tréimhsí ina gcuirtear teorainneacha le leathadh leasacháin ar an talamh
- Ceanglais stórála maidir le haoileach beostoic



- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart maidir leis an gcleachtas talmhaíochta agus an tionchar ar cháilíocht an uisce.

Rinne cigirí ón Roinn Comhshaoil 13 chigireacht feirme i gcomhréir leis na Rialacháin sin le linn 2019.

Uisce Óil Poiblí

Déantar monatóireacht ar uisce óil ó scéimeanna um sholáthar uisce phoiblí agus mórghrúpscéimanna uisce. Déantar é sin lena chinntiú go bhfuil uisce á sholáthar leis na scéimeanna a chomhlíonann na caighdeáin chuí maidir leis an tsláinte phoiblí, agus lena chinntiú go gcloífidh an t-uisce óil leis na rialacháin ábhartha. Déanann foireann na Roinne Comhshaoil obair mhonatóireacht ar an uisce óil poiblí thar ceann Uisce Éireann faoin gcomhaontú seirbhíse reatha.



Grianghraf: Loughacanon, foinse an tsoláthair uisce óil d'Fhoinse Sholáthar Uisce Réigiúnach an Chabháin

Rannpháirtíocht Phoiblí

Buaileann foireann na rannóige Comhshaoil le baill den phobal ar bhonn laethúil. Baineann siad leas as na deiseanna sin chun oiliúint a chur ar an bpobal i ndáil le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce, dea-cháilíocht uisce choinneáil trínár n-aibhneacha, lochanna agus ár bhfoinsí soláthair uisce óil a chosaint. Ar bhonn níos foirmiúla, tugaimid cuairt ar scoileanna chun an teachtaireacht sin a spreagadh chuig na baill níos óige inár bpobal trí chuir i láthair a thabhairt ar cháilíocht an uisce sa scoil agus ar fud an Chontae chomh maith. Chuireamar seisiúin faisnéise ar fáil i mbrainsí leabharlainne áitiúla agus ionaid phobail áitiúla. Bainimid úsáid go rialta as na meáin shóisialta agus na meáin áitiúla chun oiliúint a chur ar an bpobal agus



eolas a thabhairt dóibh maidir le ceisteanna séasúraíochta comhshaoil.

Ghlac an Roinn Comhshaoil páirt i straitéis thiomnaithe um rannpháirtíocht saoránach mar chuid den Phlean Náisiúnta Cigireachta le haghaidh Fuíolluiscí Tís le linn 2019. Bhí an roinn páirteach mar chuid d'imeachtaí aistrithe eolais Teagasc i gcomhar leis an gClár maidir le hInbhuanaítheacht na Talmhaíochta agus Comhairle Tacaíochta - ASSAP - Feirmeoireacht le haghaidh Cáilíocht an Uisce. Ba é téama na n-imeachtaí sin "Leathadh Lotnaidicídí le Cáilíocht an uisce a Fheabhsú – Is Féidir linn an Dá Rud a Dhéanamh".

Féile Eolaíochta an Chabháin-Mhuineacháin

D'fhreastail os cionn 7000 rannpháirtí ar imeachtaí eolaíochta i gContae an Chabháin le linn na Féile Eolaíochta i mí na Samhna 2019. Tháinig Comhairlí Contae an Chabháin agus Mhuineacháin le chéile chun réimse imeachtaí a óstáil d'imeacht na bliana seo a bhí ag leanúint téama um ghníomhaíocht aeráide náisiúnta. Ba é an cuspóir suim gach duine san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíona agus matamaitic (ETIEM) a spreagadh agus a choimeád trí fhéile oideachais shuimiúil a sholáthar. D'oibrigh foireann comhshaoil ón gcomhairle le páistí scoileanna náisiúnta chun ceardlann Uisce a chur i bhfeidhm.

Ag obair ar fud na heagraíochta

Oibríonn an Roinn Comhshaoil ar bhealach comhtháite le rannóga Comhairle eile lena n-áirítear:

- Cruinnithe réamhphleanála, atreoruithe iarratas ar phleanáil agus freagra a thabhairt ar cheiseanna/fhiosruithe ó Phleanáil le cáilíocht an uisce, gnéithe aeir nó torainn.
- Cúnamh a thabhairt le cuairteanna um measúnú scoileanna glasa agus cuir i láthair feasachta
- Comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnacht Tithíochta ar an láithreán do thithíocht tuaithe indíghléasta.
- Déileáil le fiosruithe agus atreoruithe ó Oifigí Ceantar Bardasach, Pobal agus Fiontraíocht Seirbhísí Uisce/Uisce Éireann, Bainistíocht Dramhaíola agus



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Bóithre i ndáil le cáilíocht an uisce, cosaint agus athchóiriú.

Gníomhaíochtaí maidir le Deimhniúchán, Forfheidhmiú agus Ceadúnú 2019	
Líon na gCeadúnas um Dhoirteadh Alt 4	57
Líon na gCeadúnas um Aerthruailliú	1
Líon Láithreáin Chláraithe an Rialacháin maidir le Tuaslagóirí	5
Líon Láithreáin Chláraithe na bPéinteanna Maisiúla	11
Líon na gClárúchán um Rialacháin maidir le Gal Peitrlíam	24
Líon na gCigireachtaí Feirme	13
Líon na ngearán a fuarthas (uisce/aer/torann gan dramhaíl san áireamh)	127
Líon na gcrostarasálacha chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	4
Líon Fhógra Alt 12 a seirbheáladh i gcomhréir leis na hAchtanna um Thruailliú Uisce	12
Líon na gcigireachta ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí	33





Bainistíocht Fuinnimh

Ar fud na heagraíochta ina hiomláine déanann Bainisteoir Fuinnimh na Comhairle an méid seo a leanas

- Tuairisciú ar Spriocanna um Laghdú Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin
- A chinntiú go gcloíonn soláthar fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin le conarthaí náisiúnta na hOifige um Sholáthar Rialtais.
- Nósanna imeachta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh
- Treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le rialacháin fuinnimh agus ceanglais reachtúla.
- Feasacht a spreagadh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- Cleachtais fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh
- Tacú le tionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú

Is é feabhsúchán 33% ar an éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020 sprioc Chomhairle Contae an Chabháin. Bunaithe ar na hiarratas maidir le Monatóireacht agus Tuairisciú chuig ÚIFÉ le haghaidh 2019, rinne Comhairle Contae an Chabháin feabhas 14% ar an éifeachtúlacht fuinnimh ón tréimhse bhonnlíne 2001-2005. Tháinig méadú bliantúil ar an ídiú fuinnimh deiridh de 233,891 kWh in 2019, áfach. Le linn 2019 tuairiscíodh laghdú suntasach ar “Ghiniúint ar an Láithreán le Foinsí In-athnuaite Neamhbhreisla nó Gás Líonta Talún”. Is cosúil gur bhain an t-easnamh den chuid ba mhó le “Glaniompórtálacha Leictreachais (Sonraí MPRN)”. Níl mórán tionchair aige sin ar bhonn Ídiú Deiridh Iomlán. Mar sin féin, tá difríocht mhór sa Cheanglas um Fuinneamh Príomhúil Iomlán (TPER). Cuireann ÚIFÉ fachtóir comhshó Fuinnimh Phríomhúil de 1 go “Giniúint ar an Láithreán le Foinsí In-athnuaite Neamhbhreisla nó Gás Líonta Talún” i bhfeidhm de réir mar a ghintear an leictreachas ar an láithreán, i.e. glactar leis nach bhfuil caillteanais ar bith agus an leictreachas sin á ghiniúint agus á dháileadh. Tá sé sin i gcomparáid le fachtóir 2018 de 1.962933 le haghaidh “Glaniompórtálacha Leictreachais (Sonraí MPRN)”. Mar sin, tháinig laghdú sa Chabhán ar an mbonn Ídiú Deiridh Iomlán ó 2018 go 2019, ach tháinig méadú ar TPER. Baintear úsáid as TPER i ríomh coigiltis.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Since Baseline to 2019



Energy Performance Indicators - 2019



Tuairiscíonn an Bainisteoir Fuinnimh an t-ídiú fuinnimh bliantúil agus sonraí gaolmhara do ÚIFÉ i gcomhréir leis na spriocdhátaí a shocraítear gach bliain. Faightear an leictreachas ar fad a ídíonn Comhairle Contae an Chabháin i gcomhréir le tairiscint na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus déanann an Bainisteoir Fuinnimh é sin a riar. Ó mhí an Mheithimh 2019, tá an Conradh leictreachais le haghaidh foirgneamh tráchtála déanta le soláthraí amháin a fhreastalaíonn ar bheagnach 60 láithreán a oibríonn Comhairle Contae an Chabháin lena n-áirítear Foirgnimh Oifige, Leabharlanna, Saotharlann, saoráidí Bainistíochta Dramhaíola, saoráidí Caitheamh Aimsire, Músaem, Amharclann, etc. Tá cuid de na foirgnimh agus na láithreáin a oibrítear liostaithe thíos:

1. Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta an Chabháin
2. Foirgneamh Leabharlann Bhaile Sheáin
3. Teach Cúirte an Chabháin
4. Foirgnimh Leabharlainne Seantagartha
5. Carrchlós Ilstórach
6. Clár Innealra Eochaille



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

7. Corranure, Líonadh Talún an Chabháin
8. Gach Stáisiún Dóiteáin
9. Gach Leabharlann
10. Foirgnimh agus stórais éagsúla a úsáideann Oifigí Ceantair/Ceantair Bhardasacha
11. Músaem

Déantar conradh maidir le soláthar leictreachais an tSoilsithe Phoiblí a riar chomh maith tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais agus soláthraí amháin ag soláthar an leictreachais do na soilse poiblí atá faoi smacht Chomhairle Contae an Chabháin. Tá thart ar 6600 solas poiblí a chaithfear leictreachas a sholáthar chucu (80% den chostas fuinnimh) agus nach mór iad a chothabháil (20% den chostas fuinnimh). Is é an soilsíú poiblí is mó a úsáideann fuinneamh laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin arb ionann é sin agus thart ar 60% den fhuinneamh a ídítear.

Tá ídiú fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin le linn 2019 a raibh caiteachas díreach faoi **€1.5 milliún** mar thoradh air sonraithe sa tábla thíos:

Cineál Fuinnimh		Ídiú Fuinnimh (Ídiú deiridh iomlán)
		kWh
Leictreachas		5,595,546
Teirmeach		1,735,454
Iompar		1,717,038
Iomlán an Fhuinnimh a Ídíodh		9,048,038

Áirítear iad seo a leanas ar chuid de na gníomhaíochtaí suntasacha um Fhuinneamh a rinneadh le linn 2019

- Monatóireacht agus Tuairisciú Fuinnimh a cuireadh isteach i gcomhréir leis na spriocdhátaí le haghaidh ídiú fuinnimh 2018. Roghnaíodh Comhairle Contae an Chabháin le haghaidh Measúnú um Dheimhniú



Sonraí (MDS). Iarratais a rinneadh mar a iarradh agus d'éirigh leis an MDS.

- Eisíodh Tuarascáil Náisiúnta Fuinnimh in 2019 ina léirítear go bhfuil feabhsúchán 22% ar an éifeachtúlacht fuinnimh bainte amach ag Comhairle Contae an Chabháin ón mbonnlíne.
- Cuireadh Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Chomhairle Contae an Chabháin chun feidhme.
 1. Rinneadh Iniúchtaí Fuinnimh lasmuigh de na Gnáthuaireanta ar fud fhoirgnimh na ceanncheathrún.
 2. Tá léamha méadair míosúla le haghaidh fhoirgnimh na ceanncheathrún ar siúl fós.
 3. Tá teachtaireachtaí séasúracha chuig na baill foirne maidir le héifeachtúlacht fuinnimh curtha chun feidhme.
 4. Rinneadh gníomhaíochtaí fuinnimh a scaipeadh chuig gach Ceann Roinne lena gcuimsiú i bPleananna Bliantúla Soláthair Seirbhíse/Gnó. Gnás le haghaidh monatóireacht mhíosúil ar úsáid fuinnimh a bhunú agus a fheabhsú
 5. Cuireadh cuir i láthair maidir le Feasacht Fuinnimh i bhfeidhm i Rannóga Chomhairle Contae an Chabháin i gcomhréir leis an Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh a glacadh. Moltaí uaidh sin le cur leis an ROO (Clár Deiseanna)
 6. Rinneadh Beartas Fuinnimh a scaipeadh ar gach Ceann Roinne lena dháileadh ar na baill foirne uile.
 7. Bunaíodh Foireann Fuinnimh, síníodh cairt agus eisíodh litreacha ceapacháin.
 8. Tugadh faoi shuirbhé maidir le Fuinneamh agus Feasacht Straitéise leis an bhfoireann.
 9. Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar bhillí agus ar iarratais leanúnacha le haghaidh léamha méadair laistigh de CCC. Tá idirchaidreamh leis na baill foirne ábhartha maidir le córas íocaíochta/ceada ar siúl.



- Rannpháirtíocht leanúnach le Grúpa Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin – iarratais ar mhaoiniú i gcomhair soilsiú poiblí, foirgneamh, etc. tionscadail á mbreithniú i gcomhar leis an rannóg phríobháideach agus phobail faoi shainchúram scéim deontais Pobal ÚIFÉ.
- Réamh-imscrúduithe ag an linn snámha agus ionad fóillíochta toisc gurb é sin an t-úsáideoir fuinnimh is suntasaí i ndiaidh soilsiú poiblí agus mar sin tá an acmhainn ann le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus coigiltis ag an láithreán sin.
- Uasghrádú fuinnimh ag Roinn Tithíochta na Comhairle ar chuid de stoc tithíochta Chomhairle Contae an Chabháin.
- Ghlac baill foirne na tithíochta páirt sa Chlár um Luathú an Tionscadail le haghaidh Iarfheistiú an tSoilsithe Intí. Roghnaíodh Leabharlann Seantagartha, foirgneamh na mBóithre, JCL agus Teach na Cúirte mar láithreáin don bhonn leis an gclár sin.
- Leithdháileadh leanúnach ar láithreáin i gcomhréir le tairiscintí buachana na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus láithreáin úra á gcur ar líne.
- Scaipeadh faisnéis ar na grúpaí pobail maidir leis an gclár feabhsúcháin pobal lena soláthraítear maoiniú caipitil do ghrúpaí pobail ar fud na hÉireann. Cuimsítear tionscadail coigilte fuinnimh ar na cineálacha tionscadail ar féidir maoiniú a fháil ina leith.
- Rinneadh 40% de stoc an tsoilsithe phoiblí a uasghrádú go soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh.
- Clár *Optimising People @ Work* Oifig na nOibreacha Poiblí. Shínigh DoS/EPO comhaontú seirbhíse agus cuireadh ar ais chuig Oifig na nOibreacha Poiblí é chun páirt a ghlacadh ina dtionscnamh *Optimising People @ Work*. Tá sé beartaithe é a sheoladh in 2020



- Cuireadh Léiriú Suime isteach chuig Líonra BSL i ndáil leis an gClár um Méadrú Cliste. Luathghlacadóirí. Agus é á chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta, is mian le ÚÁ ról eiseamláire a ghlacadh agus bheith ina luathghlacadóir. Níl sé oiriúnach ach do láithreáin mhéadair 24 uair an chloig.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe le haghaidh 2020

- Monatóireacht agus Tuairisciú ÚIFÉ maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chur i gcrích le haghaidh 2019 i gcomhréir leis na spriocdhátaí arna bhforchur.
- Tuarascáil ar dhul chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí
- Cuir i Láthair Chruinnithe na Foirne
- Cur chun feidhme an clár *Optimising Power at Work* a chur i gcrích le hOifig na nOibreacha Poiblí
- An clár *Optimising Power at Work* a sheoladh
- Cur chun feidhme leanúnach na straitéise rannpháirtíochta fuinnimh.
- Feasacht na mball foirne a spreagadh agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ag baint úsáid as teachtaireachtaí séasúracha.
- Iniúchtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta
- Athbhreithniú ar bhillí míosúla, comparáid a dhéanamh agus faisnéis a scaipeadh
- Gnás le haghaidh monatóireacht mhíosúil ar úsáid fuinnimh a choimeád
- Gnás le haghaidh léamha méadair rialta a choimeád
- Cruinnithe agus Gníomhaíochtaí na Foirne Fuinnimh a choimeád.
- Tacú leis an Roinn Pobail agus Fiontraíochta trí fhaisnéis a sholáthar maidir le gach cineál maoiniúcháin atá ar fáil do phobail/do ghrúpaí /do dhaoine aonair.
- Grúpa Fuinnimh Inbhuanaithe an Chabháin – ionchur i ngníomhaíochtaí an ghrúpa, imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh deontais phobail, naisc le tionscadail CCC a bhunú agus Máistirphlean Fuinnimh



an Chabháin a thabhairt i gcrích.

- Idirchaidreamh a dhéanamh le ÚIFÉ agus CARO chun imeachtaí/ceardlanna scoile le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna i gCabán le linn Sheachtain na hEolaíochta a chomhordú.
- Uasghrádú ar an soilsiú poiblí – dul chun cinn a choimeád maidir le sprioc 60% d'uasghrádú LED a bheith críochnaithe ag deireadh na bliana 2020.
- Leanúint le láithreáin úra a leithdháileadh i gcomhréir le tairiscintí buachana na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair
- Baineann an linn snámha úsáid shuntasach as fuinneamh san eagraíocht. Dá mbeifí ábalta laghdú ar an ídiú fuinnimh a bhaint amach trí bhearta coigilte fuinnimh a chur chun feidhme chuirfeadh sé sin go mór leis an sprioc le haghaidh 2020 a bhaint amach.
- Imscrúduithe ar ídiú fuinnimh i saoráidí eile a sainaitníodh laistigh de na 10 n-íditheoir fuinnimh is mó ar fud na heagraíochta, d'fhéadfadh sé sin cur le laghduithe eile i gcomhair sprioc 2020 de 33%.
- Imscrúdú a dhéanamh ar dheiseanna réigiúnacha le haghaidh tionscadal um choigilt fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla in aice láimhe.

An tAthrú Aeráide

Glacadh Straitéis an Chabháin um Oiriúnú don Athrú Aeráide in 2019. Tá sé mar aidhm le straitéis um oiriúnú an údaráis áitiúil a chinntiú go dtuigfear an t-athrú aeráide mar is ceart, cur chun feidhme gníomhaíochtaí athléimneacha aeráide a thabhairt ar aghaidh agus a chinntiú go ndéanfar cúrsaí um oiriúnú don aeráid a phríomhshruthú agus a chomhtháthú i ngach feidhm de chuid Chomhairle Contae an Chabháin.

I bhfianaise an athraithe aeráide, leis an oiriúnú sin cuirfear ar chumas Chomhairle Contae an Chabháin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus leas na foirne a choimeád agus éascóidh sé soláthar leanúnach na seirbhísí agus na bhfeidhmeanna i réimse riaracháin agus geografach Chontae an Chabháin.



B'fhéidir gurb iad na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann leis an bplean um oiriúnú na gníomhaíochtaí um oiriúnú a sainathnódh chun feabhas a chur ar chumas Chomhairle Contae an Chabháin oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide agus dul i ngleic leis na rioscaí tosaíochta aeráide i gcomhthéacs athrú aeráide réamh-mheasta.

Ar deireadh braithfidh rath an phlean ar chur chun feidhme, monatóireacht agus meastóireacht ar na gníomhaíochtaí a roghnaíodh. Táthar ag súil go ndéanfar na gníomhaíochtaí a athbhreithniú agus a mhionbheachtú de réir mar a shocrófar cad atá oiriúnach trí mhonatóireacht agus trí mheastóireacht. Táthar ag súil go léiríonn sin go bhfuil sé á phleanáil go réamhghníomhach ag Comhairle Contae an Chabháin beart a dhéanamh agus déanfaidh sí na coigeartaithe a theastaíonn chun na tionchair atá ann agus na tionchair atá tuartha maidir leis an athrú aeráide a íoslaghdú nó a sheachaint.

Bainistíocht Dramhaíola

Tá an fhreagracht ag roinnt Bainistíochta Dramhaíola Chomhairle Contae an Chabháin laistigh den Chontae as Bainistíocht Dramhaíola, Bainistíocht Bruscair agus Feasacht agus Oideachas faoin gComhshaol. Déanann sí bainistíocht chomh maith ar an tSeirbhís Maorachta Madraí, Cothabháil ar Reiligí Dílsithe agus fodhlíthe maidir le Corrrhádáil. Síneann sainchúram na Roinne Bainistíochta Dramhaíola ó bheartas agus pleanáil bainistíochta dramhaíola go bainistíocht a dhéanamh ar an mbonneagar dramhaíola agus na Rialacháin maidir le Dramhaíl a fhorfheidhmiú.

Beartas agus Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola - Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA)

Tá an Cabhán ina chuid de Réigiún um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola Chonnachta-Uladh. Tá Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA) freagrach as gníomhaíochtaí maidir le forfheidhmiú dramhaíola a chomhordú sa réigiún.

Seoladh Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach Chonnachta-Uladh in 2015 agus



mairfidh sé go dtí 2021. Soláthraíonn sé creat chun dramhaíl a chosc agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe le haghaidh ocht n-údarás áitiúla sa réigiún. Ullmhaíodh an plean forfheidhmiúcháin agus aird á tabhairt ar na beartais agus ar na cuspóirí atá cuimsithe sa phlean dramhaíola réigiúnach a mhéid is féidir.

Rialacháin agus Forfheidhmiú maidir le Dramhaíl

Ceanglaítear na húdaráis áitiúla ar fad pleananna bliantúla maidir le cigireachtaí comhshaoil a ullmhú i gcomhréir le moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina ndearnadh soláthar le haghaidh na n-íoschritéar maidir le cigireachtaí comhshaoil i mballstáit an Aontais Eorpaigh. Ceanglaítear orainn tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmiúcháin agus athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar a bpleananna faoi seach lena chinntiú go bhfuil na pleananna á gcur i bhfeidhm go héifeachtúil. Is féidir na cigireachtaí a dhéanann an Roinn Bainistíochta Dramhaíola a roinnt ina dhá chatagóir:

- Gnáthchigireachtaí (ar a n-áirítear gnólachtaí/saoráidí arna gceadú ag Comhairle Contae an Chabháin). Is féidir Gnáthchigireachtaí a phleanáil roimh ré mar atá de réir chuspóir an Phlean Bhliantúil Cigireachta.
- Cigireachtaí nach Gnáthchigireachtaí iad a bhaineann go hiondúil leis na cigireachtaí a bhaineann leis an imscrúdú ar Ghearáin faoi Dhramhaíl.

Áirítear ar Chigireachtaí Comhshaoil a dhéanann an Roinn Bainistíochta Dramhaíola cigireachtaí faoi réimse leathan Rialachán maidir le Dramhaíl. Baineann Cigireachtaí nach Gnáthchigireachtaí iad a dhéantar de ghnáth le gearáin a fuair baill den phobal, nó ó laistigh d'Údaráis Áitiúla an Chabháin nó gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí lasmuigh. Áirítear ar ghnáthchigireachtaí a dhéantar cigireachtaí ar dhiúscairt dramhaíola neamhúdaráithe nó láithreáin aisghabhála neamhúdaráithe, cigireachtaí ar dhiúscairt mhídhleathach agus láithreáin dumpála neamhdhleathacha agus cigireachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí ginearálta dramhaíola neamhúdaráithe (dó neamhdhleathach agus gluaiseacht neamhdhleathach dramhaíola mar shampla).



Bliain 2019	
Líon na nGéarán Dramhaíola/Bruscair a Fuarthas	601
Líon na ngearán atá Dúnta	580
Líon na ngnáthchigireachtaí a rinneadh	1086
Líon na gcigireachtaí na gnáthchigireachtaí a cuireadh i gcrích	586

Tábla - Gearáin agus Gníomhaíochtaí Cigireachta 2019

Tosaíochtaí Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola le haghaidh 2019

Sna tosaíochtaí atá liostaithe sa Phlean Cigireachta le haghaidh 2019 cuireadh Tosaíochtaí Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola le haghaidh 2019 san áireamh atá leagtha amach i gcomhréir leis na tosaíochtaí náisiúnta um fhorfheidhmiú dramhaíola arna sainaithint ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú. Áirítear iad seo a leanas ar na tosaíochtaí:

- **Gníomhaíocht Neamhdhleathach agus Dramhaíl nár Tugadh Cuntas ina Leith**

Dul i ngleic le gníomhaíocht shuntasach dramhaíola neamhdhleathach i.e. oibreoirí ar an láithreáin i mbun leibhéal suntasach gníomhaíochta neamhdhleathaí, a dteastaíonn freagairt Ilghníomhaireachta ina leith. Sainaithnítear oibreoirí féideartha ar údar imní iad agus tugtar tús áite dóibh le haghaidh cur chuige comhbheartaithe maidir le forfheidhmiú. Díritear ar dhumpáil neamhdhleathach agus gluaiseachtaí neamhúdaraíthe dramhaíola faoin tosaíocht sin chomh maith.

- **Gníomhaíocht Tógála agus Scártála & Dúshláin Acmhainne**

Áiríodh leis sin forfheidhmiú gníomhaíochtaí Dramhaíola Tógála agus Scártála, agus mí-aicmiú dramhaíola agus monatóireacht ar ghluaiseachtaí dramhaíola.

- **Déileáil le láithreáin ina bhfuil dramhaíl a shil-ligtear go neamhdhleathach.**

Sainaithníodh láithreáin ina bhfuil dramhaíl a sil-leagadh gan údarú agus cuireadh tús le gníomhaíochtaí cuí um fhorfheidhmiú.



- **Oibleagáidí um Fhreagracht Táirgeoirí**

Lena n-áirítear rialacháin ghaolmhara a bhaineann le Boinn, Ceallraí, WEEE, ELVanna, Plaistigh agus Pacáistiú Feirme forfheidhmithe.

Fodhlíthe Chontae an Chabháin (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíola Tí agus Tráchtála), 2019

Tháinig na fodhlíthe thuas i bhfeidhm ar an 13 Nollaig 2019 agus rialaítear réimse ceisteanna leo, lena n-áirítear

- a chur d'oibleagáid ar thomhaltóirí páirt a ghlacadh i seirbhís bailithe dramhaíola údaráithe nó cruthúnas doiciméadacha a chur ar fáil ar an modh malartach a úsáideann siad chun a ndramhaíl a dhiúscairt, agus
- scaradh níos mó ar dhramhaíl a spreagadh chun na méideanna dramhaíola iarmharaí a bhailítear a laghdú.

Tá feidhm ag na fodhlíthe sin maidir le gach teach, árasán agus áitreabh thráchtála. Chun dramhaíl a bhainistiú mar is ceart:

- Ní mór conradh a bheith i bhfeidhm le bailitheoir údaráithe dramhaíola ó dhoras go doras
- Ní mór comhaontú roinnte araidí a bheith i bhfeidhm lena chinntiú gur chuir sealbhóir an chuntais cruthúnas ar chomhaontú ar fáil duit
- Úsáid rialta as saoráid dramhaíola údaráithe a léiriú e.g. láithreán conláiste cathartha

Cibé rogha a roghnóidh tú, caithfidh tú a bheith ábalta fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil, amhail admhálacha, ráitis nó cruthúnas eile ar íocaíocht nó le haghaidh roinnt araidí litir um thoiliú ón duine ag a bhfuil an conradh.

http://www.cavancoco.ie/file/environment/Waste_Management/Finalised_New_Waste_Bye-Laws_Dec_2019.pdf

Gearáin faoi Bhruscar/Dramhaíl

Déantar gach Gearán faoi Bhruscar agus faoi Dhramhaíl a thuairiscítear don Chomhairle a thaifeadadh agus a imscrúdú go hiomlán. Déanaimid ár ndícheall déileáil leis na gearáin sin ar bhealach pras, éifeachtach agus éifeachtúil.



Sampla de dhiúscairt mhídhleathach /dumpáil neamhdhleathach arna imscrúdú ag ár bhFoireann Forfheidhmiúcháin

In 2019, fuair an Roinn Bainistíochta Dramhaíola 601 gearán a bhaineann le caitheamh bruscair, diúscairt mhídhleathach, dumpáil neamhdhleathach, cúileáil dramhaíola agus dó sa chúlchlós. Eisíodh 103 Fíneáil Bruscair ar an iomlán (€150) le haghaidh cionta a rinneadh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 arna leasú. Cuireadh trí chomhad ar aghaidh chuig Gníomhaire Dlí na Comhairle chun imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh as neamh-íocaíocht na bhFíneálacha Bruscair sin.

Cuireadh 15 chomhad eile ar aghaidh chuig Gníomhaire Dlí na Comhairle le haghaidh cionta faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 arna leasú. Is é €5,000 an fhíneáil uasta sna cásanna sin. Táthar ag súil go n-éistfear na cásanna thuas ar fad ag Cúirt Dúiche an Chabháin níos déanaí i mbliana.



Ag obair ar fud na heagraíochta

Oibríonn an Roinn Bainistíochta Dramhaíola ar bhealach comhtháite le rannóga Comhairle eile lena n-áirítear: Cruinnithe réamhphleanála, atreoruithe iarratas ar phleanáil agus freagra a thabhairt ar cheiseanna/fhiosruithe ó Phleanáil le cáilíocht an uisce, gnéithe aeir nó torainn.

- Cúnamh a thabhairt le cuairteanna um measúnú scoileanna glasa agus cuir i láthair feasachta
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta i ndáil le ceisteanna/gearáin bainistíochta Dramhaíola.
- Déileáil le fiosruithe agus atreoruithe ó Oifigí Ceantar Bardasach, Pobal agus Fiontraíocht, Seirbhísí Uisce agus Bóithre i ndáil le ceisteanna Bainistíochta Dramhaíola.

Tionscnamh Frithdhumpála

Is é is aidhm leis an Tionscnamh Frithdhumpála dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach agus tacaíocht a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar cheantair mhóra dumpála agus faireachas orthu a chinntiú agus cur chuige comhtháite chun déileáil leis an gceist sin a fhorbairt. Mar chuid de Thionscnamh Frithdhumpála 2019, chuir Comhairle Contae an Chabháin cúig thionscadal i gcrích inar tugadh tús áite do cheithre phríomhbheart atá léirithe in Imlitir WP02.19 a eisíodh ar an 1 Aibreán 2019 – maolú, cosc, oideachas agus forfheidhmiú:

- Tionscadal 1 – Bearta um Maolú – Glanadh láithreáin ag 3 cheantar mhóra dumpála neamhdhleathacha a bhfuil eolas fúthu
- Tionscadal 2 – Bearta um Chosc – 3 Lá do Bhailiú Dramhaíola Téagartha ag Ionad Conláiste Cathartha Corranure
- Tionscadal 3 – Bearta um Oideachas – Dearadh agus Priontáil leabhráin faisnéise 20 leathanach dar teideal “Household Waste Management Guide”



- Tionscadal 4 – Bearta um Fhorfheidhmiú – Faireachas CCTV Ceilte ar 3 cheantar mhóra dumpála/caitheamh bruscair neamhdhleathacha a bhfuil eolas fúthu (dírítear ar shuíomhanna difriúla i dtionscadal 1)
- Tionscadal 5 – Bearta um Fhorfheidhmiú – Oiliúint Drón d'Oifigh Bainistíochta Dramhaíola agus Cosanta Comhshaoil

Glanadh láithreáin ag 3 cheantar mhóra dumpála neamhdhleathacha a bhfuil eolas fúthu

Sainaithníodh trí láithreán (Ard Caoin, an Cabhán, Cill na Leice, Droichead an Bhuitléir, Ticusker, Ármhach) in áiteanna ina bhfuil méadú tagtha ar an dumpáil neamhdhleathach stairiúil de réir a chéile agus lenar bhain rioscaí suntasacha don tsláinte phoiblí agus do na cónaitheoirí áitiúla. Bhí sé ina chúis chomh maith le díghrádú na timpeallachta áitiúla agus bhí cuma aeistéitiúil an cheantair áitiúla á scriosadh.

Lá do Bhailiú Dramhaíola Téagartha

Sholáthair Comhairle Contae an Chabháin le cabhair ó mhaoiniú ADI 3 Lá do Bhailiú Dramhaíola do bhaill den phobal le linn Iúil, Lúnasa agus Mheán Fómhair. Ainmníodh an chéad 2 lá le haghaidh troscán téagartha tí i.e. toilg, svuít 3 phíos, etc. Bhí an 3ú lá le haghaidh péinteanna tí.



Léaráid Péint tí a bhailíodh mar chuid den lá do bhailiú dramhaíola ag Corranure



Dearadh agus Priontáil leabhráin faisnéise 20 leathanach dar teideal “Household Waste Management Guide”

Dhear agus phriontáil an Roinn Bainistíochta Dramhaíola leabhrán faisnéise 20 leathanach do theaghlaigh chunfeasacht a spreagadh faoin tionchar diúltach atá ag bainistíocht mhíchuí dramhaíola tí ar ár gcomhshaol agus athrú aeráide agus chun comhairle a sholághas conas dramhaíl tí a íoslaghdú agus í a dhiúscairt mar is cuí.

Beidh an leabhrán sin ar fáil do bhaill an phobail ag gach oifig phoiblí agus scaipfear é trí Chlár na Scoileanna Glasa agus ag imeachtaí faisnéise a bheidh á n-athrú an Roinn Bainistíochta Dramhaíola.



Faireachas CCTV Ceilte

Sainathnódh trí láithreán (Portach Enagh, Killygarry agus Shantemon) ina raibh dumpáil neamhdhleathach coitianta agus measadh go raibh an dramhaíl á shil-ligean ag bailitheoirí tí neamhcheadaithe. Trí CCTV ceilte a shuiteáil ag na suíomhanna sin treiseofar cumas na Comhairle breith ar na ciontóirí sin agus iad a ionchúiseamh faoi Acht um Bainistíocht Dramhaíola 1996 arna leasú.

Oiliúint Drón d'Oifigigh Bainistíochta Dramhaíola agus Cosanta Comhshaoil

Rinne na hOifigigh Forfheidhmiúcháin uile ó na Ranna Bainistíochta Dramhaíola agus Comhshaoil Cúrsa Oiliúna 2 lá ar Shábháilteacht Drón arna reáchtáil ag an Acadamh Drón Sábháilte. Trí Oiliúint a chur ar an bhFoireann Forfheidhmiúcháin cinnteofar go gcloífear le srianta uile Údarás Eitlíochta na hÉireann, an RGCS agus Sláinte agus Sábháilteachta. Soláthróidh foireann a bheidh oilte go hiomlán na tairbhí seo a leanas:

CCTV




Chuir an Roinn Bainistíochta Dramhaíola CCTV ag 3 cheantar mhóra dumpála a raibh eolas fúthu. Maoiníodh na tionscadail sin trí CU WERLA agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Ionaid Athchúrsála agus Ionaid *Fág Anseo*

Saoráid is ea ionad athchúrsála a sholáthraítear don shealbhóir tí áit inar féidir leo fáil réidh lena ndramhaíl tí agus áitiúil in-athchúrsáilte ar tháille. Soláthraíonn an tIonad *Fág Anseo* seirbhís pobail atá saor ina aisce lena húsáid inar féidir le daoine i gceantair áitiúla ábhair a athchúrsáil amhail éadaí, buidéil phlaisteacha, buidéil agus crúscaí gloine agus cannaí alúmanam bia agus dí.

Freastalaítear go maith ar an gContae le raon iomlán de bhonneagar athchúrsála. Agus 3 Ionad Athchúrsála atá ag feidhmiú go hiomlán ag Corranure, Coill an Chollaigh agus Béal Átha Chonaill agus 30 Ionad *Fág Anseo*, leanaimid le bealach áitiúil agus áisiúil a sholáthar do shealbhóirí tí chun a n-earraí in-athchúrsáilte tí a athchúrsáil.

Léarscáil Athchúrsála





Líonadh Talún Stairiúil

Faoi na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Deimhniúchán maidir le Gníomhaíocht Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola Stairiúil) 2008, ceanglaítear orainn measúnú riosca a dhéanamh ar gach iar-láithreán líonta talún laistigh dá réimse feidhmiúil. Baineann an príomhchuspóir leis na rialacháin le measúnuithe riosca a dhéanamh ag na láithreáin sin lena fháil amach má bhaineann bagairt ar an gcomhshaol fós leo agus oibreacha leighis a dhéanamh nuair is gá.

In 2019, rinneadh measúnú Leibhéal 1 agus 2 ar an láithreán líonta talún ag Achadh an Iúir i gcomhréir leis na ceanglais sa Mheasúnú um Riosca Comhshaoil sa CHÓD CLEACHTAIS maidir le Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialáilte.

Cur chun cinn Chlár na Scoileanna Glasa

Leanann Comhairle Contae an Chabháin le tús áite a thabhairt do Chlár na Scoileanna Glasa agus oibríonn sí i gcomhpháirtíocht leis An Taisce. Spreagaimid gach scoil le páirt a ghlacadh sa chlár agus mhéadaíomar líon na scoileanna a ghlacann páirt ann le blianta beaga anuas. Go dtí seo, tá líonra 92 institiúid oideachais againn, lena n-áirítear bunscoileanna, iarbhunscoileanna, Institiúid an Chabháin, 1 scoil speisialta agus 3 Ionad Oideachais d'Aosaigh, agus bronnadh 1 bhrat ar a laghad ar 75% de na scoileanna ar fad atá cláraithe.

I mí na Bealtaine 2019, bronnadh Brat Glas ar na scoileanna seo a leanas:

Téama Uisce

Scoil Náisiúnta Farnham, an Cabhán
Scoil Náisiúnta Láithrigh-an Mhaí, Dún an Rí
Scoil Mhuire, an Muileann Iarainn
Scoil Naomh Bhríd, an Cnoc Rua
Scoil Naomh Bhríd, Baile Átha Chonaill
Scoil Náisiúnta Phádraig, an Muileann Iarainn



Coláiste Loreto, an Cabhán (arbh é buaiteoir Réigiún an Iarthair chomh maith do Mheánscoileanna sa chatagóir sin)

Téama na Bithéagsúlachta:

Scoil Bhríde, Droichead Uí Dhálaigh

Scoil Chuimsitheach Aodháin, Muinchille

Scoil Náisiúnta Mhuire, Ármhach

Bruscar agus Dramhaíl na Saoránachta Domhanda:

Scoil Náisiúnta Mhullach Odhráin, Cill Chóige (arbh é buaiteoir Réigiún an Iarthair chomh maith do Bhunscoileanna sa chatagóir sin)

Muirí na Saoránachta Domhanda:

Scoil Bhríde, Cill na Seanrátha

Comórtas na Scoileanna Slachtmhara

In 2019, thionóil an Roinn Bainistíochta Dramhaíola “Comórtas tionscnaimh do Scoileanna Slachtmhara”. Ba í Scoil Bhríde, Cill na Seanrátha, na buaiteoirí ab fhearr agus fuair ceithre scoil eile duaiseanna as a gcuid oibre maidir le feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus ar ghnáthóga fiadhúlra ar thailte a scoile.

Glanadh Náisiúnta an Earraigh

Tá an Feachtas um Ghlanadh Náisiúnta an Earraigh a reáchtáiltear ar fud na hÉireann le linn mhí Aibreáin ag dul ó neart go neart i gContae an Chabháin. Chun tacú leis an bhfeachtas sin, spreagamar scoileanna, Coiste na mBailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail Áitiúla agus Cumainn Cónaitheoirí ar fud an Chontae le páirt a ghlacadh i dtionscadail um ghlanadh ina gceantar. Bhí málaí, lámhainní, bainteoírí bruscair agus veisteanna sofheicthe i meas na n-earraí a cuireadh ar fáil do ghrúpaí chun cuidiú leo lena nglanadh. Ghlac grúpaí as gach cearn den chontae páirt san fheachtas agus bailíodh méideanna móra bruscair cois bóthair. In 2019, chláraigh 94 grúpa leis An Taisce agus ghlac os cionn 2,300 duine páirt



Feachtas Feasachta Bruscair Guma Choganta

Tá guma coganta fós ar cheann de na comhpháirteanna is mó den bhruscar sa Chontae. Tugtar chun suntais san Fheachtas Náisiúnta Feasachta Oideachais seo an gá atá le fáil réidh go cuí le guma coganta in araidí bruscair agus cuirtear eolas ar fáil don phobal faoi na fadhbanna a tharlaíonn de bharr guma coganta. In 2019, sheol an Cathaoirleach feachtas áitiúil Chomhairle Contae an Chabháin i mBaile an Chabháin agus bhí sé tacaithe ag baill de Bhailte Slachtmhara an Chabháin agus Scoil Náisiúnta Naomh Féilim.

Saor ó Bhruscar Bhéal Tairbirt (BZW)

Thosaigh **BZW** mar fhreagairt áitiúil ar an bhfadhb dhomhanda maidir le táirgeadh agus tomhaltas neamh-inbhuanaithe. Idirghabháil phobail is ea BZW a chuireann iallach ar iompar inbhuanaithe trí chleachtais agus polasaithe inbhuanaithe a shainaithint leis an aidhm lorg carbóin **Phobal Bhéal Tairbirt** a laghdú.



Tionscadal pobail 5 bliana maidir le cosc agus feasacht dramhaíola is ea é seo arna stiúradh ag Bailte Slachtmhara Bhéal Tairbirt i gcomhar le Comhairle Contae an Chabháin, Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin, WERLA Chonnachta-Uladh agus an GCC, an Dr Vincent Carragher, Comhalta Taighde, an Roinn Innealtóireachta Struchtúrtha agus Sibhialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Teicneolaíocht Ghlan, Corcaigh (CTC). Baineann sé le bheith ag obair le gnólachtaí agus sealbhóirí tí áitiúla chun gach cineál dramhaíola a laghdú, tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn agus lorg carbóin Bhéal Tairbirt ar an iomlán a laghdú.

Torthaí

- Soláthraíonn an chéad “Saoráid um Bailiú Pacáistithe Iomarcaigh” i gContae an Chabháin ag Donohoe’s Centra, ina féidir le tomhaltóirí pacáistiú iomarcach a fháil sa stór lena athchúrsáil



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

- Soláthraíodh 3 araid bruscair sráide scartha atá suiteáilte sa bhaile agus ina nglactar dramhaíl ghinearálta agus earraí in-athchúrsáilte
- Tacaíodh le hiarrachtaí uaschúrsála Choláiste Naomh Bricín a raibh mar thoradh air gur bhain mac léinn na hidirbhliana áit sa bhabhta ceannais chomórtas náisiúnta Junk Kouture 2019 amach
- Cuireadh stáisiún athlúnta uisce ar fáil i gColáiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt
- Cuireadh sraith cruinnithe comhairliúcháin phoiblí agus ceardlanna ar fáil maidir le hathchúrsáil, coigilt fuinnimh sa bhaile, etc.
- Cruthaíodh nuachtlitir BZW
- Bronnadh an Duais 'Spark Change' 2019 faoi Chatagóir an Chumarsáidí is Fearr
- Bronnadh Duais Pobail agus Comhairle Uile-Éireann faoi chatagóir an Chláir Bainistíochta Dramhaíola is Fearr



Léig Bhruscair Chontae an Chabháin

Oibríonn an Chomhairle le pobail áitiúla chun feabhas a chur ar ghlaineacht agus ar chuma ár mbailte, á sráidbhailte agus ár dtuaithe. Bainimid leas as cigireachtaí comhchosúla agus critéir scórála a úsáideann Gnó na hÉireann in Éadan an Bhruscair do Bhaile an Chabháin. Tá Léig Bhruscair an Chontae bunaithe ar chigireachtaí rialta ar 28 baile agus sráidbhaile laistigh den Chontae. Déanann an fhoireann Forfheidhmithe Bruscair suirbhé ar gach baile agus sráidbhaile a roghnaítear.

Le forbairt Léig Bhruscair an Chontae tá feabhas intomhaiste curtha ar na leibhéil ghlaineachta sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an Chabháin le cúpla bliain anuas. Tá sé sin mar gheall



ar an leibhéal méadaithe gníomhaíochta ó ghnólachtaí agus ó phobail áitiúla agus ó dhaoine aonair a bhfuil laghdú ar na leibhéil bhruscair sa Chontae air. Thaispeáin an 28 baile agus sráidbhaile ar fad ar a ndearnadh suirbhé in 2019 go ndearnadh méid suntasach iarrachta lena bpobail a dhéanamh mealltach dá chónaitheoirí agus do chuairoteoirí ar na gceantar agus bhaint gach baile agus sráidbhaile Stádas Saor ó Bhruscar amach do 2019.



*Mionleabharlann sa Mhachaire
Leice*



Cóiriú Bláthanna i gCill na

Comhpháirtíocht leis na Bailte Slachtmhara

Thionóil Comhairle Contae an Chabháin lear mór ceardlanna faisnéise in 2019 lena n-áirítear fóram “Cuir Stop le Dramhaíl Bhia” ag Seó Talmhaíochta Achadh an Iúir agus deasc faisnéise um athchúrsáil ag Margadh Theachín Bhéal Átha Chonaill, ag ‘The Taste of Cavan’ agus Aonach Ceardaíochta 2 lá na Nollag i nDún an Rí.

Tionscadal Refill Ireland

Rinne Comhairle Contae an Chabháin tionscadal maidir le cosc agus feasacht dramhaíola i gcomhar le Refill Ireland, na Bailte Slachtmhara agus Scoileanna Glasa ar fud Chontae an Chabháin. Ba iad na cuspóirí leis an tionscadal feasacht a spreagadh maidir le caomhnú uisce agus úsáid plaisteach aon uaire a laghdú.

Rinneadh na ceithre thionscadal seo a leanas in 2019:



Cruthú líonra gnó: Tá líon grúpaí pobail gníomhacha sa Chabhán, lena n-áirítear 25 Coiste Bailte Slachtmhara a bhíonn ag lorg modhanna úra i gcónaí chun bruscar cois bóthair a laghdú agus feasacht faoin gcomhshaol a chruthú trína ngníomhaíochtaí. Roghnaigh Comhairle Contae an Chabháin 4 ghrúpa Bailte Slachtmhara chun oibriú le Refill Ireland agus gnólachtaí áitiúla chun líonra gnólachtaí a chruthú ar fud an Chontae a sholáthródh athlíonadh uisce saor in aisce gan aon oibleagáid do bhaill den phobal a bhfuil cupán nó buidéal in-athúsáidte acu. Bhí sé sin comhlánaithe le feachtas na meán sóisialta arna chomhordú ag Refill Ireland agus Oifigeach Cumarsáide Chomhairle Contae an Chabháin.

Imeacht spóirt a ghlasú: Óstálann Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin agus Cabhán Sláintiúil roinnt imeachtaí spóirt gach bliain. Úsáideann na himeachtaí sin méid mór de bhuidéil uisce phlaisteacha aon úsáide a bhfaightear réidh leo go míchuí agus nach n-athchúrsáiltear. Chomhordaigh an Roinn Bainistíochta Dramhaíola le Refill Ireland a d'fhreastail ar 1 imeacht sa Chabhán agus a sholáthair stáisiún athlíonta uisce agus bíocair in-athúsáidte. D'fhéadfaí tionscnamh dá leithéid a athchruthú i gceantair eile den Chontae agus den Tír.





Oideachas agus Feasacht: D'oibrigh Refill Ireland i dteanna na Roinne Bainistíochta Dramhaíola agus sholáthair siad ardán oideachais ag féile bia 2 lá an Chabháin "Taste of Cavan" i mí Lúnasa 2019.

Scoileanna Glasa: D'oibrigh Comhairle Contae an Chabháin le scoileanna agus saoráidí oideachais ar fud an Chontae in 2019 mar chuid de Chlár na Scoileanna Glasa (Téamaí Uisce agus Bruscair agus Dramhaíola). Ag díriú ar na réimsí maidir le cosc dramhaíola agus athúsáid, sholáthair Comhairle Contae an Chabháin buidéil spóirt in-athúsáidte do scoileanna rannpháirteacha a bhí déanta as cána siúcra. Sholáthraíomar 2 stáisiún athlfonta uisce chomh maith d'iarbhunscoil áitiúil i mBaile an Chabháin a fhreastalaíonn ar 750 dalta agus 80 ball foirne.



Torthaí

- Cruthú líonra de 51 gnólacht ar fud Bhaile an Chabháin, Dhroichead an Bhuitléir, Choill an Chollaigh agus Achadh an Lúir a bhfuil stáisiúin athlfonta uisce saor in aisce suiteáilte acu.
- Níos mó feasachta i ndáil le caomhnú uisce agus cosc ar phlaistigh aon úsáide trí fheachtais ar na meáin shóisialta agus rannpháirtíocht go leor páirtithe leasmhara.
- Soláthar 1,500 bíocar in-athúsáidte do Refill Ireland lena n-úsáid ag imeachtaí spóirt ar fud na Tíre.
- Soláthar 2 stáisiún athlfonta uisce agus buidéal in-athúsáidte do gach scoláire (750) agus baill foirne (80) ag Coláiste Bhréifne, an Cabhán
- Soláthar 670 buidéal in-athúsáidte do scoileanna i gContae an Chabháin a ghlac páirt i gClár na Scoileanna Glasa
- Neartaíodh naisc leis na Bailte Slachtmhara agus na Scoileanna Glasa

Atreorú dramhaíola ó líonadh talún agus méadú ar athúsáid agus athchúrsáil



Ciste Áitiúil Comhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21

Leis an gciste sin cuirtear forbairt inbhuanaithe chun cinn trí thionscadail mhionscála, sheachbhrabúsacha um chomhshaol ar an leibhéal áitiúil. Tá an maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus Údaráis Áitiúla. Is féidir tionscadail agus scéimeanna amhail gairdíní pobail, cuibhrinn agus scéimeanna múirín agus tionscnaimh oideachais a mhaoiniú. Thacaigh Comhairle Contae an Chabháin le líon tionscadal um chomhshaol faoi Chiste Comhpháirtíochta um Chomhshaol Chlár 21 Áitiúil a raibh ról an-dearfach aige maidir le dul i ngleic le truailliú ó bhruscar.

An tSeirbhís Maorachta Madraí

Ceanglaítear le cur chun feidhme an Achta um Rialú Madraí 1986 arna leasú ar an Údarás Áitiúil Maor Madraí lánaimseartha a fhostú. Soláthraíonn an Maor Madraí seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil, ag déileáil le rialú agus bainistíocht madraí seachráin, madraí nach bhfuiltear á n-iarraidh agus iompar frithshóisialta ag madraí agus eisiúint ceadúnas madraí.

Seirbhísí Tréidliachta

Fostaímid Oifigeach Tréidliachta lánaimseartha amháin a chuidíonn 6 chigire tréidliachta páirtaimseartha leis. Déanann an tOifigeach Tréidliachta cigireacht/ceadúnú agus iniúchtaí ar sheamlais agus ar ghléasraí beaga feola laistigh den Chontae. Le linn na bliana, cuirtear samplaí randamacha feola isteach chuig saotharlann Lárnach Feola na Roinne Talmhaíochta agus Bianna i gCill Dara lena dtástáil i gcomhair iarmhair antaibheathach agus iarmhar ceimiceán eile.

An Coiste um Pleanáil Straitéiseach Comhshaoil agus Pleanáil

Tionóladh cruinniú amháin agus áiríodh ar na topaicí agus na ceisteanna a pléadh, Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide, Fodhlíthe maidir le Dramhaíl agus tograí Refill Ireland.



Ballraíocht ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach Comhshaoil agus Pleanála

Cathaoirleach an Clr Damien Brady

An Clr Madeline Argue

An Clr Fergal Curtin

An Clr Winston Bennett

An Clr Val Smith

Fintan McCabe, Colún an Chomhshaoil

Orla Sheridan, Lónra um Rannpháirtíocht an Phobail

Jimmie Jackson, Colún Tógála

Thomas Cooney, Colún Talmhaíochta

Seirbhísí Uisce

Leanann Roinn Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin ag oiriúnú do dhúshláin a bhaineann le rud atá fós ina thimpeallacht oibrithe measartha úr i gcomhar le hUisce Éireann. Tá Rannóg Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae an Chabháin chun tosaigh maidir le creat oibriúcháin a mhúnlú agus a sholáthar lena cinntiú go mbeidh sé ar ár gcumas mar Chontae agus mar Náisiún leas a bhaint as na deiseanna atá á gcur ar fáil mar gheall ar na cúinsí atá ag athrú.

Ar an 1 Eanáir 2014 tugadh an fhreagracht as seirbhísí uisce agus fuolluisce a sholáthar d'Uisce Éireann. Is é seo (2019) bliain 6 de Chomhaontú Seirbhíse 12 bliain Uisce Éireann maidir leis an seirbhísí a sholáthar.

Meastar go bhfuil uisce ina 'earra sóisialta' agus tacaíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí uisce leis na trí ghné (eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil) a bhaineann le forbairt inbhuanaithe. Is iad seo a leanas cuspóirí na roinne atá ag obair thar ceann Uisce Éireann:

- soláthar dóthanach uisce ar chaighdeán inbhuanaithe a sholáthar d'úsáideoirí baile, tionsclaíocha, talmhaíochta agus eile.
- saoráidí séarachais a sholáthar le haghaidh diúscairt slán dhóthanach



séaraigh agus dramhaíl uisce-iompartha eile.

- an bonneagar chun tacú leis na cuspóirí thuas a sholáthar.
- seirbhís éifeachtach agus fhreagrúil a sholáthar do chustaiméirí i gcónaí.
- pleanáil d'fhás agus d'fhorbairt amach anseo.
- an méid thuas ar fad a sholáthar ar an gcostas is eacnamúla agus ar íostáille do chustaiméirí.

Tá 16 Scéim Uisce Phoiblí sa Chontae a bhfuil soláthar á sholáthar do 8 gcinn díobh ag Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha. Tá 26 ionad cóireála fuíolluisce phoiblí sa Chontae.

Táscaire Feidhmíochta

Déanann Roinn Comhshaol na Comhairle maoirseacht ar shampláil agus ar thástáil ar gach soláthar Uisce Phoiblí agus doirteadh eisiltigh ó ionaid fuíolluisce ag baint úsáid as Creat Saotharlainne Uisce Éireann.

Baineann táscairí feidhmíochta don roinn le comhlíonadh na Rialachán maidir le hUisce Óil 2014.

Is iad seo a leanas figiúirí a bhaineann le comhlíonadh do na Scéimeanna Soláthair Uisce Phoiblí.

	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Comhlíonadh	98.4%	98.8%	99.1%	98.4%	98.5%	99.1%	99.4%	99.3%	98.9%	98.9%	98.9%

Is ionann an t-uisce nach bhfuil cuntas tugtha ina leith (UFW) agus 30% faoi láthair i gcomparáid le meán Náisiúnta 47%.

Móroibreacha Caipitil

Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017 – 2021



Fuíolluisce

Sainaithníodh 52 ionad cóireála fuíolluisce ar fud na tíre a raibh uasghrádú de dhíth orthu mar gheall ar theipeanna ar theorainneacha doirte agus acmhainn hiodrálach. Tá 9 mbeart oibre beartaithe leis an gCabhán agus Liatroim cuimsithe i gconradh cealaithe 6

(Baile Shéamais Dhuibh, Coill an Chollaigh, Dún an Rí, Béal Átha na nEach, Muinchille agus Achadh an Iúir)

Ceapadh Atkins Consultants chun na hoibreacha seo a leanas a dhéanamh.

Geata 1-2 30 seachtain Tuarascáil um Staidéar Féidearthachta a Ullmhú

Cuireadh Tuarascáil um Staidéar Féidearthachta i gcrích agus cuireadh isteach chuig Straitéis Sócmhainní Uisce Éireann iad le haghaidh ceadú WIAC go geata 2

Geata 2-3 42 seachtain Réitigh bheartaithe maidir le Pleanáil agus Dearadh lena n-áirítear tairiscintí

Cuireadh tús le réitigh maidir le dearadh lena n-áirítear suirbhéanna 3ú páirtí, cuirfear tús le hOibreacha Gheata 2 lena n-áirítear iarratais ar Phleanáil i Ráithe 1 2020 d'Achadh an Iúir, Dún an Rí, Baile Shéamais Dhuibh, Béal Átha na nEach, Coill an Chollaigh agus Muinchille

Geata 3-4 52 seachtain Tuarascáil ar chur i gcrích lena n-áirítear riarachán. Beartaithe lena tosú in Aibreán 2021

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean infheistíochta caipitil reatha agus ar an ngá atá ann le méadú a dhéanamh ar líon na dtionscadal caipitil a chuirtear i gcrích ar bhonn náisiúnta, cuimsíodh an beart seo lena sholáthar faoin gclár infheistíochta caipitil reatha (rannpháirtíocht luath an chonraitheora)



Tionscadal maidir le Díghalrú Uisce

Na hionaid chóireála uisce ar fad a uasghrádú go caighdeán Uisce Óil Uisce Éireann.

Tairiscintí faighte agus athbhreithnithe

Áiríodh ar na hionaid, Béal Tairbirt, Dún an Rí, Béal Átha Chonaill, an Muileann Iarainn, Coill an Chollaigh, an Cabhán, Baile Shéamais Dhuibh agus Muinchille. Dámhadh an conradh do Veolia Water.

Achar Ama Deireadh Fómhair 2017 Conraitheoir ar an láithreán

Céim 1 Conraitheoir ar an láithreán sa Chabhán ó shuirbhéireacht 08/01/2018. Tá na suirbhéanna tosaigh ar fud curtha i gcrích.

Céim 2 Tá ceardlanna chun raon na n-oibreacha a chinneadh curtha i gcrích.

I ndiaidh athrú ar an sruth maoiniúcháin don tionscadal seo, bhí sé beartaithe tús a chur le hoibreacha suiteála i dtús mhí Eanáir 2019 agus bhí siad le críochnú le linn 2020.

Cuireadh tús le hoibreacha ar ICU Mhuinchille, ICU Bhaile Shéamais Dhuibh, ICU an Chabháin agus ICU an Mhuilinn Iarainn

Mionchláir Chaipitil

Deisiúcháin ar Umar Gléghlantóra Ionad Cóireála Uisce Mhuinchille

Rinne Source Civil Ltd an t-umar a shéalú ar bhonn sealadach

Cuireadh togra maidir le ghleghlantóir úr agus umar lonnaíochta úr a shuiteáil mar aon leis na hoibreacha gaolmhara isteach chuig Uisce Éireann le haghaidh ceadú maoiniúcháin.

Clár TFG uisce (Téachtadh, flocasú agus gléghlanadh (TFG) an Mhuilinn Iarainn

Áiríodh leis na hoibreacha sin uathoibriú dailte ceimiceán, uathoibriú cúlchaise scagaire, suiteáil tosú/rith mall chun dramhaíola ar an scagaire, athsholáthar séidirí aeir, suiteáil measctóra stataigh agus painéal rialaithe úr.

Conraitheoir - Coffey Water. Críochnaíodh an tógáil i mí Iúil 2019.

Clár TFG Uisce Bhaile Shéamais Dhuibh agus TFG Uisce Bhéal Tairbirt.

Conraitheoir - Ward and Burke. Cuireadh tús le hoibreacha ar na láithreán i mí an Mhárta 2019 ag Baile Shéamais Dhuibh agus i mí na Bealtaine 2019 i mBéal Tairbirt. Tá oibreacha tógála curtha i gcrích ag an dá láithreán agus tá cúpla locht ann fós.

Áiríodh leis na hoibreacha sin suiteáil tosú/rith mall chun na dramhaíola ar an scagaire, athsholáthar séidirí aeir, athsholáthar comhbhrúiteora, caidéil dailte ceimiceán úra agus painéal rialaithe úr.



Séidirí Aeir Úra agus Caidéil Cúlchaise suiteáilte ag Ionad Uisce Réigiúnach Bhaile Shéamais Dhuibh

Athsholáthar príomhlíonra uisce Mhuinchille – athsholáthraíodh 1 km den phríomhphíobán uisce.

Conraitheoir - Farran Construction. Cuireadh an tógáil i gcrích i mí na Bealtaine 2019, liosta Lochtanna le cur i gcrích.



Teicneolaíocht Druileála Threoch in úsáid ar athsholáthar phríomhphíobán uisce Mhuinchille. Athsholáthar 1.3 km de phríomhphíobán uisce na Damhshraithe

Rinneadh réamhdhearadh agus réamhshuirbhé. Ag fanacht leis an dáta tosaithe ó Uisce Éireann.

Athsholáthar phríomhphíobán uisce Shráid Mhór Bhaile an Chabháin

Rinneadh réamhdhearadh agus réamhshuirbhé, ceadaíodh an dearadh deiridh.

Is é ráithe 1 2020 an dáta tosaigh le haghaidh na tógála

Tionscadail Seirbhísí Cúlchlóis (TSC)

Is éard atá i gceist leis sin an príomhlíonra uisce sa chúlchlós atá ag dul in aois a athsholáthar agus naisc seirbhíse úra a sholáthar do chustaiméirí.

Conraitheoir Farran Construction. In 2019 rinneadh na hoibreacha TSC seo a leanas.

Mount Pleasant, Béal Átha Chonaill, príomhphíobán uisce úr agus 11 tógáil TSC curtha i gcrích.

Bóthar Mhuinchille, an Cabhán 12 TSC, tógáil curtha i gcrích.



Drumbannon, Coill an Chollaigh, 37 TSC, tógáil curtha i gcrích.

Rock Cross, an Cabhán 9 TSC, Tógáil curtha i gcrích.

Páirc Ghrífín, Béal Tairbirt 16 TSC, ag an gcéim deartha.

St. Patricks Terrace, an Cabhán, príomhphíobán uisce úr, 27 TSC, ag an gcéim deartha.

Bóthar Mhuire, Dún an Rí, príomhphíobán úr, 8 TSC, ag an gcéim deartha.

Marian Park, Béal Tairbirt, príomhphíobán uisce úr, 24 TSC, ag an gcéim deartha.

Ardán Mhuire, Béal Tairbirt, príomhphíobán uisce úr, 22 TSC, ag an gcéim deartha.

Marrion's Row, Béal Tairbirt, príomhphíobán uisce úr, 26 TSC, ag an gcéim deartha.

Páirc Percy French, Baile Shéamais Dhuibh, príomhphíobán uisce úr, 12 TSC, ag an gcéim deartha.

NCAP, (Clár Náisiúnta um Dheimhniú Údaráis) – Ionaid Chóireála Fuíolluisce Gowna, Chill Chóige, agus an Chnoic Rua

Comhairleoir- RPS

Measúnú tionchair a dhéanamh ar an doirteadh ón uisce dromchla / screamhuisce glactha. Cigireacht ar róshreafaí uisce stoirme agus éigeandála chomh maith le doirteadh príomhúla agus tánaisteacha. Ag an gcéim phleanála agus deartha. Tá Ionad Cóireála Fuíolluisce Gowna ag Ardchéim Deartha

Clár Oibreacha Cuaisíní, Stoirme agus Sloda – Ionaid Chóireála Fuíolluisce an Bhlaic, Bhéal Átha hÉis, Shearcóige, Chill na Leice, an Mhullaigh

Comhairleoirí - JP Barry

Tá Ionaid Chóireála Fuíolluisce an Bhlaic agus Bhéal Átha hÉis ag an gcéim comhairliúcháin phleanála

Cuireadh tús le hoibreacha imscrúdaithe ar an láithreán i mBéal Átha hÉis, i Searcóg agus sa Bhlaic ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019.

Nuashonrú Uisce Cheantair Thuaithe an Chabháin

Seoladh an **Clár Ilbhliantúil maidir le hUisce Tuaithe 2019-2021** ar an 8 Feabhra 2019. Is clár rollta trí bliana é an clár sin. Lorgaíodh aighneachtaí faoi 7 mbeart éagsúla.



1. Cosaint Foinse
2. Comhlíonadh na Sláinte Poiblí maidir le GSU atá ann Cheana
3. Feabhsú Scéimeanna atá ann Cheana lena n-áirítear Caomhnú Uisce
4. Grúpscéimeanna Uisce Úra
5. Aistriú GSU atá ann cheana go hUisce Éireann
6. Naisc Uisce agus Fuíolluisce Pobail
7. Taighde agus Nuálaíocht

Rinne Comhairle Contae an Chabháin iarratais maidir le maoiniú faoi na bearta ar bhonn sonraí a chuir Grúpscéimeanna Uisce isteach. Rinneadh Painéal Saineolaithe na hiarratais sin a mheasúnú agus thug siad moltaí don Roinn. Bunaithe ar na moltaí sin chuir an Roinn leithdháiltí beartaithe isteach lena mbreithniú ag an Aire. Tháinig an Painéal Saineolaithe le chéile le linn R1 agus R2 2019 agus nuair a chríochnaigh siad a mbreithiúnas cuireadh a moltaí faoi bhráid an Aire. D'eisigh an Roinn Fógra maidir le leithdháiltí 2019 ar an 14 Deireadh Fómhair 2019. B'ionann an leithdháileadh iomlán don Chabhán maidir le clár 2019-2021 agus €1,686,471 agus dáileadh €1,010,005 de sin faoi 2019 agus mar sin, tá bhí siad ar fáil sé ar fáil láithreach nuair a bheidh riachtanais an MARWP comhlíonta. I bhformhór na gcásanna rinneadh oibreacha in 2020 mar thoradh air sin. Baineann na leithdháiltí sin go sonrach le scéimeanna agus tionscadail araon. Rinneadh iarratais ar mhaoiniú i gcomhair 51 tionscadal faoi leith thar ceann 27 Scéim nó cuachadh scéimeanna. Fuarthas leithdháiltí le haghaidh 23 ceann de na tionscadail sin (ina gcuimsíodh 17 scéim nó cuach scéimeanna). Soláthraíodh tuarascáil mhionsonraithe maidir le leithdháiltí MARWP don tréimhse 2019-2021 do chruinniú de chuid Choiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae ar an 5 Samhain 2019.

Ní raibh ceann ar bith de na Grúpscéimeanna Uisce ábalta a leithdháileadh a tharraing anuas in 2019 mar gheall ar an bhfógra mall maidir le leithdháiltí agus an am den bhliain. I gcruinniú leis an Roinn ag deireadh 2019 dearbhaíodh nach bhfuil maoiniú ar bith le haghaidh tionscadal/scéimeanna nach bhfuil cuimsithe cheana i gclár 2019-2021 seachas i gcúinsí éigeandála.



Rinneadh Deontais Toibreacha dar luach **€35,039.94** a phróiseáil thar ceann 18 n-iarratasóir/teaghlach in 2019. Is é an cuspóir leis an scéim deontas cuidiú le teaghlaigh a bhraitheann ar sholáthairtí uisce aonair príobháideacha a bhfuil caiteachas caipitil á thabhtú acu chun soláthar uisce píobaithe a sholáthar chun críocha baile, nó chun easnaimh thromchúiseacha i soláthar uisce atá ann cheana chun críocha baile a leigheas. Ní bhaineann an céim le tithe dár soláthraíodh soláthar uisce phoiblí nó grúpscéim uisce cheana nó ar féidir é a sholáthar le réasún.

Tá **Fóirdheontas** fós ar fáil ón Stát do Ghrúpscéimeanna Uisce i gcomhair costas a bhaineann le huisce baile a sholáthar, chun tacaíocht airgeadais chomhionann a chinntiú idir soláthairtí uisce agus GSUnna. Eisíodh íocaíochtaí fóirdheontais dar luach €4,380,068 chuig scéimeanna sa Chabhán in 2019.

Leanann Comhairle Contae an Chabháin tríd an **gClár Monatóireachta** le hoibriú go dlúth le Grúpscéimeanna Uisce lena chinntiú go mbeidh an t-uisce óil ar chaighdeán ard i gcónaí agus go gcloífidh sé leis na Rialacháin maidir le hUisce Óil. Ghlac foireann na Comhairle 178 sampla ó scéimeanna in 2019.

Rinneadh **Poles GWS** iarratas go nglacfaidh Uisce Éireann ceannas air agus tá obair ar siúl chun an fhaisnéis agus na tuarascálacha is gá a bhailiú le chéile a luaithe is féidir chun an próiseas táthcheangail a chur i gcrích in 2020.

Gné Speisialta Eastáit is Fearr

Faiche an Aonaigh, Cill na Leice – ‘Plandóirí Boinn Luibeanna’

Teach agus Gairdíní Aonair is Fearr

Paula Tranmer, Rathdrum, Achadh an Iúir

Duaiseanna Speisialta

Stádas Saor ó Bhruscar – The Steeples (Baile an Chabháin), Arda Kilnavara (Baile an Chabháin), Corrán Kilnavara (Baile an Chabháin), Highfield Road (Baile an Chabháin), Páirc Ghríffin (Muinchille).



Duais don Uaschúrsáil is Fearr

Cloneary, Teampall an Phoirt – ‘*Old Man of The Forest*’

Grúpa Óige is Fearr

Cabhsa na tSeangharraí, Béal Átha na hEach

Gradam Saoil

Josephine McDermot, Béal Átha na hEach

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch a Phleanáil

Pleanáil

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú agus na Rialacháin maidir le Pleanáil agus Forbairt 2001 arna leasú a chur chun feidhme. Cuimsítear in obair na Rannóige Pleanála na réimsí seo a leanas:

- Réamhphleanáil
- Bainistíocht Forbartha agus Feidhmeanna Reachtúla Eile
- Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha
- Tógáil i gCúram Eastát Tithíochta
- Eastáit Neamhchríochnaithe
- Faireachas Margaidh
- Ranníocaíochtaí agus Bannaí Forbartha
- Rialú Foirgníochta
- Comhlíonadh/Forfheidhmiú Forbartha
- Oidhreacht
- Coistí um Beartas Straitéiseach Pleanála agus Comhshaoil
- Táscaire Feidhmíochta



Réamhphleanáil:

Tháinig Plean Forbartha Chontae an Chabháin 2014-2020 agus Plean Forbartha Bhaile agus Phluráin an Chabháin 2014-2020 i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2014. Bhí obair ar siúl in 2019 chun ullmhú do thosach an athbhreithnithe ar na pleananna sin. Tugadh faoi obair cur chun feidhme agus mhonatóireachta chuspóirí Phlean Forbartha Chontae an Chabháin agus ar Phlean Bhaile agus Phluráin an Chabháin. Áiríodh leis sin tiomsú faisnéise ar líon agus treochtaí na tithíochta tuaithe agus na tithíochta uirbí laistigh den chontae. Chomhoibrigh an fhoireann réamhphleanála leis an Roinn Pobail agus Fiontraíochta chomh maith maidir le cur chun feidhme na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte dá cuid i ndiaidh chur i gcrích na bPleananna um Athbheochan do 20 bailte agus sráidbhaile sa Chontae.

Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Cuireadh obair i gcrích ar cheithre Limistéir Caomhantais Ailtireachta sa Chontae in 2019. Bhí siad sin i Sráid an Droichid, Baile an Chabháin, Sráidbhaile an Chnoic Rua, Droim Chartach Bhéal Tairbirt, agus tSráid Mhór, an Mullach. Cuimseofar na hoibreacha sin sa Phlean Forbartha Contae úr.

Fostaíodh comhairleoirí in 2018 chun obair a dhéanamh le haghaidh na dtionscadal seo a leanas agus cuireadh na tionscadail sin i gcrích in 2019.

1. Athbhreithniú ar an Oidhreacht Ailtireachta sa Chontae – chun scrúdú a dhéanamh ar an Liosta Déanmhas faoi Chosaint agus Fardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta don chontae agus Liosta Déanmhas úr faoi Chosaint a thiomsú don Phlean Forbartha úr.
2. Athbhreithniú ar bhailte agus ar shráidbhailte uile an chontae agus moladh limistéir a bheadh oiriúnach mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

Iarratas URFD do Abbeylands

I ndiaidh ceadú a fháil in 2018 le haghaidh Maoiniú um Athnuachan agus um Fhorbairt Uirbeach Chatagóir B i gcomhair tionscadal athnuachana i lár Bhaile an Chabháin thart ar Abbeylands, ceapadh comhairleoirí ag deireadh 2019 chun Máistirphlean don



limistéar sin a ullmhú agus a chur i gcrích. Táthar ag súil go mbeidh an Máistirphlean curtha i gcrích in 2020.

Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

Lean an Roinn Réamhphleanála le hobair in 2019 ar ionchur sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Cuireadh líon aighneachtaí inar léiríodh dearchtaí an fheidhmeannaigh agus na gcomhaltaí tofa i láthair an Tionóil Réigiúnaigh.

Bainistíocht Forbartha agus Feidhmeanna Reachtúla Eile:

Fuair an roinn Pleanála 515 iarratas ar phleanáil in 2019. Bhain formhór na n-iarratas le forbairtí amhail scéimeanna tionsclaíocha, fiontraíocht tuaithe, scéimeanna tithíochta, áitribh talmhaíochta, tráchtála, tithe aonair, síntí le háitribh a bhí ann cheana, garáistí baile agus coimeád oibreacha a bhí ann cheana.

Rinneadh 9 gcinneadh de chuid an Údaráis Phleanála a achomharc chun an Bhoird Phleanála agus dearbhaíodh an cinneadh a rinne an tÚdarás Pleanála i 8 (89%) de chinntí an Bhoird Phleanála.

Bhí méadú chomh maith ar líon na n-iarratas ar Shíneadh Fhad na pleanála agus 15 iarratas faighte in 2019.

Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha:

I mí na Nollag 2018 bhí 5 chlár pháirteacha le haghaidh láithreáin thréigthe sa chontae. Tugadh iad sin cothrom le dáta agus cuireadh isteach i gclár amháin iad. Ceapadh dréachtbheartas ansin lena chinntiú go raibh an próiseas ag cloí leis an reachtaíocht reatha agus leis an mbealach a réiteach in 2020 i dtreo laghdú a dhéanamh ar líon na réadmhaoine tréigthe sa chontae. Rinneadh na láithreáin ar fad a bhí ar na cláir roimhe seo a phróiseáil agus déanfar na mórghairtí ar fad a athbhreithniú anois chun na clár reatha a thabhairt cothrom le dáta. Le linn 2019:-



- eisíodh 52 litir rabhaidh alt 8/2,
- eisíodh 22 litir um rún réadmhaoin a iontráil ar an gclár de chuid alt 8/7,
- cuireadh 22 réadmhaoin ar chlár na láithreán tréigthe, agus
- rún rathúil ar 17 réadmhaoin eile.

Tógáil i gCúram:

Scríobhadh agus glacadh beartas maidir le Tógáil i gCúram don Chabhán in 2007 arna ordú ag an Aire John Gormley. Athbhreithníodh na beartas sin in 2016 agus ghlac na comhaltaí tofa an t-athbhreithniú. Bhí na hathbhreithnithe chun críocha soiléireachta agus chun doiciméad níos áisiúla a chruthú. Rinneadh an doiciméad a athbhreithniú arís in 2019 chun teacht le reachtaíocht úr a tugadh isteach in 2018.

Tá 236 eastát tithíochta sa chontae faoi láthair. Tógadh 48 ceann de na heastáit i gcúram. Glacadh 12 in 2012, glacadh 24 ceann in 2017, agus glacadh 12 cheann eile i mí na Nollag 2018. Tá an chuid eile tógtha ar feadh sa bhreis ar 12 bhliain. Uasghrádaíodh an soilsiú poiblí i 5 eastát go LED. Fuarthas 8 n-iarraitas ar Thógáil i gCúram in 2018 agus cuireadh iad sin leis an 29 ceann eile atá ar an liosta cheana. Tá sé beartaithe eastáit a thógáil i gcúram ar bhonn leanúnach ag brath ar acmhainní, go dtí go mbeidh na heastáit stairiúla ar fad Tógtha i gCúram.

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe:

Bhí 156 eastát sa Chabhán in 2010 ar Chlár Eastát Neamhchríochnaithe na Rannóige. Tá 5 eastát fágtha ar an gclár faoi láthair agus is é an moladh aghaidh a thabhairt orthu sin in 2020/2021. Sháraigh sé sin an moladh atá léirithe i bhForbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a Bhainistiú agus a Réiteach, i gcás gur moladh laghdú 25% ar a laghad a dhéanamh air sin gach bliain. In 2016 aistríodh an fócas go dtí tarraing anuas bannaí agus cur i gcrích oibreacha níos lú a bhí fós le déanamh sna heastáit sin ag an gcomhairle agus tá an fócas air sin fós don todhchaí. Lean an Fhoireann le monatóireacht a dhéanamh ar stádas gach eastáit neamhchríochnaithe, agus oibríonn siad le hinstitiúidí airgeadais agus forbróirí chun ceisteanna amuigh sna heastáit sin a réiteach.



Faireachas Margaidh:

Ní mór do dhuine nó do chuideachta ar bith, a dhéanfaidh earra lena dhíol ar an margadh Eorpach, lena n-áirítear margadh na hÉireann, cloí leis na Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta 2013. Ciallaíonn sin nach mór an táirge a thástáil agus a dheimhniú go bhfuil sé oiriúnach dá chuspóir beartaithe. Eisítear uimhir CE ina leith ansin agus ní mór don mhonaróir Dearbhú Feidhmíochta a cheangal de chun comhsheasmhacht sna ballstáit ar fad a chinntiú.

Le hAirteagal 40 de na Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta ceanglaítear ar gach Ballstát, údarás a thugann fógra a ainmniú, a bheidh freagrach as na nósanna imeachta is gá don mheasúnú a chur ar bun agus a dhéanamh, agus as fógra na gcomhlachtaí, dá dtabharfar údarás chun na cúraimí tríú páirtithe a dhéanamh sa phróiseas um Measúnú agus Fíorú Seasmhachta Feidhmíochta chun críocha na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, agus le haghaidh mhonatóireacht na gcomhlachtaí sin ar tugadh fógra dóibh.

I gcás na hÉireann, is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an t-údarás a thugann fógra faoi na Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta. Déanann Bord Náisúnta na hÉireann um Chreidiúnú creidiúnú agus monatóireacht ar gach comhlacht a dtugtar fógra dó in Éirinn. Is iad na comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh na tithe tástála ar ar bhronn an t-údarás a thugann fógra stádas fógra.

Is é an t-údarás um fhaireachas margaidh le haghaidh táirgí tógála an Údarás Rialaithe Tógála don chontae ina ndearnadh an táirge, arna leagan amach in I.R.225/2013.

Ranníocaíochtaí Forbartha:

Tháinig an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha 2017 seo i bhfeidhm maidir le hiarratais a deonaíodh ar an 1 Eanáir 2017 nó ina dhiaidh sin. Ceanglaítear an ranníocaíocht sin ar iarratais a deonaíodh sa Chontae i gcomhréir leis na scéim ghlactha. Tá roinnt díolúintí agus laghduithe ar fáil chomh maith lena n-áirítear laghdú 10% a tugadh isteach le déanaí i gcás go n-íocfar ranníocaíochtaí forbartha go hiomlán laistigh de 6 mhí ó na fógra um thosú a chur isteach (tá díolúintí i bhfeidhm). Bailíodh €1,458,404 (€1,218,749 glan ó asbhaintí Uisce Éireann) i ranníocaíochtaí forbartha.



Leanann an Fhoireann Ranníocaíochtaí Forbartha le ranníocaíochtaí forbartha amuigh a lorg trí shonraisc a eisíodh de réir mar a chuirtear fógraí um thosú isteach agus déanann siad iarmheasúnu ar chuntais atá ann cheana lena chinntiú go bhfuil íocaíochtaí á ndéanamh. Táthar ag seiceáil ceadanna a deonaíodh ó 2004 i leith i gcás nár cuireadh fógraí um thosú isteach chomh maith lena fháil amach an ndearnadh an fhorbairt agus lorgaítear íocaíocht na ranníocaíochta forbartha de réir mar is cuí.

Rialú Foirgníochta:

I mí na Bealtaine 2014 tugadh isteach an Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála nó BCMS. Is córas ar líne é sin chun gach iarratas ar thógáil a chlárú agus a bhainistiú. Athraíodh an teideal BCMS in 2017 go BCMP (an Tionscadal Bainistíochta Rialaithe Tógála). Bhunaigh an CBCC 3 údarás réigiúnacha, mar a leanas:

Réigiún um Rialú Foirgníochta	Údaráis Áitiúla
Mórchéantar Bhaile Átha Cliath/Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre	Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún-Laoghaire-Ráth an Dúin, an Mhí, Lú, Cill Dara, Cill Mhantáin, Longfort, an Iarmhí, Uíbh Fhailí, Laois (12)
Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair	Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán, Maigh Eo, Ros Comáin, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe (9)
Réigiún an Deiscirt	An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, Cill Chainnigh, Ceatharlach, Loch Garman, Ciarraí, Cathrach Chorcaí, Contae Chorcaí, Cathair agus Contae Phort Láirge (10)

Tá ionadaí amháin ar an bhord tionscadail an BCMP ag gach réigiún. Déanann Comhairle Contae an Chabháin ionadaí fós do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach ar Rialú Foirgníochta).



Soláthraíonn an Rannóg um Rialú Foirgníochta comhairle agus treoir do ghníomhaithe agus d'úsáideoirí an chórais chomh maith le cigireachtaí láithreáin a dhéanamh chun comhlíonadh agus cruinneas na faisnéise a chuirtear isteach a chinntiú. Le linn 2019, phróiseáil Roinn um Rialú Foirgníochta Chomhairle Contae an Chabháin 205 fógra agus 34 Deimhniú Comhlíontacha ar Chríoch (DCC). Tá an t-iomlán sin comhdhéanta de:

- 20 Fógra um Thosú neamhbhailithe
- 76 Fógra um Thosú bailithe (foirm fhada);
- 31 Fógra um Thosú bailithe (foirm ghairid);
- 61 Fógra um Thosú bailithe (rogha an Diúltaithe);
- 17 bhFógra 7 Lá bailithe.

As an 34 DCC a próiseáladh, bhí 4 cinn neamhbhailithe.

Leanann an Rannóg Pleanála le monatóireacht agus cigireacht rialta a dhéanamh ar fhorbairtí lena chinntiú go bhfuil na foirgnimh á dtógáil i gcomhréir leis na Coinníollacha Pleanála agus Rialacháin Pleanála ábhartha.

Comhlíonadh/Forfheidhmiú Forbartha:

D'oscail an Roinn Forfheidhmiúcháin 79 cás úr a bhí ina n-ábhar gearán don bhliain féilire 2019. Dhún an Roinn 43 cás le linn na tréimhse céanna.

Maidir leis na comhaid a dúnadh:

- Rinneadh 46% (nó 20 cás) a réiteach mar go raibh 'bac reachta' orthu, nó measadh go raibh siad ina 'bhforbairt Dhíolmhaithe' agus eisíodh Litir Rabhaidh;
- Dúnadh 21% ar an iomlán de na comhaid (nó 9 gcás) mar thoradh ar idirbheartaíocht leis an Údarás Pleanála.
- Dúnadh 33% (nó 14 chás) i ndiaidh Litreacha Rabhaidh nó Fógra Forfheidhmiúcháin a eisiúint.

Tá imscrúdú á dhéanamh ar 249 cás oscailte agus áirítear leo sin na blianta roimhe sin.



Oidhreacht:

Ba bhliain ghnóthach eile í an 2019 d'Oifig Oidhreacht an Chabháin agus í ag leanúint lena chinntiú go ndéanfar oidhreacht uathúil éagsúil an Chabháin a chaomhnú, a choimeád, agus, thar gach uile ní, go mbeidh meas ag muintir an Chabháin uirthi agus go ndéanfaidh siad í a cheiliúradh. In 2019, lean an Oifig Oidhreacht le beartais Eorpacha, Náisiúnta agus Áitiúla um oidhreacht a chur chun feidhme nuair is infheidhme. Chomh maith le cur chun feidhme beartais, cuireann an Oifig Oidhreacht réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí chun cinn trínar féidir le pobail bheith bainteach agus páirteach go gníomhach inár n-oidhreacht.

Faigheann an Oifig Oidhreacht leithdháileadh bliantúil maoinithe ón gComhairle Oidhreacht. Leis an maoiniú sin is féidir leis an Oifig Oidhreacht díriú ar thionscadail faoi leith ag a bhfuil tionchar fadtéarmach agus marthanach ar oidhreacht an chontae.



Bealaí Óir an Chabháin

Bhí 2019 ina bliain an-rathúil eile do Bhealach Óir an Chabháin agus tá fás ag teacht ar líon na bpobal a bhfuil páirt á glacadh acu ann fós. Le linn 2019, d'fhostaigh an Oifig Oidhreacht dhá ealaíontóir áitiúla chun grúpa áitiúil an Bhealaigh Óir sa chontae a éascú agus oibriú leo. Is é is aidhm leis an tionscadal sin úsáid a bhaint as lucht na

n-ealaíon chun pobail a éascú le freagairt don oidhreacht feadh a mBealaí Óir ar bhealach samhlaíoch agus cruthaitheach. Táthar ag súil go ndéanfar an tionscadal a fhorbairt tuilleadh in 2020.



The trees huddle, bared trunks

lean back from the wind, intone psalms

*that hum quietly from sparse leaf to
sparse leaf,*

birch to ash wood, oak to sprawling

*beech. Chants catch in the reach and
dip*

Líonra na Reiligí Stairiúla

Tá Líonra na Reiligí Stairiúla ag dul ó neart go neart ó tionscnaíodh é in 2017. Tháinig méadú ar an líon mar gheall ar an líon reiligí stairiúla faoi úinéireacht na Comhairle a bhfuil páirt á glacadh acu sa líonra. Is é an aidhm an líonra feabhas a chur ar an rochtain ar na láithreáin sin, cuidiú le deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh agus painéil threocha agus léirmhínteacha a sholáthar. Áiríodh ar na tionscadail i mbliana mar chuid de Líonra na Reiligí comharthaíocht le haghaidh na reiligí stairiúla, iad a thaifeadh agus iad a léarscáiliú ar bhonn digiteach.





Déan iniúchadh ar Loch Uachtair

In 2018, chuir Oidhreacht Abarta staidéar i gcrích ar Mhórlimistéar Loch Uachtair. Ba é ceann de na torthaí a fuarthas go bhfuil Loch Uachtair ina limistéar iontach ina bhfuil flúirse oidhreacht nádúrtha agus atá oiriúnach lena chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta oidhreachta, ag díriú ar tháirge na hoidhreacht nádúrtha agus ag baint úsáid as samhail na turasóireachta moille. In 2019, chuir Woodrow Associates staidéar ar an dúlra i gcrích do Loch Uachtair. Rinneadh sraith moltaí sa staidéar lena gcuirfear bonn eolais faoin bplean gníomhaíochta amach anseo maidir le forbairt an cheantair.



Maoiniú an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta d'Údaráis Áitiúla

In 2019, fuair an Oifig Oidhreacht maoiniú Bithéagsúlachta tríd an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta,. Chuir sé sin ar chumas na hOifige Oidhreacht sraith ceardlann d'oiliúint ar na mbithéagsúlacht a eagrú do phobail agus do bhaill foirne na Comhairle.

Seachtain na hOidhreacht, 2019

D'éirigh go maith le Seachtain na hOidhreacht 2019 sa Chabhán agus bhí níos mó daoine bainteach agus páirteach go gníomhach sna gníomhaíochtaí seachtaine. Tugtar deis do dhaoine an tseachtain sin bheith ina dturasóirí ina gcúlchlós féin. In 2019, bhain a lán pobal leas as Scéim Deontas Áitiúil Sheachtain na hOidhreacht agus d'eagraigh siad imeachtaí ina bpobail áitiúla. Bhí na himeachtaí sin sa bhreis ar imeachtaí a d'eagraigh an Oifig Oidhreacht mar chuid de chomóradh Sheachtain na hOidhreacht.



An Oidhreacht Thógtha 2019

Leanann an Oifig Oidhreachta le caomhnú agus bainistíocht ár n-oidhreachta tógtha i gContae an Chabháin a chur chun cinn. Chomh maith leis an taifead déanmhas faoi chosaint agus oibreacha lena mbaineann a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, soláthraíonn an oifig oidhreachta comhairle agus cuireann sí beartas in iúl don Rannóg Pleanála. Chuidigh an pobal i gcoitinne le bainistíocht na hOidhreachta Tógtha chomh maith. D'éirigh le hOifig Oidhreachta Chomhairle Contae an Chabháin €52,000 a tharraingt anuas faoi Chiste na nDéanmhas Stairiúil (CDS) agus €50,000 faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT).

Ba iad seo a leanas na tionscadail sa CDS:

Eaglais Sheacaibíneach, Chill na Seanrátha	€15,000
Muileann Knockatudor, Tullyco, Sraith an Domhain	€22,000
Teach Owendoon, Owengallees	€15,000



Eaglais Sheacaibíneach, Chill na Seanrátha



Muileann Knockatudur, Tullyco



Agus faoin SIOT:

Lóiste an Gheata, Cullies, an Cabhán	€5,500
Séipéal Pharóiste Dhroim Dhúin, Doire na Ceise	€12,000
Muileann Knockatudur, Tullyco	€3,500
Séipéal Pharóiste an Chabháin	€5,500
Séipéal Bhríde, Cnoc Bhríde	€7,000
Teach Drumkeen / Coláiste Loreto, Drumkeen	€5,500
Eaglais Mhuire, an Bhroscaigh	€6,500
Former See House, an Chill Mhór Uachtarach	€5,250
Eaglais na hÉireann, Baile an Teampaill	€3,750

Suíonn an tOifigeach Oidhreachta ar go leor coistí inmheánacha a chuireann an Oidhreacht chun cinn go gníomhach i gContae an Chabháin:-

- Féile Siúil an Chabháin - siúlóidí a bhaineann go sonrach leis an oidhreacht chun feasacht na hoidhreachta a chur chun cinn i measc siúlóirí.
- Foireann Bainistíochta Geopháirceanna
- Coiste Éire Chruthaitheach, 2017-2022



Coistí um Beartas Straitéiseach Pleanála agus Comhshaoil

Tháinig an CBS Pleanála agus Comhshaoil le chéile uair amháin le linn 2019 sular tionóladh na Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2019. Tá comhaltaí an CBS liostaithe thíos:

CBS Comhshaoil agus Pleanála	Colún Ainmnithe
Damien Brady	Cathaoirleach
Winston Bennett	Comhairle Contae an Chabháin
Fergal Curtin	Comhairle Contae an Chabháin
Val Smith	Comhairle Contae an Chabháin
Madeline Argue	Comhairle Contae an Chabháin
Fintan McCabe	Comhshaol
Barry Kavanagh	CPPn
Patrick Denning/Thomas Cooney	Talmhaíocht
Andrew O’Gorman	Tógáil

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil, ceanglaíodh ar Chomhairle Contae an Chabháin a Scéim CBS a athbhreithniú agus faomhadh an scéim úr ag a cruinniú ar an 14 Deireadh Fómhair 2019. Mar thoradh air sin rinneadh an CBS a athstruchtúru chun na réimsí freagrachta um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil a chur san áireamh. Is iad seo a leanas ballraíocht an CBS úir seo.

CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil	Colún Ainmnithe
An Clr John Paul Feeley	Cathaoirleach
An Clr Peter McVitty	Comhairle Contae an Chabháin
An Clr Sarah O’Reilly	Comhairle Contae an Chabháin
An Clr Aiden Fitzpatrick	Comhairle Contae an Chabháin
An Clr Winston Bennett	Comhairle Contae an Chabháin
An Clr Carmel Brady	Comhairle Contae an Chabháin
Thomas Rodgers	Talmhaíocht & Feirmeoireacht
Jim McGaughran	Forbairt & Tógáil
Tom Brady	Gnó & Tráchtáil
Stanley Nwaneri	Pobal / Deonach



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Táscairí Feidhmíochta Pleanála:

P1: Foirgnimh úra ar a nDearnadh Cigireacht	
Líon iomlán na bhfoirgneamh úra ar tugadh fógra ina leith don údarás áitiúil	176
Líon iomlán na bhfoirgneamh úra ar tugadh fógra ina leith don údarás áitiúil in 2019 a bhí ina n-ábhar i gcigireacht amháin ar an láithreán ar a laghad le linn 2019	29 (16%)
P2: % na gCinntí Pleanála arna ndearbhú ag an mBord Pleanála	
Líon na gcinntí pleanála ÚÁ a bhí ina n-ábhar in achomharc in 2019.	9
% na gcinntí ag A lenar dearbhaíodh an cinneadh a rinne ÚÁ	8 (89%)
P3: % na gcásanna um Fhorfheidhmiú Pleanála a dúnadh mar a bheith réitithe	
Líon foriomlán na gcásanna pleanála a cuireadh ar aghaidh chuig an údarás áitiúil a imscrúdaíodh	79
Líon iomlán na gcásanna a dúnadh le linn 2019	43
% na gcásanna ag B a caitheamh amach faoi alt 152(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 nó a dúnadh toisc gur cuireadh bac le reacht ar fhorbairt nó gur díolmhaíodh forbairt	20 (46%)
% na gcásanna ag B a réitíodh chun shástacht ÚÁ trí idirbheartaíocht	9 (21%)
% na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar fhorfheidhmiú imeachtaí	14 (33%)
Líon iomlán na gcásanna pleanála a raibh imscrúdú á dhéanamh orthu amhail an 31/12/2019	249
P4: Costas na Seirbhíse Pleanála in aghaidh an duine	
Sonraí caiteachais Chlár D an Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2016 roinnte faoi dhaonra limistéar ÚÁ de réir Dhaonáireamh 2016	Costas in aghaidh an duine €17.90

Pobal, Fiontraíocht agus Turasóireacht

Tá an Roinn Pobail, Fiontraíochta agus Turasóireachta freagrach as an gCoiste um Fhorbairt Áitiúil Pobail, Athbheochan Bailte agus Sráidbhailte, Duaiseanna an Chathaoirligh, Cuimsiú Sóisialta, Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin, Clár Aoisbháúil an Chontae, Clár Peace IV, Comhairle na nÓg, Deontais Phobail agus Dheonacha, Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin agus an Cabhán Sláintiúil, an Oifig Turasóireachta, mórimeachtaí bliantúla amhail 'Taste of Cavan' agus Féile Siúil an



Chabháin. Tacaíonn an Roinn leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, líonra neamhspleách de ghrúpaí pobail agus deonacha i gContae an Chabháin agus maoiníonn sí é agus tá sainchúram aici feabhas a chur ar an rannpháirtíocht le saoránaigh. Tá dlúthbhaint aige le Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga an Chabháin agus an plean Áitiúil um Chosc ar Fhéinmhara 'Connecting for Life'.

An Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Comhordaíonn an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil clár agus sruthanna maoiniúcháin éagsúla don chontae lena n-áirítear CCSGP (Clár le haghaidh Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú an Phobail), Ciste Éire Shláintiúil, LEADER agus Peace IV. Tá sé freagrach as na gnéithe pobail den Phlean Eachnamaíochta agus Pobail Áitiúil.

Ba bhliain rathúil i 2019 do CFPÁ i gcomhthéacs an clár LEADER, CCSGP agus Clár Éire Shláintiúil a chur chun cinn. Dúnadh Clár Peace IV go rathúil in 2019 chomh maith, agus tionóladh imeacht iontach don dúnadh i mí Lúnasa 2019 chun an ghníomhaíocht tionscadail den scoth a rinneadh le linn thréimhse an Chláir a chomóradh. Buaicphointe faoi leith eile in 2019 is ea gur aithníodh an Cabhán mar cheann de na deich gclár LEADER is fearr feidhmiú in Éirinn, agus leithdháileadh €500,000 breise ar an gContae. Rinneadh dul chun cinn suntasach chomh maith in 2019 faoin gclár CCSGP 2018-2022 agus spriocanna bliantúla bainte amach agus tacaíochtaí luachmhara soláthartha do Ghrúpaí Pobail Áitiúla agus do dhaoine aonair faoi mhíbhuntáiste sa Chontae. Soláthraíodh Céim 2 de Thionscnamh Éire Shláintiúil agus fógraíodh Céim 3 a raibh an-fháilte roimh. Is é sin dhá bhliain eile leis an gClár le haghaidh gníomhaíochtaí leantacha a mhairfidh go dtí 2021.

Cé gur tháinig roinnt athruithe ar an mballraíocht sa CFPÁ le linn 2019, leantar le rannpháirtíocht iontach ag cruinnithe CFPÁ ag comhaltaí reachtúla agus neamhreachtúla araon. Tionóladh naoi gcruinniú den CFPÁ le linn na bliana. Rinneadh tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíocht CFPÁ in 2019 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne.

Soláthraíodh cuir i láthair éagsúla do chomhaltaí an CFPÁ ó chomhaltaí agus ó chomhlachtaí seachtracha chun a n-eolas ar na hearnálacha oibre a mhéadú agus



chun feabhas a chur ar dheiseanna le haghaidh líonraithe agus treisiú seirbhíse.

Feidhmíonn ceithre fhoghrúpa faoin CFPÁ: Foghrúpa Comhionannais an CFPÁ, Foghrúpa Monatóireachta CCSGP, Fochoiste LEADER agus Foghrúpa An Cabhán Sláintiúil.

CCSGP

Ba é 2019 an dara bliain de chur chun feidhme chlár CCSGP 2018-2022. Chuir Cuideachta Forbartha Pobail Chontae an Chabháin, Breffni Integrated, (feidhmeoir clár) gníomhaíochtaí chun feidhme a chuidigh le grúpaí pobail áitiúla le forbairt acmhainní, a chuir rannpháirtíocht chun cinn, a chothaigh pobail láidre, agus a chur rannpháirtíocht agus comhoibriú chun cinn. Thacaigh siad le daoine aonair chomh maith, i bhforbairt phearsanta agus folláine, sholáthair siad deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, tacaíochtaí dóibh siúd a raibh fostaíocht á lorg acu chomh maith le deiseanna féinfhostaíochta. Baineadh spriocanna bliantúla 2019 amach go rathúil agus CCSGP ag tacú le 520 duine aonair, 3 fhiontar shóisialta agus 43 grúpa pobail áitiúil. B'ionann an caiteachas iomlán faoi chlár CCSGP i gContae an Chabháin in 2019 agus €754,850.17.

An Cabhán Sláintiúil

Cuireadh Céim 2 den tionscadal An Cabhán Sláintiúil gcrích in 2019. Áiríodh ar ghníomhaíocht faoi Chéim a dó obair cur chun cinn, Tionscnamh Bailte Aclaí an Chabháin, an Clár 'Family Fizzical Fun' agus Clár Sláinte agus Folláine Scoil an Chabháin Thiar.

Dámhadh maoiniú Chéim 3 de €246,050 do Chomhairle Contae an Chabháin in 2019; tá an chéim sin le maireachtáil ó mhí Iúil 2019 go mí an Mheithimh 2021. Cuireadh tús le gníomhaíocht ar ghníomhaíochtaí Chéim 3, ina gcuimsítear tionscnaimh gníomhaíochtaí coirp, Bia Sláintiúil Simplithe, gníomhaíochtaí sláinte iomlánaíocha, agus comhdháil dhigiteach sláinte. Áirítear ar Chéim 3 chomh maith gníomhaíocht úr 'Ciste Meabhairshláinte Pobail', Tionscadal athléimneachta daoine óga. Chomh maith leis sin cuirfear scéim Miondeontas faoin gCiste Meabhairshláinte Pobail i bhfeidhm thar thréimhse an chlár.



Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail an Chabháin dhá uair in 2019, ag léiriú go ndearnadh dul chun cinn ar fheabhas le beagnach gach gníomhaíocht sa phlean.

Le linn 2019, leanadh le dul chun cinn le gníomhaíochtaí ar fud phlean an phobail, go sonrach:

- Seol Líonra Ilchultúrtha na 4Canna do Chontae an Chabháin.
- Rinneadh an tSeirbhís Faisnéise Saorálaíochta a uasghrádú go lárionad saorálaíochta.
- Leanadh le cruinnithe Tacaíochta Teaghlaigh le hAndúile Drugaí agus Alcóil i mbaile an Chabháin le linn 2019, agus cuireadh oiliúint éascaitheora piaraí i bhfeidhm.

Sholáthair an foghrúpa oideachais drugaí agus alcóil an dara seimineár oiliúna múinteora ar éirigh go han-mhaith leis i gcomhar leis an nGarda Síochána agus Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin.

- Sheol Coiste na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) na chéad Phleananna Leanaí agus Daoine Óga don Chabhán ar an 28 Meitheamh 2019. Sna pleananna trí bliana le haghaidh 2019-2021 ag CYPSC an Chabháin féachtar le dul in ngleic leis na heasnamh sin sa soláthar seirbhísí agus réimsí a bhaineann le leanaí agus daoine óga.
- Líonra na hÓige arna thacú ag Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin. Osclaíodh go hoifigiúil le pleananna Mol don Óige i mBéal Tairbirt i mí na Nollag 2019.
- Tá an straitéis 'Connecting for Life' á cur gcrích agus tá monatóireacht á déanamh uirthi
- Thuairiscigh iompar LocalLink méaduithe móra ar úsáid a sheirbhísí thart ar bhaile an Chabháin agus bealaí an Chabháin-Mhuineacháin.
- D'éirigh go maith le Gluaiseacht Taistealaithe an Chabháin, i gcomhpháirtíocht leis an gCuideachta Forbartha Áitiúla Breffni Integrated maidir le maoiniú a tharraing anuas le haghaidh Tionscnamh



Infhostaitheachta don Aos Óg. Rinneadh Measúnú Riachtanas maidir le Taistealaithe Óga agus tionóladh seoladh oifigiúil a thorthaí i mí na Nollag.

- Thionóil Líonra Míchumais an Chabháin a thríú chomhdháil bhliantúil 'Employment Matters'. Thionóil siad 'Make Way Campaign' agus an feachtas 'Back in 5' in dhá bhaile.
- Cuireadh Comhairle na nDaoine Scothaosta ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradam Chambers Ireland agus an Ghradaim Mórtais is Cine Ceantair dá dTionscadal Drámaíochta, "The Best Days of our Lives are yet to Come". Bhí gníomhaíochtaí idirghlúine ar siúl leis an Scoil Ríoga, Coláiste Phádraig, Coláiste San Clár, Baile Shéamais Dhuibh agus San Mhaodhóg, an Bhábhún Buí.
- Cuireadh oibreacha caipitil ag Halla Cathrach, an Cabhán, ar athchóiriú an tionscadail i gcrích in 2019.
- D'fhreastail 2,382 lucht féachana/éisteachta ar Oíche Chultúir 2019, agus tionóladh 48 imeacht cultúrtha i 26 ionad ar fud an chontae.
- Cuireadh tús le forbairt Mháistirphlean Fuinnimh do Chontae an Chabháin.

Clár LEADER

Gníomhaíonn an Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil mar an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil [GGÁ] do Chlár LEADER. Tá an Coiste ag obair go maith agus tacaíonn Fochoiste LEADER leis agus sholáthair comhaltaí den Choiste Neamhspleách Meastóireachta a lán maoirseacht agus breithniú luachmhar ar gach tionscadal a cuireadh i láthair a GGÁ i gcomhair maoiniú.

Tháinig an GGÁ le chéile 9 n-uaire le linn na bliana.

Fuair an Cabhán €500,000 breise, mar chuid de leithdháileadh €5 mhilliún i maoiniú breise i gcomhair na ndeich nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúla is fearr feidhmiú (GGÁanna). Ba é an Cabhán, mar aon le naoi GGÁ eile, ba mhó a bhí chun tosaigh i soláthar Chlár LEADER ar fud an 26 contae. Bhí an maoiniú sin sa bhreis ar an mbuiséad a bhí ann cheana de €220 milliún a bhí ar fáil do na GGÁanna cheana. Bhí roghnú na ndeich GGÁ bunaithe ar mheasúnú ar an leibhéal maoiniúcháin a cheadaigh siad le haghaidh tionscadal agus an leibhéal maoiniúcháin a tarraingíodh anuas i ndáiríre i ndáil leis na tionscadail sin ar an 20 Meán Fómhair 2019.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Thug an Cabhán €4,733,382.09 i gcomhair tionscadail cheadaithe agus íocadh €2,168,545.70 amach le tacadóirí i ndiaidh dóibh a dtionscadail a chur i gcrích.

CLÁR

Is ionann CLÁR agus Clár infheistíochta spriocdhírthe do cheantair thuaithe lena bhféachtar le maoiniú a chur ar fáil le haghaidh tionscadail bheaga um bonneagar i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste.

Beart 1: Beart maidir le Tacaíocht le haghaidh Scoileanna/Shábháilteacht an Pobail (de réir 2018)

Beart 2: Ceantair Shúgartha (lena n-áirítear MUGAnna) (de réir 2018) agus

Beart 3: Tacaíocht d'Fholláine an Phobail (úr in 2019) ina gcuimsítear

(a) Tacaíocht i gcomhair na Chéad Freagartha,

(b) Soghluaisteacht agus Iompar Cúraim Ailse, agus

(c) Gairdíní Céadfacha.

In 2019 chuir Comhairle Contae an Chabháin 15 thionscadal faoi bhráid na Roinne lena gceadú agus fuair sí leithdháileadh €226,747.60 ina dhiaidh sin i gcomhair 6 Thionscadal faoi Bhearta 1 agus 2 agus €35,700 eile le haghaidh dhá Thionscadal le haghaidh Gairdíní Céadfacha faoi Bheart 3(c).

Cuimsiú Sóisialta

Is é ról an chuimsithe shóisialta feabhas a chur ar sheirbhísí le haghaidh custaiméirí imeallaithe agus obair ar bhonn idirghníomhaireachta chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiámh sa chontae.

Áiríodh iad seo a leanas i réimse na gníomhaíochta um chuimsiú sóisialta in 2019:

- Tuilleadh forbartha ar Chlár Aoisbhá an Chontae
- Tacaíochtaí le haghaidh Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin
- Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe an Chabháin
- Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin



- Tacaíocht do choiste stiúrtha um fhéinmharú a chosc don chlár Áitiúil 'Connecting for Life', faoi stiúir an FSS
- Tacaíocht don Choistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga, faoi stiúir TUSLA
- Tacú le cur chun feidhme gníomhaíochtaí um chuimsiú sóisialta faoin PÁEP.

Comhaontas Aoibhá

Tá Clár Contae Aoibhá an Chabháin á stiúradh ag comhaontú bainisteoirí sinsearachacha ó phríomhghníomhaireachtaí na hearnála poiblí, ionadaithe do dhaoine scothaosta agus eagraíochtaí eile.

Áirítear iad seo a leanas le gníomhaíochtaí suntasacha aoibhá in 2019:

- Léirigh Comhairle na nDaoine Scothaosta trí léiriú amharclainne a díoladh amach dá ndráma, "The Best Days of our Lives are yet to Come". Cuireadh ar an ngearrliosta iad chomh maith le haghaidh Ghradam Chambers Ireland agus an Ghradaim Mórtais is Cine Ceantair don tionscadal sin.
- D'óstáil Comhairle na nDaoine Scothaosta seimineár faisnéise ar fhreastail a lán daoine air faoin téama Meabhairshláinte Dhearfadh do Dhaoine Scothaosta, mar chuid dá CGB i mí an Mheithimh 2019.
- Bhronn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte deimhniú um chleamhnú ar an bPríomhfheidhmeannach Tommy Ryan mar aitheantas ar na polasaithe agus na cleachtais aoibhá atá curtha chun feidhme ag gach na húdaráis áitiúla ar fad faoin gClár 'Aoibhá na hÉireann'.
- Ceapadh Speisialtóir Teicniúil/Tithíocht Aoibhá agus cuireadh oiliúint ar fáil ar Thithíocht Aoibhá agus aan Ríocht Phoiblí.
- Fuair Leabharlann Lárnach Sheáin cairt mar aitheantas ar bheith ina Leabharlann Aoibhá.
- Rinneadh bearta chun an Clár Gnó Aoibhá a athnuachan agus rinneadh athbhreithniú ar an méid a baineadh amach go dtí seo agus ceapadh Comhairleoir Gnó Aoibhá.
- Cláreagrú na Comhpháirtíochta Spóirt ag díriú ar dhaoine scothaosta.



- Leanúint leis an Scéim um Aláram Deataigh Saor in Aisce a oibriú do bhaill scothaosta agus leochaileacha an phobail i gcomhar leis na Seirbhísí Dóiteáin thar ceann na Roinne Pobail, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe.
- Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an Straitéis Aoisbhá 2017 – 2019 agus cuireadh tús le hobair ar ullmhú Straitéise úir Aoisbhá do chontae do 2020-2023.

An Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe

Comhordaíonn Pobal, Fiontraíocht agus Turasóireacht Grúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe an Chabháin. Is é seo grúpa reachtúil a sholáthraíonn freagairt idirghníomhaireachta ar cheisteanna um eisiámh sóisialta i measc phobal na dTaistealaithe. Cuireadh togra maidir le maoiniú isteach chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun plean straitéiseach a fhorbairt don Ghrúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe. Áiríodh ar ghníomhaíocht le linn 2019 cur chuige maidir le tithíocht do Thaistealaithe ag CENA Housing (comhlacht tithíochta ceadaithe deonach). D'fhreastail baill den phobal Taistealaithe agus den Ghrúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe ar chur ar scáileán 'Float like a Butterfly'; scannán ina léirítear cultúr na dTaistealaithe agus ina ndéantar é a cheiliúradh.

Tacaíonn Comhairle Contae an Chabháin le seirbhís forbartha pobail arna soláthar ag Gluaiseacht Taistealaithe an Chabháin [CTM]. Le linn 2019 chomhoibrigh CTM le Forbairt Áitiúil Chontae an Chabháin agus an BOO ar an Tionscnamh le haghaidh Infhostaitheacht Taistealaithe Óga. Mar chuid den tionscnamh sin rinneadh 'Measúnú Riachtanas ar Thaistealaithe Óga sa Chabhán'. Cuimseofar moltaí na tuarascála sin sa phlean oibre don Ghrúpa Idirghníomhaireachta Taistealaithe sa bhliain amach romhainn. Thionóil Gluaiseacht Taistealaithe an Chabháin ceardlann chomh maith arna héascú ag Niall Crowley, saineolaí Comhionannais agus Chearta an Duine, dar teideal 'Shared Spaces and Shared Agendas for Change', atá maoinithe faoi Chlár Peace IV. Ba é an cuspóir leis an gceardlann sin idirphlé a oscailt i measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus idir Taistealaithe agus daoine socraithe maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar an acmhainn le haghaidh gníomhaíocht faoi threoir luachanna le haghaidh Cabhán níos cuimsithí.



Fóram Drugaí agus Alcóil

Soláthraíonn Fóram Drugaí agus Alcóil an Chabháin deiseanna líonraithe le haghaidh seirbhísí ábhartha agus cuireann sé plan oibre chun feidhme. Déantar ionadaíocht ar son thart ar 20 eagraíocht ó sheirbhísí FSS, gníomhaireachtaí na hearnála poiblí, seirbhísí drugaí agus alcóil, an óige, seirbhísí tacaíochta pobail agus teaghlaigh. Príomhéacht ó 2019 ba ea soláthar an dara seimineáir oideachais scoile maidir le feasacht faoi dhruaí le tacaíocht ón nGarda Síochána agus Feasacht Drugaí an Chabháin. D'fhreastail ionadaithe ó mheánscoileanna laistigh den chontae ar an seimineár. Fuarthas maoiniú chomh maith tríd an bhfoghrúpa faoi maoiniú Éire Shláintiúil chun Clár Oideachais idir Piaráí maidir le Drugaí agus Alcól a chur i bhfeidhm i measc na meánscoileanna ar fad sa chontae. Soláthraíodh Eolaire Áitiúil maidir le Seirbhísí Drugaí agus Alcóil laistigh de Chontae an Chabháin tríd an bhFóram in 2019 agus scaipeadh go forleathan é laistigh den chontae.

Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin (CCP)

Is é feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta fónamh mar fhóram le haghaidh comhairliúchán, plé agus moltaí maidir le cúrsaí a bhaineann le póilíneacht limistéar riaracháin an Údaráis Áitiúil. Tháinig Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin le chéile dhá uair in 2019. Cuireadh coiste úr ar bun in 2019 i ndiaidh na dtoghchán áitiúil i mí an Mheithimh 2019.

Áiríodh ar na príomhéachtaí a rinneadh:

- Cuir i bhfeidhm an Tionscnaimh maidir le Marcáil Réadmhaoine Pobail laistigh de Chontae an Chabháin. Soláthraíodh ceithre sheisiún oiliúna ar bhonn áitiúil trí Property Marking Ireland. Tá a lán de bhaill an Gharda Síochána oilte anois chun marcáil réadmhaoine a sholáthar. Fuair 20 Grúpa Pobail an meaisín ar iasacht i rith 2019 chun Scéimeanna Marcála Réadmhaoine áitiúla a sholáthar.
- Le linn 2019, tionóladh dá Chruinniú de chuid an Líonra Sábháilteachta Pobail le haghaidh Grúpaí Foláirimh Pobail i gContae an Chabháin i mí Aibreáin agus i mí na Nollag 2019 agus bhí an cruinniú deireanach ina chuid de comhairliúchán geallsealbhóirí do Phlean Póilíneachta 2020 le haghaidh Cheantar Garda an Chabháin agus Choill an Chollaigh.



Mórtas is Cine Ceantair

Bhí na Gradaim um Mórtas is Cine Ceantair 2019 ar siúl Dé Sathairn an 30 Samhain in Lyrath Hotel, Co. Chill Chainnigh. Bhuaigh Brainse an Chabháin de Chumann Alzheimer na hÉireann an dara duais i mbliana dá 'nGairdín agus Siúlóid Athchuimhnimh a Thacaíonn le Daoine ar a bhfuil Nealtrú' sa chatagóir 'Aoisbhá'. Ainmníodh trí ghrúpa ó Chontae an Cabháin: Brainse an Chabháin de Chumann Alzheimer na hÉireann, Tionscadal Drámaíochta Chomhairle Daoine Scothaosta an Chabháin, 'The best years are yet to come', (Tionscadal Áit Chruthaitheach) agus Cumann Ceoil Thulaigh Bhinn (Tionscnamh Fholláine an Phobail).

Tríd an gcomórtas sin cuirtear na rudaí is fearr i bhforbairt an phobail chun cinn agus déantar iad a chomórath agus aithnítear iarrachtaí neamhleithleacha daoine agus áiteanna níos fearr a dhéanamh dá gcomharsanachtaí le cónaí iontu, le hoibriú iontu agus le casadh ar a chéile iontu.

Taste of Cavan 2019

Tháinig saol an bhia go dtí Baile an Chabháin Dé hAoine agus Dé Sathairn an 9 - 10 Lúnasa don fhéile bia *Taste of Cavan* ag Ionad Eachaíochta an Chabháin.

Thairg an fhéile os cionn 130 seastán bia agus deochanna agus aonach ceardaíochta, sceideal iontach léirithe cócaireachta agus Máistir-ranganna agus Crios do Pháistí. Ba é imeacht a mheall go leor daoine i mbliana ná "Cook Along With Neven".

Cuimsíodh dhá ghné úra iontacha, Sláinte agus Folláine agus Seó Faisin in 2019. Bhí cainteoirí, gníomhaíochtaí agus taispeántais éagsúla ar fáil sa Sráidbhaile Sláinte agus Folláine. Sna Seónna Faisin cuireadh an faisean is déanaí ó chúpla ceann dár mbúitící áitiúla ar taispeánt.

Scéim Deontas Pobail/Féilte

Tá sé mar aidhm leis an Scéim Deontas Pobail/Féilte eagraíochtaí agus grúpaí a spreagadh le tionscadail a chur chun feidhme ina bpobal áitiúil a chuideoidh leo feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do na saoránaigh áitiúla agus an mothú pobail sa chontae a threisiú. Is é is cuspóir leis an scéim tacaíocht ar leibhéal íseal a chur ar fáil do na tionscadail ar dócha nach fuarthas maoiniú ina leith ó fhoinsí eile.



Dáileadh maoiniú €44,450 ar 83 grúpa pobail in 2019.

Clár Feabhsúcháin Pobail

In 2019 fuair 69 grúpa Pobail ar an iomlán deontais dar luach €134,757. Bhí an t-airgead sin i gcomhair tionscadail chaipitil bheaga go mheánmhéide. Leithdháileadh €18,325 breise ar Bhotháin na bhFear a bhí comhcheangailte le Cumann Bhotháin Fear na hÉireann. Den chéad uair i mbliana cuimsíodh Botháin na mBan sna grúpaí a bhí incháilithe i leith maoiniú a fháil.

Duaiseanna an Chathaoirligh

Le Duaiseanna an Chathaoirligh tugtar aitheantas cuí dóibh siúd i gContae an Chabháin a raibh tionchar suntasach acu, trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Pobail agus Deonacha, ar chaighdeán na beatha ina bpobail. D'fhreastail os cionn 250 duine ar an oíche duaiseanna a tionóladh in Cavan Crystal i mí na Bealtaine. In 2019, ba iad seo a leanas faighteoirí na nduaiseanna faoi na catagóirí éagsúla:

An Óige:	Ruby O Kelly
Cuimsiú Sóisialta:	Vanda Brady
Pobal:	Pobal Ionad Acmhainní na Damhshraithe
Spórt:	CYMS an Chabháin
Seandaoine Gníomhacha:	Mary Armstrong
Ealaíona/Cultúr/Oidhreacht:	Ruth Donnelly

Bhuaigh Ruby O'Kelly an chéad duais de €1000 dá carthanacht roghnaithe Aoibheanns Pink Tie. Le léiriú a hamhráin féin dar teideal "You Won't Stop Me " ag deireadh na hoíche ní raibh amhras ar dhuine bith go raibh an duais sin tuillte go maith aige.

Táscairí Seirbhíse	2018	2019
Céatadán na scoileanna áitiúla a bhí páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	100%	100%
Líon na n-eagraíochtaí a bhí cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí	272	295



Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chabháin (LRP an Chabháin)

Bunaíodh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Chabháin i mí Iúil 2014 agus cuimsítear ann anois beagnach 200 grúpa cláraithe mar chuid dá líonra. Tá Coiste ann ina bhfuil 24 ionadaí pobail ó Rúnaíocht LRP an Chabháin, agus déantar ionadaíocht ar 19 mbord agus gcoiste. Tagann an ionadaíocht sin ó thrí earnáil théamaithe um Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta agus Pobal/Deonach agus ó thrí earnáil gheografacha ó Cheantair Bhardasacha an Chabháin-Bhéal Tairbirt, Bhaile Shéamais Dhuibh agus agus Choill an Chollaigh-Mhuinchille.

Cuidíonn LRP an Chabháin le líonrú nuacht agus imeachtaí an phobail le foilsiú R-Nuachtlitreacha agus nuashonruithe ar na meáin shóisialta. Eagraíonn an LRP seisiúin oiliúna agus ionadaíocht ghníomhach ar chomhlachtaí éagsúla chomh maith.

Tionóladh Comhdháil Náisiúnta an LRP i mBaile Átha Luain thar dhá lá i mí Dheireadh Fómhair. Thug sé sin comhordaitheoirí le chéile don LRP agus d'fhoireann an Údaráis Áitiúil a bhí bainteach le Struchtúr an LRP chun plé a dhéanamh ar na tionscadail rathúla a bhí á mbaint amach laistigh de chomhoibriú an LRP /ÚÁ agus chun dearcadh ionchasach le haghaidh tionscadail úra don todhchaí a sholáthar.

Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin (CSC)

Sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin an tríú bliain dá phlean cur chun feidhme 'Spórt agus gníomhaíocht ar feadh an tsaoil, do chách 2017-2021'.

Lean CSC ag tacú le soláthar áitiúil chiste Éire Shláintiúil le gníomhaíochtaí coirp ar siúl i gcúig cheantar 'baile aclaí' Chill na Leice, Bhaile an Chabháin, an Chabháin Thiar, Achadh an Lúir agus Mhuinchille.

Cheap CSC an Chabháin oifigeach forbartha cuimsithe spóirt lánaimseartha chun oibriú go sonrach le daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas sa chontae. Mar thoradh ar chomhpháirtíocht bheith ag obair leis an FSS agus ionad Fóillíochta an Chabháin soláthraíodh clár úr Ottago chun titim a chosc a dhíríonn ar dhaoine scothaosta atá i mbaol inár bpobal.

Tionóladh tionscnamh rathúil 'coillearnach don tsláinte' i gcomhpháirtíocht le Get Ireland Walking, Coillte, Meabhairshláinte na hÉireann, an FSS, an Cabhán Sláintiúil



agus Nasc Áitiúil an Chabháin thar 12 sheachtain. Bhí na rannpháirtithe páirteach laistigh de sheirbhísí meabhairshláinte an FSS i siúlóidí éagsúla seachtainiúla ar fud an chontae a bhí bunaithe ar an tsamhail ‘oideas glas’.

Lean ciste na gcuntas díomhaoín le tacaíocht a thabhairt do mhoil ghníomhaíochta Chill na Leice agus Bhéal Tairbirt agus ardaitheoir úr inrochtana don linn snámha á sholáthar chomh maith d’ionad fóillíochta an Chabháin chun rannpháirtíocht níos mó i snámh do dhaoine ag a bhfuil fadhbanna luaineachta a spreagadh. Soláthraíodh clár oideachais do chóistí i gcomhpháirtíocht le 7 gComhlacht Náisiúnta Rialaithe Spóirt chun tacú le cumas chóistí na gclubanna áitiúla sa chontae.

Cuireadh clár lúthchleasaíochta an halla spóirt i gcrích ar bhonn píolótach sa chontae i measc bunscoileanna agus ghlac scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta páirt ann. Bhí méadú ar éileamh ag CSC ar chúrsaí cosanta leanaí i rith 2019 agus éascaigh sé iad sin ar an leibhéal club agus pobail.

Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

I mí Aibreáin 2019 d’fhógair an tAire um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. D’éirigh le naoi mbaile agus sráidbhaile maoiniú a fháil faoin scéim sin; dámhadh €95,140 do Dhún an Rí, fuair Cill na Leice €85,917, dámhadh €80,000 an ceann do Bhéal Átha hÉis, do Gowna agus do Mhullach, fuair an Muileann Iarainn €79,960 agus dámhadh €44,000 do Chill na Seanrátha agus fuair Béal Átha Chonaill €33,440 agus fuair Droichead an Bhuítléir €26,457. Cuirfear críoch le scéimeanna athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2021.

Pleananna Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte

Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chabháin Gaffney & Cullivan Architects i gcomhair le Tyréns, speisialtóirí athnuachana uirbí, chun Pleananna Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte a chur i gcrích d’fhiche baile agus sráidbhaile i gContae an Chabháin. Ba é an aidhm leis na pleananna sin feabhsuithe a mholadh lena

dtreisítear baile nó sráidbhaile mar áit mhealltach le cónaí agus le hoibriú ann. Áirítear ar na bailte agus na sráidbhailte an Cabhán, Achadh an Iúir, Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh, Muinchille, Dún an Rí, Béal Tairbirt, an Mullach, Béal Átha Chonaill, Béal Átha na nEach, Béal Átha hÉis, Searcóg, Cill na Seanrátha, Ármhach, Cill na Leice, Muileann an Iarainn, Droichead an Bhuiléir, an Blaic, Gowna agus an Damhshraith. Feidhmeoidh na pleananna mar chatalaíoch chun feabhsuithe a thabhairt go Contae an Chabháin agus soláthrófar leo teimpléad le haghaidh athbheochan agus fhorbairt gach baile.

Rinne dhá Aire Rialtais - an tAire Michael Ring agus an tAire Heather Humphreys na pleananna a sheoladh go foirmiúil i mí Feabhra 2019.



Foirne Baile

Faoi Ghníomhaíocht 8.1a den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail, thiomnaigh Comhairle Contae an Chabháin, mar Phríomh-chomhpháirtí, do 'Foirne Baile' a bhunú i roinnt bailte ar fud an Chontae. Tá Foirne Baile bunaithe anois sa Chabhán, i Muinchille agus in Achadh an Iúir agus tá siad ar fad ag cur líon beart chun cinn. Tá riachtanais, ardaidhmeanna agus fíis na bpobal áitiúil ag croílár na bPleananna Baile.

Straitéis Bhia an Chabháin

Tá sé mar aidhm le Straitéis Bhia an Chabháin 2017 – 2022 cur chuige níos comhordaithe agus níos comhoibríche a chur chun cinn maidir le 'Táirge Bia an



Chabháin' a fhorbairt. Trí na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis a chur chun feidhme cuideoidh sé lenár dtionscnaimh bhia reatha a neartú, gníomhaíocht úr a spreagadh agus tacú leo siúd ar fad atá bainteach leis an earnáil bhia sa Chabhán. Rinneadh Líonra Bia an Chabháin a sheoladh go foirmiúil i mí na Bealtaine 2019 le cuidiú ó James Burke, Comhairleoirí Bia agus Deochanna. Mar gheall ar an bhfuinneamh agus an díograis a tharla ag an imeacht seolta sin bunaíodh Grúpa Oibre Seachtrach ina raibh ionadaithe ón tionscal lena n-áirítear cócairí agus táirgeoirí agus ionadaí ón earnáil oideachais mar aon le baill foirne ó Chomhairle Contae an Chabháin. D'oibrigh an Grúpa Oibre Seachtrach gan stad gan staonadh le chéile mar aon le Comhordaitheoir na Straitéise Bia i rith 2019 chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn ar sainaithníodh iad mar thosaíochtaí i Straitéis Bhia an Chabháin agus rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iad a mhaoiniú i bpáirt faoi bhearta Turasóireachta Agraibhia an Chiste Nuálaíochta Forbartha Tuaithe agus Comhairle Contae an Chabháin lena n-áirítear -

- Cruthú Eolaire Táirgeoirí Bia agus Deochanna an Chabháin
- Soláthar ábhar margaíochta chun tacú le Líonra Bia an Chabháin agus bia an Chabháin a chur chun cinn
- Tacaíochtaí don bhranda bia úr

D'éirigh leis an gCabhán áit i mbabhta ceannais chomórtas Chinn Scríbe na mBeadaithe a bhaint amach den dara bliain as a chéile, agus fuair sé a lán aiseolas an-dearfach agus an-spreagúil ó na Moltóirí.



Aitheantas grianghraif don ghrianghrafadóir Sheila Rooney

Eagraíodh trí Chonair Bhia in 2019 – an Chonair Bhia ‘Taste of Cavan’ i mí Lúnasa agus conair Bhia na Nollag i mí na Nollag i mBaile an Chabháin agus conair bhia ar fud an chontae i mí Dheireadh Fómhair mar chuid den tionscnamh ‘Taste the Island’. Tionóladh imeacht “Saoithiúlacht Bhia ón Oirdheisceart” i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Forbraíodh moladh branda le hoibreacha deartha a léiríonn aitheantas aontaithe, íomhá insinte agus bhranda ar féidir le gach páirtí leasmhar é a ghlacadh. Seolfar an branda úr sin do Bhia an Chabháin i dtús 2020.

Straitéis Turasóireachta

Leanann turasóireacht an Chabháin de bheith ag oibriú i dtreo chur chun feidhme Straitéis Turasóireachta an Chabháin 2017 – 2021 a bhfuil sé mar aidhm léi rudaí le déanamh sa chontae a mhéadú do chuairteoirí agus oícheanta fanachta agus caiteachas cuairteoirí a mhéadú dá réir sin. Tacaíonn an turasóireacht sa Chabhán le 3200 post agus gineann sé thart ar €95 milliún don gheilleagar áitiúil.



Maoiniú / Forbairt Táirgí

Fuarthas fógraí dearfacha maidir le maoiniú in 2019 le haghaidh Chonair an Bhábhúin Bhuí; Conair Hawkswood, Muileann an Iarainn; Conair Furnaceland / Aghnacally i Muileann an Iarainn; Siúlóid na Siúr, Baile Shéamais Dhuibh; agus cothabháil ar chonairí Geopháirce. Baineadh maoiniú dóibh sin thuas amach faoi Bheart 1 den Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire Faoi Aer 2019 agus fuarthas €20,000 nó níos lú ná sin i gcomhair gach tionscadail. D'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €112,565 a fháil le haghaidh tionscadal amháin faoi Bheart 2 faoin scéim chéanna chun an bóthar rochtana isteach go diméin Chaisleán Shandarsan a uasghrádú.

Tá pleananna ag an gcomhairle le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Pháirc Bhoirne an Chabháin, Log na Sionna agus Músaem Chontae an Chabháin agus chuir sí iarratais chuig Fáilte Éireann faoin scéim deontas caipitil 'Ardáin le haghaidh Fáis' in 2019. Tugadh Páirc Bhoirne an Chabháin / Log na Sionna ar aghaidh go dtí na céimeanna deiridh den chomórtas maoiniúcháin agus níor éirigh le Músaem an Chabháin ag Céim 2.

Rinneadh dul chun cinn in 2019 ar oibreacha a sholáthar ar an talamh ar thionscadail a maoiníodh in 2018. Cuireadh oibreacha chun cinn i gCoillidh Chaoin; Foraois Deerpark; Flemings Folly, loch an Chaisleáin agus cinn eile.

Lean Comhairle Contae an Chabháin ag obair go dlúth le Coillte chun pleananna a dhéanamh don todhchaí i ndáil le tuilleadh forbartha agus feabhais ar pháirceanna foraoise a mbaineann tábhachtach straitéiseach leo sa chontae amhail Dún an Rí, Coillidh Chaoin, Deerpark agus Loch an Chaisleáin, Coill an Chollaigh.

Fuair Comhairle Contae an Chabháin deontas €404,389 in 2019 faoi shruth maoiniúcháin **Bhailte Cinn Scríbe** Fháilte Éireann. Mar aon le €139,129 dár n-acmhainní dílse cruthaíonn sé sin infheistíocht iomlán de €540, 518 i mbaile an Chabháin in 2020/21.

Slatiascaireacht

D'fhreastail Turasóireacht an Chabháin ar Thaispeántas '*Angling Ireland*' san Ionad Náisiúnta Seónna ag deireadh mhí Feabhra i Sord, ag cur saoirí iascaireachta i



gContae an Chabháin chun cinn.

Lena chois sin, thacaigh Grúpa Geilleagair Amach Anseo na Sionainne Uachtaraí-na hÉirne (USEFE) ar a bhfuil an Cabhán ina chomhpháirtí, le toscaire geallsealbhóirí slatiascaireachta ón réigiún chun freastal ar dhá sheó slatiascaireachta sa Ríocht Aontaithe in 2019 - an seó slatiascaireachta *The Big One* in Farnborough i Londain i mí an Mhárta ags *Great Northern Angling Show* i Manchain i mí Feabhra. Bhí láithreacht ag Turasóireacht an Chabháin ag Aonach Slatiascaireachta Utrecht san Ísiltír mar chuid de ghrúpa ó BBI Travel, ag cur saoirí agus comórtais slatiascaireachta sa Chabhán agus i Liatroim chun cinn. **Grianghrafadóireacht** Rinne Turasóireacht an Chabháin infheistíocht i sraith úr ghrianghrafadóireachta gairmiúla do chonairí lasmuigh don Chontae. Fuair an oifig turasóireachta maoiniú don tionscadal sin faoi ORIS 2018 agus críochnaíodh é in 2019. Cuirfidh sé sin leis an tsraith fhairsing grianghrafadóireachta a chuir Turasóireacht an Chabháin le chéile.



Páirc Foraoise Dhún an Rí, grianghraf arna ghlacadh ag Tony Pleavin le Thurasóireacht an Chabháin.

Treoracha

Leanann Turasóireacht an Chabháin le réimse leathan léarscáileanna agus treoracha d'úsáideoirí a sholáthar agus a scaipeadh. Áirítear orthu sin Treoir Slatiascaireachta an Chabháin; Treoir Siúil; Léarscáil faisnéise ginearálta do chuairoteoirí; Treoir ar Chontae an Chabháin. Déantar iad a scaipeadh ar fud an chontae. Lena chois sin déantar marsantacht éagsúil amhail málaí gualainne,




seaicéid, suaitheantais, eochracha fáinne, pinn agus pinn luaidhe a sholáthar agus a scaipeadh, úsáideann óstáin áitiúla iad ag comhdhálacha agus tugann comhaltai tofa leo thar lear iad, etc.



Cuid den mharsantacht a sholáthraíonn This is Cavan!

Turais Eolais

Cuimsíodh an Cabhán i dturas eolais Fháilte Éireann d'iriseoirí thar lear i Meán Fómhair 2019. Lena chois sin, thug an t-iriseoir Domhnall O Donohoe cuairt ar an gCabhán ag deireadh 2019 don iris *'Ireland of the Welcomes'* agus cuimsíodh roinnt nithe is díol spéise ann lena n-áirítear Músaem Chontae an Chabháin, Caisleán Chloch Locha Uachtair agus Ceardaíocht Éireann in alt ocht leathanach faoin gContae. Ba é Turasóireacht an Chabháin a chomhordaigh an turas, ba í a sholáthair an grianghrafadóireacht chomh maith. Féach thíos.



Codanna den alt 8 leathanach ar Chontae an Chabháin in 'Ireland of the Welcomes'

Fógraíocht

Cuimsíodh ailt agus fógra faoi laethanta saoire i gContae an Chabháin chomh maith in eagrán de 'The Spirit of Ireland', forlíonadh saoirí Celtic Media Group; Ulster Tatler, 'Ireland at Your Leisure' agus Anglo Celt mar chuid den phoiblíocht maidir leis na Gradaim Bhliantúla Turasóireachta agus Gnó.

Craoladh 'The Ray Darcy Show' beo ó Bhaile an Chabháin ar Raidió RTÉ 1 i mí Iúil mar chuid d'fheachtas margaíochta samhraidh Fháilte Éireann 'Yours to Uncover' le haghaidh 'Ireland's Hidden Heartlands'. Cuireadh agallamh ar ghnólachtaí turasóireachta áitiúla ar an seó agus thug Ray cuairt ar Ionad Eachtraíochta an Chabháin.



Ray Darcy ag Caisleán Chloch Locha Uachtair i mí Iúil 2019

Seónna Trádála

D'fhreastail This is Cavan! ar an Seó Domhanda Saoirí in 2019 san RDS. I seastán an Chabháin cuireadh gach soláthraí lóistín, féile agus imeacht, slatiascaireacht, siúl, gníomhaíocht, agus rudaí le déanaí sa Chontae chun cinn. Áiríodh ar lucht freastail eile ón gCabán Músaem Chontae an Chabháin, an Gheopháirc agus óstán Breffni Arms, a raibh láithreachta acu ar fad ar sheastán This is Cavan!



Joanne Hayes, Oifigeach Turasóireachta, le Paul Kelly PF Fháilte Ireland ag seastán This is Cavan!

Ag deireadh 2019, fuair Turasóireacht an Chabháin seastán mór trádála brandáilte do bhaill na trádála turasóireachta lena húsáid agus iad ag freastal ar aontaí trádála amach anseo. Is féidir le suas le deich ngnó páirt a ghlacadh sa seastán ag aon am amháin.

D'fhreastail This is Cavan! nó bhí láithreacht aige i roinnt seónna slatiascaireachta in 2019 chomh maith. Féach an chuid thuas ar shlatiascaireachta.

Na Meáin Dhigiteacha

D'fhostaigh an lucht turasóireachta cuideachta meán sóisialta chun feachtas spriocdhírthe ar líne a sholáthar chun Contae an Chabháin a chur chun cinn i míonna an tsamhraidh in 2019. Soláthraíodh físeán cur chun cinn ar líne chomh maith mar aon le sraith fógra ar líne don Chontae. Soláthraíodh oiliúint ar na meáin shóisialta do bhaill foirne ábhartha.

Chomh maith leis sin, lean This is Cavan! le feachtas inmheánach meán sóisialta a sholáthar le haghaidh This is Cavan! ag úsáid Instagram, Facebook agus Twitter.

Thacaigh Turasóireacht an Chabháin chomh maith le cur chun cinn ar líne 'Taste of Cavan', Féile Siúil an Chabháin agus imeachtaí eile sa chontae. Bhí 16,000 leantóir ag This is Cavan! ar Facebook faoi dheireadh 2019 agus choinnigh sé leibhéal an-ard rannpháirtíochta i gcoibhneas le contaetha comhchosúla.

Líonra Turasóireachta

Tionóladh chéad Fhóram Trádála Turasóireachta an Chabháin in Crystal Hotel sa Chabhán i mí na Bealtaine. D'fhreastail sé dhuine is seasca ar mhaidin líonraithe, comhoibrithe, agus pleanála don toadhcháí.



Fóram Trádála Turasóireachta an Chabháin in Crystal Hotel sa Chabhán, i mí na Bealtaine 2019.

Bhí dhá turas eolais ar siúl don trádáil ina dhiaidh sin – ceann i mí na Bealtaine agus ceann i mí an Mheithimh. Ar an iomlán thug os cionn 60 ball den trádáil turasóireachta cuairt ar roinnt nithe is díol spéise ar fud an Chontae lena n-áirítear Músaem an Chabháin, Páirc Bhoirne an Chabháin, Ceardaíocht Éireann, Log na Sionna agus cinn eile.

Seoladh nuachtlitreacha ar ‘Cavan Calling 2020’ agus ‘Cavan Tourism Industry Update’ chuig os cionn 300 ball den trádáil turasóireachta i gContae an Chabháin i mí na Nollaig 2019.

Máistirphlean na Sionainne-na hÉirne

Rinne Uiscebhealaí Éireann agus Fáilte Éireann measúnú ar láidreachtaí agus laigí an táirge turasóireachta i réigiún na Sionainne i gcomhpháirtíocht le hIonadaithe ó



na hÚdaráis Áitiúla in 2019. Tá tograí á ndéanamh chun ceann scríbe turasóireachta idirnáisiúnta inbhuanaithe a fhás i gConair na Sionainne a thugann meas ar dhúlra agus éagsúlacht na timpeallachta agus a muintire. Tá an tionscadal á reáchtáil i gcomhthráth le tionscadal brandála 'Ireland's Hidden Heartlands' atá á stiúradh ag Fáilte Éireann agus a bhfuil an Cabhán ina chomhpháirtí ann.



Comhairle na nÓg

Soláthraíonn ciste Forbartha Chomhairle na nÓg de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige €20,000 gach bliain d'údaráis áitiúla chun Comhairle na hÓg éifeachtúil a reáchtáil. Soláthraíonn na húdaráis áitiúla acmhainní do Chomhairle na nÓg. Déanann Foróige Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg a bhainistiú agus tacaíonn sé leis agus riarann Pobal é.

Is ionann Comhairle na nÓg agus comhairlí leanaí agus na hóige sa 31 údarás áitiúil sa tír a thugann deis do dhaoine óga bheith páirteach i bhforbairt seirbhísí agus beartas áitiúil.

Tionóladh CGB Chomhairle na nÓg sa Chabhán Dé Máirt an 22 Deireadh Fómhair 2019 in Ionad Seónna Achadh an Lúir, Achadh an Lúir. Ón 9.30am go 2.30pm.

D'fhreastail na 11 bhunscoile uile i gContae an Chabháin air. Chláraigh 34 ball úr le téarma 2019/20 Chomhairle na nÓg. D'fhreastail 170 duine óg ar an CGB.

D'fhreastail 7 mball reatha ar an imeacht Dáil na nÓg i Teach an Laighean Dé Sathairn an 23 Samhain.



PEACE IV

Leithdháileadh €3,128,825.00 san iomlán ar Comhairle Contae an Chabháin don tréimhse 2016-2019 chun plean Údarás Áitiúil Peace IV a sholáthar ia gcuimsítear tionscadail faoi na téamaí:

- **Páistí agus Daoine Óga;**
 1. Saotharlann Ealaíon Óige an Chabháin – Oifig Ealaíon an Chabháin
 2. FACE OFF – CMETB
 3. Ag Ceangal Daoine & Áiteanna – Músaem an Chontae
- **Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte**
 1. Teach Cúirte Choill an Chollaigh – Cumann Forbartha Choill an Chollaigh
 2. Músaem Chontae an Chabháin
 3. Halla Cathrach an Chabháin
- **Caidreamh Dearfach a Chothú**
 1. Pobail Chomhroinnte a Chothú – CMETB
 2. Acmhainn pobal mionlach a chothú -Gluaiseachtaí Taistealaithe an Chabháin
 3. Imeascadh agus comhtháthú pobail níos mó a chothú – CLG an Chabháin (Páirc Bhréifne)
 4. Voices of the Troubles – Leabharlann Chontae an Chabháin
 5. An Cabháin agus an tréimhse éirí amach - Leabharlann Chontae an Chabháin

Soláthraíonn 18 miondeontas faoi na téamaí Leanaí agus Daoine Óga agus Caidreamh Dearfach a Chothú

Cuireadh Plean Gníomhaíochta Peace IV i gcrích i mí Mheán Fómhair 2019 agus tionóladh imeacht dúnta ceiliúrtha i Músaem an Chontae i mí Lúnasa 2019 Cheiliúir Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chabháin, an Clr Shane P. O'Reilly, agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys dúnadh Phlean Gníomhaíochta PEACE IV Chomhairle Contae an Chabháin go hoifigiúil. Chríochnaigh an searmanas le hImeacht Míleata agus Stairiúil arna maoiniú faoi PEACE, a tionóladh Dé Sathairn an 24 agus Dé Domhnaigh an 25 Lúnasa 2019, agus cuimsíodh taispeántais, cainteanna, agus athléirithe míleata ann.



Oifig Fiontair Áitiúil



Ghlac Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin (OFÁ an Chabháin) páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí le linn 2019. Tá OFÁ an Chabháin ina chuid de chreat láidir comhoibríoch laistigh de Chontae an Chabháin a sholáthraíonn tacaíochtaí agus seirbhísí do ghnólachtaí beaga úra agus cinn atá ann cheana. Tá an t-éileamh ar ár seirbhísí ag fás bliain ar bhliain agus gnólachtaí áitiúla ag méadú agus ag dul san iomaíocht i margaí idirnáisiúnta. Léiríonn an t-éileamh ar ár seirbhísí treocht níos leithne de shuim atá ag fás i bhféinfhostú agus san fhiontraíocht.



Mar a thuigfeá athraíonn tionchar BREXIT agus an neamhchinnteacht a bhaineann le caidreamh trádála agus ceanglais rialála amach anseo an tírdhreach eacnamaíoch, go háirithe sa Réigiún Teorann, agus cuireann sé dúshlán bhreise os comhair gnólachtaí inár gcontae. Mar OFÁ, soláthraímid réimse tacaíochtaí dár gcliaint chun eolas a thabhairt dóibh agus cuidiú leo le déileáil leis na bacainní a bhféadfadh a bheith rompu gan amhras, nuair a bheidh an neamhchinnteacht ina fírinne. Tá sé sin ina chuid dár spreagadh leanúnach tacú lenár gcliaint a n-iomaíochas agus a n-oibríochtaí gnó a mheas, agus iad ag brath ar éagsúlacht margaidh agus ag déanamh iarracht bheith athléimneach, inmharthana agus inbhuanaithe. I rith 2019 sholáthair OFÁ an Chabháin sraith tacaíochtaí a bhain le Brexit lena n-áirítear, mar shampla, ceardlanna oiliúna custaim, meantóireacht, tionscadal 'Lean for Micro', Cúnamh Teicniúil do Mhicrea-Onnmhaiseoirí agus Dearbháin a Thrádáil ar Líne.

Agus machnamh á dhéanamh ar 2019, bhí roinnt príomh-aschur ann do OFÁ an Chabháin, a thaispeánann cineál nuálach agus uailmhianach ár bhfionraithe i gContae an Chabháin. Mar shampla, ceadaíodh €390,160 ar an iomlán do 21 gnólacht i gcúnamh airgeadais Bheart 1 OFÁ agus ceadaíodh €246,224 ar an iomlán do 2 ghnólacht i gcúnamh airgeadais T&F Nuálaíochta Sofhreagrúla OFÁ. Chomh maith leis sin, ceadaíodh 15 ghnólacht i gcomhair maoiniú na scéime Dearbháin a Thrádáil ar Líne in 2019 lena láithreacht agus cumas trádála ar líne féin a fhorbairt. Ba ionann líon na n-ollphost a cruthaíodh i ngnólachtaí ar thacaigh an OFÁ leo in 2019 agus 215. Le linn na bliana, sholáthair OFÁ an Chabháin 64 clár oiliúna fiontraíochta agus imeacht/seimineár líonra agus d'fhreastail os cionn 1300 orthu ag baint leas as foghlaim agus faisnéis eolasbhunaithe. Áirítear leis sin ceardlanna agus seimineáir shaincheaptha líonraithe i rith na bliana a bhí dírithe ar méadú a dhéanamh ar na deiseanna do ghnólachtaí le líonrú a dhéanamh agus a scileanna agus acmhainneacht ghnó a chur in iúl agus a fhorbairt. Le linn 2019 chomh maith, bhain 80 gnólacht leas as ár gclár meantóireachta i réimse leathan réimsí gnó, lena n-áirítear ríomhthráchtáil agus trádáil ar líne agus ghlac 30 gnólacht páirt i gclár meantóireachta speisialta um Chomhairle Brexit. Tá an t-éileamh agus an bhallraíocht

maidir lenár líonraí gnó fós láidir agus táimid ag tnúth le leanúint lenár líonraí gnó a fhorbairt in 2020.

Imeacht oscailte Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2020



Tugtar a mhéid tacaíochta agus is féidir chun fiontair agus fiontraíocht a chun cinn agus a thabhairt chun suntais le tionscnaimh amhail Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla a bhí ar siúl ó 2 go 6 Márta, Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann, Clár Fiontraíochta Mac Léinn agus na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta. D'éirigh le OFÁ an Chabháin sna Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta in 2019 agus gnólacht as an gCabhán ag buaigh chatagóir na Nuálaíochta. Bhí buaiteoir réigiúnach ag OFÁ an Chabháin chomh maith sa chomórtas Fiontraí Óg na hÉireann is Fearr 2019, a rinne ionadaíocht do OFÁ an Chabháin i gcatagóir an Ghnó Bunaithe is Fearr ag na Babhtaí Ceannais Náisiúnta.



Sa ghrianghraf ag Babhtáí Ceannais Réigiúnacha Fhiontraí Óg is Fearr na hÉireann 2020: Marcella Rudden, Ceann na Fiontraíocht, OFÁ an Chabháin; Caroline Thompson, Riverside Spa, Buaiteoir an Ghnó Bunaithe is Fearr; Tara Smith, OFÁ an Chabháin; Andrea Corrigan, OFÁ an Chabháin.

Tá sé mar aidhm le Clár Gradam Fiontraíochta Náisiúnta an Líonra Fiontraíochta Náisiúnta tiomantas, díograis agus sprid fiontraíochta gnólachtaí beaga ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta a aithint agus luach saothair a thabhairt ina leith. Spreagann OFÁ an Chabháin gnólachtaí beaga lena n-éachtaí gnó a chur ar taispeáint, ag tacú lena n-iarraitas trí phróiseas comórtais an chontae. In 2019 dhún OFÁ an Chabháin Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla le fáiltiú speisialta chun buaiteoirí Ghradam Fiontraíochta Chontae an Chabháin a fhógairt. Chuaigh buaiteoirí foriomlána an Chontae Ice Cream Treats Ltd ar aghaidh go dtí na Babhtáí Ceannais Náisiúnta inar bhuaigh siad an Gradam Nuálaíochta.



Sa ghrianghraf ag Babhtáí Ceannais Réigiúnacha Fhiontraí Óg is Fearr na hÉireann 2020: Mark Christal, Fiontraíocht Éireann; Andrea Corrigan OFÁ an Chabháin; Gerry Sheridan Ice Cream Treats, Buaiteoirí an Ghradaim Náisiúnta Nuálaíochta; An tAire Pat Breen; Kathryn O'Reilly Ice Cream Treats; Marcella Rudden, Ceann na Fiontraíochta, OFÁ an Chabháin; Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chabháin.

Tá Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin ina comhpháirtí sa tionscnamh um Líonra Fiontar Eorpach a chuidíonn le ghnólachtaí Éireannacha dul i mbun nuála agus fás ar bhonn idirnáisiúnta trí thacaíocht saincheaptha, comhpháirtíochtaí úra gnó agus teicneolaíochta, deiseanna tráchtála, margaí ceadúnaithe, agus cuardaigh comhpháirtithe le haghaidh T&F a mhaoiniú AE. Ar an 16 Deireadh Fómhair 2019 ghlac Oifig Fiontair Áitiúil an Chabháin agus líon gnóthais innealtóireachta as an gCabhán páirt in Imeacht EENGINEX Buail leis an gCeannaitheoir agus Comhair ag ionad monarcha Combilif Mhuineacháin. Ag an imeacht, a bhí eagraithe ag EEN trí na hOifigí Fiontair Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann, soláthraíodh deis luachmhar do ghnólachtaí an Chabháin chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe díolacháin réamheagraithe, duine le duine le príomhcheannaitheoirí agus soláthraithe eile ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe agus cuimsíodh tacaíocht ann chomh maith do ghnólachtaí ar cheisteanna amhail Brexit agus monaraíocht LEAN. Leanfaidh OFÁ an Chabháin leis an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) a chur chun cinn in 2020 chun naisc agus comhpháirtíocht fhéideartha ghnó agus deiseanna trádáil ar fud an Aontais Eorpaí a éascú.



D'oscail Mol Digiteach an Chabháin dá chéad tionóntaí i mí an Mheithimh 2019. Ó shin i leith, tá oifigí áitithe ag roinnt cuideachtaí, lena n-áirítear Public Relay (cuideachta cliant ÚFT) ar léasanna fadtéarmach. Fuair roinnt dreamanna eile deasca tiomnaithe nó deasca sealaíochta ar cíós ar chomhaontuithe gearrthéarmacha nó fuair siad saoráidí cruinnithe agus imeachta na Svúite Nuálaíochta ar cíós. D'óstáil Mol Digiteach an Chabháin agus OFÁ an Chabháin líon imeachtaí fiontraíochta ardphróifíle le linn 2019, mar shampla, ar an 18 Iúil - fóram comhairliúcháin Poist in Éirinn Amach Anseo (**Future Jobs Ireland**) ar chianobair a thionóil Heather Humphreys, TD, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus Richard Bruton, TD, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an 4 Meán Fómhair – imeacht le **eBay agus ÚFT** inar gcuireadh deiseanna do chianobair agus obair ón mbaile le eBay do chuardaitheoirí poist an Chabháin chun cinn; ar an 5 Nollaig – **Tionchar Domhanda na Láithreachta Réigiúnaí** – Oíche Rannpháirtíochta Tionscail– comhoibriú le The Hive, Cora Droma Rúisc agus aoichainteoirí ó DKIT agus Public Relay; an 30 Nollaig – **Lá Buail Isteach don Diaspóra** – comhoibriú USEFE le Comhairlí Contae Liatroma, Longfoirt agus Ros Comáin chun deiseanna poist a chur chun cinn sa réigiún don Diaspóra a tháinig abhaile ar cuairt ag an Nollaig. Leanann OFÁ an Chabháin le Mol Digiteach an Chabháin a chur chun cinn agus le gnólachtaí agus fiontraithe áitiúla a chur ar aghaidh chuig a saoráidí úra, lena n-áirítear tionóntaí oifige úra fadtéarmacha, úsáideoirí 'deisce tiomnaithe' meántéarmacha, agus úsáideoirí 'deisce sealaíochta' gearrthéarmacha. Tá saoráidí Mhol Digiteach an Chabháin á gcur chun cinn chomh maith lena n-úsáid ag cuideachtaí agus ag páirtithe leasmhara áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta mar ionad chun imeachtaí fiontraíochta agus geilleagair d'igitigh a thionóil.

Tá OFÁ an Chabháin páirteach go gníomhach i ngach clár agus tionscnamh Náisiúnta OFÁ lena n-áirítear an Sráidbhaile Fiontraíochta Áitiúil agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Showcase, Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan, an tAcadamh Bia chomh maith le straitéisí áitiúla do Chontae an Chabháin lena n-áirítear na Straitéisí Bia agus Digiteacha.

Leanfaidh OFÁ an Chabháin ag oibriú go dlúth le Comhairle Contae an Chabháin agus comhpháirtithe eile i bhforbairt agus soláthar Líonra úr Bia an Chabháin agus an branda gaolmhar úr 'Created in Cavan' a seoladh le déanaí mar léiriú den chomhphobal táirgeoirí bia agus deochanna agus seirbhísí turasóireachta bia atá páirteach i soláthar, táirgeadh agus seirbhís bia agus deochanna áitiúla ar ardchaighdeán ar fud Chontae an Chabháin.

Tá líonrú fós ina phríomhthacaíocht ghnó arna spreagadh ag éileamh a sholáthair OFÁ an Chabháin go rathúil le cúpla bliain anuas. Leanann CBWC (Club Mhná Gnó an Chabháin) ag déanamh go maith agus coimeádann sé ballraíocht mhealltach, idirghníomhach. D'óstáil OFÁ an Chabháin imeacht Lá Náisiúnta Fiontraíochta do Mhná ar na 17 Deireadh Fómhair 2019 le sa bhreis ar 70 bean ó réigiún an Chabháin, lena n-áirítear baill agus aíonna ó Chlub Mhná Gnó an Chabháin, a d'fhreastail ar an imeacht líonraithe chun fiontraithe ban sa réigiún a cheiliúradh.



Sa ghrianghraf ag Lá Náisiúnta Fiontraíochta an Chabháin do Mhná 2019 tá: Clé-Deas Margaret McKeon Boyle, Comhordaitheoir, Club Mhná Gnó an Chabháin; Andrea Corrigan, OFÁ an Chabháin; Aoichainteoir Patricia O'Reilly agus Ambasadóir NWED Vicki O'Toole, JJ O'Toole Ltd.; Marcella Rudden, Ceann na Fiontraíochta, OFÁ an Chabháin.



Is é ár dtiomantas in 2020 leanúint leis an tseirbhís is fearr agus is féidir linn a sholáthar dár gcliaint, gnólachtaí nuathionscanta úra a spreagadh agus a chothú, tacú le méadú gnólachtaí bunaithe agus leas a bhaint as na hacmhainní, eolas agus saineolas atá againn, chun geilleagar contae inbhuanaithe rathúil a bhaint amach.

Airgeadas, TFC, Seirbhísí Éigeandála

Airgeadas

Soláthar faisnéise airgeadais atá cruinn tráthúil i ndáil le gach seirbhís de chuid na Comhairle agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta éifeachtacha maidir le rialú inmheánach i bhfeidhm. Tá ról tábhachtach ag an Rannóg Airgeadais maidir le tacaíocht agus soláthar seirbhísí. Déileálann sí le bainistíocht airgeadais agus maoiniú oibríochtaí an Údaráis, de chineál ioncaim agus caipitil araon, ar fud na Rannán Seirbhíse.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

- Cuspóirí airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach
- An bhainistíocht agus na cleachtais airgeadais is fearr a sholáthar agus a chur chun cinn ar fud na Comhairle
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go gcloífeadh leis na prionsabail reachtúla agus cuntasáíochta airgeadais, a bhfuil feidhm acu maidir le hidirbhearta airgeadais uile na Comhairle Contae
- A chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha dóthanacha i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint, agus cruinneas agus iontaofacht na dtaifead cuntasáíochta a chinntiú
- A chinntiú go mbainfeadh luach ar airgead amach ar fud na heagraíochta



Iasachtaí

Tá 185 cuntas iasachta ag an gComhairle lenar gineadh aisíocaíochtaí morgáiste de €495,000 le linn 2019.

Le linn 2019 lean Comhairle Contae an Chabháin le bheith rannpháirteach go réamhghníomhach le custaiméirí a bhí i staideanna riaráiste neamh-inbhuanaithe.

Soláthar na Feidhme Párolla

Baineann an tseirbhís sin le próiseáil agus íocaíocht pánna agus tuarastal do na baill foirne ar fad lena n-áirítear asbhain ÍMAT, agus ÁSPC, asbhaintí reachtúla agus neamhreachtúla eile agus gach tuairisceán ábhartha a chur i gcrích. Tá thart ar 501 fostaí ar phárolla Chomhairle Contae an Chabháin. Chomh maith leis sin, próiseálann an fheidhm phárolla íocaíochtaí le haghaidh Phinsinéirí agus Chomhaltaí Tofa na Comhairle. B'ionann iomlán na gcostas párolla in 2019 agus €26.9 milliún.

Rátaí

Eisíodh 2,584 Éileamh Ráta ar an iomlán le haghaidh na bliana 2019 a raibh tobhach iomlán de €14,277,348 mar thoradh air. B'ionann an Ráta Bliantúil ar Luacháil arna shocrú ag an gComhairle le haghaidh na bliana agus €60.87. Admhaíodh suim €12,389,243 i ndáil le rátaí tráchtála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Rinne an Oifig Luachála an Athluacháil do Chontae an Chabháin le linn na bliana. I mí Mheán Fómhair 2019, d'eisigh an Oifig Luachála Deimhnithe Luachála deiridh d'íocóirí rátaí i gContae an Chabháin.

Is ionann rátaí agus muirear ar áitíocht réadmhaoine tráchtála agus tionsclaíocha agus cuireann siad méid suntasach le maoiniú agus soláthar seirbhísí ag údaráis áitiúla gach bliain. Tá rátaí is iníoctha ag cáiníocóir aonair ina dtáirge den Ghlanluach Bliantúil (NAV) arna socrú ag an Oifig Luachála agus na Rátaí Bliantúla ar Luacháil (ARV), arna socrú ag Comhairle Contae an Chabháin. Beidh toradh na hathluachála i bhfeidhm ó mí Eanáir 2020.




Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Feicfidh os cionn 66% de na cáiníocóirí i gContae an Chabháin laghdú ina ndliteanas rátaí in 2020 i ndiaidh phróisis na hathluachála atá ar aon dul le toradh athluachálacha eile a rinneadh go dtí seo faoin gClár Náisiúnta um Athluacháil.

Is iad na ceithre phríomhchatagóir maidir le réadmhaoín inráitilte Miondíol (Siopaí), Oifigí, Aonaid Thionsclaíocha agus gnólachtaí san Earnáil Fáilteachais amhail áitribh agus óstáin cheadúnaithe. Is ionann na catagóirí agus os cionn 90% de na cáiníocóirí i gContae an Chabháin. Áirítear ar na catagóirí 'Eile' réadmhaoine amhail ollmhargaí, trádstórais mhiondíola, pictiúrlanna, carrchlóis, stiúideonna, dolaí, árais altranais, feirmeacha gaoithe, stáisiúin seirbhíse, cairéil, clubthithe, agus stáisiúin fógraíochta.





Soláthar

Ár Ráiteas Misin

“A chinntiú go ndéanfar feidhm Soláthair Chomhairle Contae an Chabháin a chomhlíonadh le hionracas, trédhearcacht agus cuntasacht, go gcloífidh sí le Dlí AE/Náisiúnta agus treoirlínte Náisiúnta, agus go bhfeidhmeoidh sí ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun tacaíocht le ceannach luach ar airgead agus na caighdeáin is gá á mbaint amach chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do shaoránaigh Chontae an Chabháin”.

Soláthar

Seoladh straitéis soláthair úr i mí Aibreáin 2019 i ndiaidh don Lucht Bainistíochta Sinsearaí agus don Oifigeach Soláthair athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar struchtúr soláthair agus feidhm soláthair na Comhairle.

Bhí tabhairt isteach Phlean Soláthair Chorporáidigh 2019-2022 tábhachtach don straitéis sin.

Leis an bplean cuireadh rialachas láidir laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin chun cinn agus tugadh isteach bearta straitéiseacha don chur chun feidhme, ag tacú ag an am céanna le rialuithe agus nósanna imeachta a bhí curtha i bhfeidhm le linn shaolré an phlean roimhe sin agus á n-athdhearbhú. Bunaíodh leis chomh maith ardán le haghaidh rialuithe úra eagraíochtúla agus nós imeachta chun feidhm soláthair na comhairle a neartú tuilleadh don todhchaí.

Tugadh isteach leis an bplean:-

- Aonad Lárnach úr um Riarachán Tairiscintí (**Aonad CTA**)
- Grúpa Stiúrtha Soláthair úr.
- Tuarascáil Ráithiúil úr um Monatóireacht ar an Soláthar Poiblí
- Gníomhaíochtaí intomhaiste agus Príomhthascairí Feidhmíochta (PTFanna) úra



- Rialuithe níos láidre le haghaidh an Timthrialla Foréilimh / Ceannaigh go hÍocaíocht
- Rialuithe níos láidre le haghaidh úsáid Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal
- Rialacha áitiúla athbhreithnithe le haghaidh ceanglais tairisceana atá luacháilte faoi bhun na Tairsí Náisiúnta
- Rialacha áitiúla athbhreithnithe le haghaidh ceanglais tairisceana atá luacháilte os cionn na Tairsí Náisiúnta
- Teorainneacha athbhreithnithe um cheadú foirne le haghaidh Orduithe Ceannaigh
- Teorainneacha athbhreithnithe um cheadú foirne le haghaidh dul isteach i gConarthaí / Conarthaí a shíniú

Agus athdhearbhaíodh an méid seo a leanas chomh maith:-

- Úsáid as Tagairtí Soláthair agus Foirmeacha Meastacháin
- Úsáid cheart Orduithe an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá feidhm soláthair na Comhairle fós nasctha astu féin le prionsabail agus cuspóirí straitéiseacha Phlean Corparáideach na heagraíochta agus leis an bPlean Soláthair Chorparáidigh cuirtear i bhfeidhm na prionsabail agus an bonn cuí ar a bhfeidhmeofar feidhm soláthair na Comhairle.

Tugadh isteach Lámhleabhar úr um Nósanna Imeachta Soláthair na Comhairle chomh maith chun prótacail agus nósanna imeachta oibriúcháin a sholáthar a theastaíonn chun an straitéis atá léirithe sa Phlean Soláthair Chorparáidigh a sholáthar agus tacú léi amach anseo.

Le linn 2019, tugadh tacaíocht agus treoir leanúnach soláthair don fhoireann ó Oifigeach Soláthair agus ón Aonad Lárnach úr um Riarachán Tairiscintí (**Aonad CTA**). Cuireadh cúnamh Meastachán agus Tairisceana ar fáil do gach Rannóg agus Roinn ar fud na hEagraíochta e.g. Pobal agus Fiontraíocht, Ealaíona, Tógáil Tithíochta,



Bóithre, Comhshaol, Pleanáil, Seirbhís Dóiteáin, Seirbhísí Leabharlainne agus Oifig Fiontair Áitiúil.

Thionóil an tOifigeach Soláthair cruinnithe le Cinn Rannóige, Cinn Roinne agus grúpaí éagsúla foirne eile le linn na bliana chun cur i bhfeidhm cuí na straitéise úir a chinntiú agus bunaíodh Grúpa Stiúrtha Soláthair úr, a chuidíonn a bhaill leis an teachtaireacht soláthair a scaipeadh ar a Ranna agus a Rannóga faoi seach.

Tugadh Tuarascáil Ráithiúil úr um Monatóireacht ar an Soláthar Poiblí isteach chun maoirseacht ráithiúil a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach (PF) maidir le comhlíonadh soláthair gach Rannóige laistigh den eagraíocht.

Tá leagan leictreonach den Tuarascáil Monatóireachta á fhorbairt ag an Oifigeach Soláthair agus an Rannóg TF agus tá siad ag súil go seolfar an córas úra Tuairiscithe sin in 2020. Ba chóir go gcuideodh sé sin le bailiú Sonraí agus féachaint ar Shonraí ar bhealach níos éifeachtaí.

Leanadh leis an gCód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh

In 2019, rinne an tOifigeach Soláthair tuarascáil maidir le Dearbhú Cáilíochta na Comhairle a chomhordú, a thiomsú agus a chur isteach chuig an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) chomh maith faoi mar a cheanglaítear faoi **Chód Caiteachais Phoiblí** na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sonraíodh sa tuarascáil gur taispeánadh sna seicliostaithe a chomhlánaigh Comhairle Contae an Chabháin ardleibhéal comhlíonta maidir leis an gCód Chaiteachais Phoiblí agus cuireadh in iúl sna seiceálacha cuimsitheacha a rinneadh ar roghnú tionscadal/clár nach raibh mórfhadhbanna ar bith lena gcaithfí amhras ar chomhlíonadh na Comhairle maidir leis an gCód.

Cuimsíodh i dtuarascáil Chomhairle Contae an Chabháin arna comhordú an an Oifigeach Soláthair:-



- Liosta fardail le haghaidh 2018 (dar luach **€503,481,249.51**) de na Tionscadail / Cláir reatha agus chaipitil ar fad a raibh a gcaiteachas / costas saolré in 2018 os cionn €0.5m.
 - sainaithníodh **87** Tionscadal/clár
 - bhí **25** tionscadal / clár á mbreithniú in 2018
 - tabhaíodh caiteachas le **56** tionscadal / clár in 2018
 - críochnaíodh **6** thionscadal / clár in 2018
- Achoimre ar na soláthairtí ar fad os cionn €10m.
- Sraith chríochnaithe seicliostaithe (7 san iomlán) don eagraíocht ina hiomláine bunaithe ar **18 sampla** a ghlacadh ar fud na heagraíochta, arb ionann iad agus **32%** den chaiteachas ábhartha iomlán i liosta fardail 2018.
- Achoimre ar sheiceálacha cuimsitheacha na nIníúcháirí Inmheánachaarb ionann iad agus **1%** de luach iomlán na dtionscadal / gclár Reatha (ioncaim) a sainaithníodh sa liosta Fardail le haghaidh **2018** agus **29%** deluach iomlán luach na dtionscadal / gclár Caipitil ar fad a sainaithníodh sa liosta Fardail le haghaidh **2018**.

Iníúcháireacht Inmheánach

Soláthraíonn an Iníúcháireacht Inmheánach feidhm bhreithmheasa neamhspleách a bhfuil sé de chúram uirthi athbhreithnithe a dhéanamh ar bheartais, pleananna, nósanna imeachta, cleachtais agus feidhmíocht eagraíochta. Is é a príomhaidhm measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin. Cuireann ról na nIníúcháireachta Inmheánaí le húsáid thíosach agus éifeachtach na n-acmhainní agus is ghné thar a bheith tábhachtach í den dea-rialachas corparáideach atá ríthábhachtach chun príomhthosaíochtaí Phlean Corparáideach na Corparáideach a bhaint amach.



Áiríodh ar na príomhréimsí rialaithe a scrúdaíodh:

- Córais chuntasaíochta agus bhainistíochta
- Comhlíonadh na rialuithe inmheánacha
- Leordhóthanacht agus ionracas na sonraí airgeadais a sholáthraítear
- Comhlíonadh dlíthe agus rialachán
- Nochtadh do chalaois / d'éillitheacht
- Úsáid éifeachtach agus cosaint sócmhainní
- Úsáid eacnamúil, éifeachtach agus inbhuanaithe acmhainní

Is é beartas Chomhairle Contae an Chabháin feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí ardchaighdeáin a choimeád agus tacú léi i gcomhréir leis an gCairt um Iniúcháireacht Inmheánach. Tagann gníomhaíochtaí uile na Comhairle faoi shainchúram na hIniúcháireachta Inmheánaí Tuairiscíonn an tIniúcháir Inmheánach go díreach don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste Iniúcháireachta ar bhonn ráithiúil.

Luach ar Airgead

Feidhmíonn na húdaráis áitiúla lena n-áirítear Comhairle Contae an Chabháin i dtimpeallacht ina dteastaíonn cuntasacht agus trédhearcacht maidir le gach cinneadh bainistíochta a dhéantar. Ní mór don Chomhairle a chinntiú go bhfeidhmeofar a seirbhísí ar fad ar bhealach eacnamúil, éifeachtach agus éifeachtúil agus béim mhéadaithe á cur ar Luach ar Airgead a bhaineann amach agus leibhéal feidhmíochta ar fud na heagraíochta a uasmhéadú.

Oiliúint agus Seimineáir ar Iniúcháireacht Inmheánach

D'fhreastail an tIniúcháir Inmheánach ar chúrsaí agus ar sheimineáir éagsúla le linn 2019. Áiríodh leo sin Oiliúint Iniúcháireachta Rialála ar CCSGP, an Clár um Ghníomhachtú Cuimsithe Shóisialta agus Pobail agus Airteagal 48 Nósanna Imeachta Maoiniú LEADER arna thabhairt faoi go foirmiúil ag Pobal. D'fhreastail an tIniúcháir Inmheánach chomh maith ar Sheisiúin Sinéirge Lónra Iniúcháirí



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Inmheánacha an Rialtais Áitiúil agus ar sheimineáir ar Chaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí maidir le hIniúchóireacht Inmheánach.

I mí Mheán Fómhair 2019 bronnadh Cáilíocht na nIniúcháirí Inmheánacha Cairte ar Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí- mar Bhall Cairte d'Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha

Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí Clár Feasachta maidir leis an Tábhacht a Bhaineann le Tacaíocht a Tabhairt do Dhea-Rialachas Corparáideach laistigh den eagraíocht i láthair Oifigigh na Comhairle.

Plean Bliantúil Iniúchóireachta 2019

Leagadh amach sa Phlean Bliantúil Iniúchóireachta 2019 athbhreithnithe iniúchtaí sonracha a bhí le déanamh ar bhonn infhaighteacht na n-acmhainní foirne agus na rioscaí féideartha a shainaithint na Stiúrthóirí Seirbhíse, an Coiste Iniúchóireachta agus Iniúcháir an Rialtais Áitiúil.

Obair na hIniúchóireachta Inmheánaí 2019

Cuimsíodh san obair iniúchóireachta a rinneadh le linn 2019 cigireachtaí rialaithe san Oifig Mótarchánach, Amharclann Ramor agus Oifigí na nAirgeadóirí / Deasc na Seirbhísí do Chustaiméirí. Tugadh faoi athbhreithnithe iniúchtaí sonracha chomh maith i ndáil le Níosanna Imeachta na Comhairle maidir le Pleanáil agus Tithíocht Shóisialta Chuid V, na Níosanna Imeachta Rialaithe um Cheannach go hÍocaíocht atá i bhfeidhm i gCeantar Bardasach Choill an Chollaigh-Mhuinchille, Córas Muirear Páirceála Bhaile an Chabháin, Níosanna Imeachta um Chláir Riosca na Comhairle, Oibríochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin, Athbhreithnithe Cuimsitheacha Rialála um Chód Caiteachais Phoiblí ar 1) Scéim maidir le Bóthar Ceangail Beartaithe Thiar Theas (Dún Dealgan go Sligeach) 2) Soláthar Soilsithe Phoiblí i gContae an Chabháin agus Athbhreithniú ar CCSGP- an Clár um Ghníomhachtú Cuimsithe Shóisialta agus Pobail arna bhainistiú ag Breffni Integrated thar ceann an CFPÁ.



Thug an Iniúchóireacht Inmheánach faoi na Nósanna Imeachta úra um Sheiceáil Maoinithe LEADER Airteagal 48 ina gclúdaítear 34 iarratas ar thionscadal dar luach €1,938,660 lena n-áirítear 34 éileamh ar chaiteachas dar luach €1,550,206.

Rinneadh iarratais iniúchóireachta éagsúla ó Iniúcháirí an Rialtais Áitiúil a phróiseáil agus measadh go raibh éifeachtúlacht na hIniúchóireachta Inmheánaí ina príomhthoisce i measúnú Iniúcháirí an Rialtais Áitiúil ar thimpeallacht rialaithe an Údaráis Áitiúil.

An Coiste Iniúchóireachta

Soláthraíodh san Acht Rialtais Áitiúil (Leasú) 2014 éifeacht reachtúil don Chlár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtais Áitiúil éifeachtúil agus athshonraíodh na forálacha reachtacha a bhaineann le coistí iniúchóireachta.

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta maidir le comhairle a thabhairt don Chomhairle faoi phróisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasacha ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais Comhairle Contae an Chabháin.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta reatha le rún ar ainmniú Ghrúpa Beartas Corparáideach an Údaráis Áitiúil agus i ndiaidh dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach. Tá a dtéarma oifige comhreathach le téarma oifige na Comhairle tofa a thosaigh ar an 1 Meitheamh 2019 agus a chríochnóidh ar an 31 Bealtaine 2024.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Is iad seo a leanas sonraí chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta (CI):

<i>CI roimhe seo Meitheamh 2014 - Bealtaine 2019</i>	<i>CI úr Meitheamh 2019 - Bealtaine 2024</i>
• Con Dolan (Cathaoirleach)	• Sonia McEntee (Cathaoirleach)
• Jim Lalor	• Con Dolan
• PJ Dunne	• Sean Corcoran
• An Clr Madeleine Argue	• An Clr Madeleine Argue
• An Clr Clifford Kelly	• An Clr Clifford Kelly

Mar thoradh ar an athrú ar an gcoiste in 2019 tháinig na comhaltaí le chéile 3 huairé. Tá ról rithabhachtach acu maidir le creat rialachais Chomhairle Contae an Chabháin, go háirithe i gcomhthéacs acmhainní ganna, bainistíocht riosca, agus cuntasacht na hearnála poiblí.

Le linn na bliana tháinig an coiste agus an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Tommy Ryan agus roinnt bainisteoirí líne le cheile chun raon leathan ceistanna a phlé. Áiríodh ar réimsí tosaíochta na Buiséid Bhliantúla agus na Ráitis Airgeadais, Pleananna Cairteacha na nIniúcháirí Inmheánacha agus an Clár Oibre Bliantúil um Obair Iniúcháireachta, Táscaire Feidhmíochta Bliantúla.

Forléargas

Tá an Iniúcháireacht Inmheánach ag obair go réamhghníomhach leis an lucht bainistíochta chun dearbhú a sholáthar gur leor na rialuithe agus na próisis inmheánacha reatha chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach a bharrfheabhsú.

Tugtar chun suntais sa tuarascáil seo cuid de na príomhghníomhaíochtaí a rinne an Iniúcháireacht Inmheánach in 2019 atá tábhachtach maidir le rioscaí suntasacha ar bith atá a bheidh le sárú ag an gComhairle a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Le linn 2019 leithdháileadh acmhainní breise foirne ar an Iniúchóireacht Inmheánach chun cuidiú a thabhairt leis na freagrachtaí úra Iniúchóireachta Rialála CCSGP agus ceanglais um Dheimhniú Maoinithe LEADER Airteagal 48 de chuid na Comhairle.

Mar is gnách tá an Iniúchóireacht Inmheánach tiomanta do fhreagairt a thabhairt ar éilimh atá ag athrú in Údarás Áitiúil an Chabháin agus déanfaidh sí a dícheall a cion rialachais don eagraíocht a bharrfheabhsú i gcomhréir leis an bPlean Straitéiseach Iniúchóireachta.

Bunaithe ar na hathbhreithnithe iniúchóireachta a rinneadh soláthraíodh dearbhú réasúnta do na páirtithe leasmhara uile go gcuimsítear in oibríochtaí agus struchtúir rialachais na heagraíochta an dea-chleachtas bainistíochta, na prionsabail um luach ar airgead, an chuntasacht agus an trédhearcacht lena gcinntítear go bhfuil an éifeachtúlacht uasta a bhaint amach.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leo siúd a chuidigh le hoibriú na hIniúchóireachta Inmheánaí le linn na bliana. Tá mé an-bhuíoch i gcónaí do threoir an Phríomhfheidhmeannaigh Tommy Ryan, an Ceann Airgeadais, Margaret Mohan, an Chúntóra Airgeadais, Bernadette Smith agus Iniúcháirí an Rialtais Áitiúil Paddy McCabe agus Martin White. Admhaíonn an Iniúchóireacht Inmheánach obair agus tacaíocht na Foireann Bainistíochta Sinsearaí agus an Choiste Iniúchóireachta chomh maith.

Mótarcháin

Tá Rannóg Mótarchánach Chomhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Ceadúnais feithiclí a eisiúint
- Cóip de Leabhair Chlárúcháin, Admhálacha agus Pláta Trádála a eisiúint
- Athrú ar úinéireachta agus aisíocaíochtaí a phróiseáil
- Deimhnithe S103 agus CT53 a eisiúint



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Léiríonn an laghdú leanúnach ar líon ball den phobal atá ag freastal ar an Oifig Mótarchánach lena ngnó a dhéanamh in ioncam a fuarthas le linn na bliana le haghaidh mótarchánach agus idirbheart eile. B'ionann na fáltas iomlána agus €4,342,804 2019, laghdú ó €4,772,292 2018. Is ionann é sin agus laghdú €429,488 ar an ioncam in 2018. Is é an phríomhchúis leis sin an fás leanúnach ar úsáid na seirbhíse Mótarchánach ar Líne.

Miondealú ar ioncam agus idirbhearta:

	lamlán na nldirbheart	loncam lamlán
Ceadúnais Feithiclí	21,985	€4,004,361
Ceadúnais Trádála	57	€20,121
Fáltas Ilghnéitheacha	2,097	€19,363
Riaráistí	3,645	€298,959
lamlán	27,784	€4,342,804

Mótarcháin ar Líne:

Chomh maith leis sin, próiseáladh 72,965 idirbheart ar líne, agus bhailigh na Coimisinéirí loncaim €11,558,731. Tá an tseirbhís Mótarchánach ar líne ar fáil d'úinéirí carranna príobháideacha, gluaisrothar, tarracóirí talmhaíochta, feithiclí atá díolmhaithe, carbhán agus feithiclí tráchtála lena n-athnuachan. Spreagtar custaiméirí le húsáid a bhaint as an tseirbhís ar líne trí logáil isteach ar www.motortax.ie



Táscairí Seirbhíse

M.1 Líon agus Céatadán na nIdirbheart Mótarchánach	2019
Líon ar déileáladh leo thar an gcuntar	23,295
Líon ar déileáladh leo sa phost	3,383
% ar déileáladh leo thar an gcuntar	87.32%
% ar déileáladh leo sa phost	12.68%
M.2 An Méid Ama a Ghlac sé chun Iarratais ar Mhótarcháin sa Phost a Phróiseáil	
Líon ar déileáladh leo ar an lá céanna a fuarthas an t-iarratas	2,787
Líon ar déileáladh leo ar an 2ú nó 3ú lá ó fuarthas an t-iarratas	463
Líon ar déileáladh leo ar an 4 nó 5 lá ó fuarthas an t-iarratas	72
Líon ar déileáladh leo faoi cheann níos mó ná 5 lá ó fuarthas an t-iarratas	61
% ar déileáladh leo ar an lá céanna a fuarthas an t-iarratas	82.38%
% ar déileáladh leo ar an 2ú nó 3ú lá ó fuarthas an t-iarratas	13.69%
% ar déileáladh leo ar an 4 nó 5 lá ó fuarthas an t-iarratas	2.13%
% ar déileáladh leo faoi cheann níos mó ná 5 lá ó fuarthas an t-iarratas	1.8%
M.4 Uaireanta oscailte don phobal	
Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	32.5

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tuairiscíonn an Rannóg TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) don Cheann Airgeadais agus TF agus tá sí freagrach as bonneagar TFC, suíomhanna gréasáin, feidhmchláir bhogearraí, córais GIS agus tionscnaimh um athrú digiteach na heagraíochta a bhainistiú. Áirítear leis sin líonraí achair logánta (LAN) agus líonraí achair fhairsinge (WAN) comhcheangailte le naisc gan sreang lena gcumasaítear cumarsáid ghutha agus sonraí don eagraíocht.



Córas Faisnéise Geografaí.

Éascaíonn an rannóg GIS forbairt agus úsáid GIS laistigh den Chomhairle. Baineann sé sin leis an straitéis GIS a chur chun feidhme, tacaíocht a chur ar fáil d'úsáideoirí reatha, agus sonraí geografacha á ngabháil agus á bpróiseáil, GIS a chur chun ceann ar fud na Comhairle, oiliúint GIS a sholáthar agus idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe seachtracha. Is iad seo a leanas príomhthionscadail GIS le linn 2019:

- Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích agus dámhadh an conradh do IMGS chun córas úr GIS a chur chun feidhme ag baint úsáid as bogearraí Fiontraíochta M.App. Soláthróidh sé sin Amharcóir Gréasáin inmheánach úr GIS, bogearraí úra chun bunachair shonraí a bhreacadh amhail iarratais ar Phleanáil, Amharcóir Gréasáin GIS idirlín, agus Bogearraí úra móibíleacha GIS.
- Cuireadh oiliúint maidir leis an gcóras úr i gcrích agus tá obair ar siúl lenár sonraí a iompórtáil isteach sa chóras úr.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar ghlanadh sonraí dár sonraí reatha a theastaíonn sular féidir na sonraí a iompórtáil isteach sa chóras úr.
- Cruthaíodh aipeanna móibíleacha ionas go mbeifear ábalta sonraí a ghabháil ar an láithreán le haghaidh Sláinte agus Sábháilteachta, an Chomhshaoil, Bainistíocht Dramhaíola agus Láithreáin Fholmha.
- Áiríodh ar ghníomhaíochtaí laethúla GIS gabháil sonraí, cothabháil bunachar sonraí tríú páirtí agus tacaíocht do réimsí gnó na Comhairle i dteicneolaíochtaí GIS.

Bonneagar Líonra

Tá an rannóg IS freagrach as bonneagar líonra na Comhairle agus as infhaighteacht agus slándáil na gcóras agus seirbhísí TFC a chinntiú. Mar thoradh ar chinneadh GBRÁ tarraingt amach as TF oibriúcháin bhíodhas le scor de Theaghlaim an Eolaire Náisiúnta Gníomhaigh ina raibh can Cabhán ina thionónta. Bhí tionchar aige sin ar na córais agus seirbhísí uile IS agus in 2019, baineadh leas as acmhainní suntasacha chun eastát Eolaire Gníomhaigh arna óstáil go háitiúil a chur ar bhun agus na cuntais úsáideora, gléasanna, córas agus seirbhísí ar fad a ascnamh go dtí



an timpeallacht úr seo.

Áiríodh ar thionscadail eile sa réimse sin:

- Réiteach úr Wi-Fi i bpríomhfhoirgnimh na Comhairle.
- Príombhalla dóiteáin úr.
- Bonneagar TFC le haghaidh ionad áirimh na dtoghchán áitiúil a chur ar bun.
- Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích chun an bonneagar freastalaithe athrú go hiomlán.
- Rinneadh an lasc líonra athchuir.
- Uasghrádú gach freastalaí Windows 2003 a bhí fágtha.

Foireann an Aistrithe Dhigitigh

Cuireann Foireann an Aistrithe Dhigitigh béim ar an Straitéis Dhigiteach a chur chun cinn agus feachtas soghluaisteachta agus dhigiteach fhoireann na comhairle a mhéadú. Tá seirbhísí níos fearr a chur ar fáil don phobal agus páirt a thabhairt do na saoránaigh san aistriú digiteach ina thosaíocht chomh maith.

- Cuireadh an chéad dréacht den Straitéis Dhigiteach don Chontae an Chabháin i gcrích.
- Soláthar le haghaidh tionscnamh WiFi4EU, líonra Wi-Fi rochtana oscailte saor in aisce i 4 phobal ar fud chontae an Chabháin.
- Dámhadh an Plean Náisiúnta Leathanbhanda ar an leibhéal náisiúnta agus tá rannpháirtíocht leathanbhanda Chomhairle Contae an Chabháin i líonra náisiúnta na nOifigeach Leathanbhanda ag tacú le soláthar an phlean.
- Tionscnamh an tionscadail maidir le Pointe Ceangail Leathanbhanda (PCL) in dhá phobal tuaithe déaga. Soláthróidh gach PCL rochtain leathanbhanda ardluais don phobal áitiúil ag suíomh roghnaithe.
- Cur chun feidhme straitéis Office 365 chun feabhas a chur ar éifeachtacht an tsreafa oibre agus Infheistíocht Bonneagair TF a laghdú.

Slándáil TFC.

Le feidhm slándála TFC cinntítear sábháilteacht agus slándáil ár sonraí agus ár gcóras.



- Fíordheimhniú iltosca curtha chun feidhme ar gach cuntas ríomhphoist agus O365.
- Suiteáil ballaí dóiteáin úra le hiomarcaíocht iomlán.
- Réiteach úr MDM ar gach fón móibíleach úr.
- Cuimsíodh oiliúint ar chibearshlándáil mar chuid den ionduchtúchán do bhaill foirne úra.
- Athchuireadh an seachfhreastalaí Idirlín.

Oibríochtaí.

Tacaíocht theicniúil laethúil do gach úsáideoir Laistigh/Lasmuigh de Bhonneagar TF Chomhairle Contae an Chabháin.

- Athchuireadh os cionn 95% dár ríomhairí pearsanta Windows 7.
- Athchuireadh na bogearraí rochtana cianda.
- Tugadh isteach cruinnithe gan pháipéar do chomhaltaí tofa.
- Aistríodh flít fón móibíleach na Comhairle go soláthraí úr.
- Athchuireadh ríomhairí pearsanta i leabharlanna brainse.
- Logáladh 3,296 glao ar an Deasc Cabhrach TF in 2019.

Seirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin



Stáisiún Dóiteáin úr Achadh an Iúir ar cuireadh tús lena hoibríochtaí le linn 2019

Bhí 87 Comhraiceoir Dóiteáin coimeádta fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin i 10 stáisiún dóiteáin lonnaithe ar fud na Chontae faoi dheireadh 2019. Le linn 2019, d'éirigh 2 chomhraiceoir dóiteáin as an tSeirbhís Dóiteán earcaíodh 2 chomhraiceoir dóiteáin úra agus chuir siad oiliúint tosaigh i gcrích.



Earcaithe úra Conor Harrington (an Cabhán) agus Vincent Conaty (Baile Shéamais Dhuibh) le CFO Noel O'Reilly ag a bparáid cháilithe i ndiaidh dóibh a gcúrsaí Comhraic Dóiteáin QQI a chur i gcrích go rathú le Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe

Táscairí Seirbhíse

F1: Costas na Seirbhíse Dóiteáin in aghaidh an duine

Costas na Seirbhíse Dóiteáin in aghaidh an duine €52.04

F2: Slógadh Seirbhíse

	Dóiteán	Neamhdhóiteán
An meán-am a glacadh, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh	6:01	6:16

F3: Céatadán na nAgaí Freastail ag



Tuarascáil Bhliantúil 2019




Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Láithreacha

	Dóiteán		Neamhdhóiteán	
	%	Líon	%	Líon
Na chéad daoine ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	29.68	46	29.49	92
Na chéad daoine ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	56.77	88	46.79	146
Na chéad daoine ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad	13.55	21	23.72	74

Glaonna ar an tSeirbhís Dóiteáin



Thug an tSeirbhís Dóiteáin 692 freagairt ar 623 teagmhas in 2019, laghdú beag i gcomparáid le 2018.



Foireann Bhaile an Chabháin ag déileáil le dóiteán tí i bhfoirgneamh tréigthe sa bhaile

Clár Caipitil

D'fhaomh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Fearais Dóiteáin úr do Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin sa Chlár Caipitil in 2017 agus soláthraíodh an fheithicil sa tríú ráithe in 2019. Tá an fheithicil sin bunaithe i gCoill an Chollaigh



Sa ghrianghraf ag tabhairt ar láimh an fhearais dóiteáin úir do Chomhairle Contae an Chabháin ag HPMP, an Tulach, Contae Cheatharlach tá Comhaltaí Tofa agus Foireann Bainistíochta Sinsearaí Chomhairle Contae an Chabháin

Chuir Gowna Construction, mar na príomhchonraitheoirí, tógáil stáisiúin dóiteáin úir in Achadh an Iúir i gcrích i mí Meán Fómhair 2019. Ba iad Heather Humphreys T.D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an Clr Shane P. O'Reilly, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin a d'Oscail an stáisiún go hOifigiúil ar an 25 Samhain 2019.



Sa ghrianghraf ag Oscailt Oifigiúil Stáisiún Dóiteán úir Achadh an Iúir ar an 25 Samhain 2019 tá na hionadaithe tofa ó Chontae an Chabháin i láthair Heather Humphreys T.D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin.

Sainithníodh Tógáil stáisiúin Dóiteáin úir ag Baile Shéamais Dhuibh i gClár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin 2016 – 2020 mar cheann de na 16 thionscadal tosaíochta úa. Fuair an Chomhairle cead ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun dul ar aghaidh leis an tionscadal a chur amach ar thairiscint ar an 22 Deireadh Fómhair 2019. Mar chuid d'ullmhú na tairisceana cuireadh larratas ar Phleanáil Chuid VIII isteach i mí na Nollag 2019.



Pleanáil Móréigeandálaí

Rinneadh na socruithe le haghaidh bainistíocht móréigeandálaí i gContae an Chabháin a athbhreithniú le linn 2019 agus tionóladh cleachtadh eolais i dTeach na Cúirte sa Chabhán ar an 27 Márta 2019, a bhaineann le pearsanra ó Chomhairle Contae an Chabháin, ón nGarda Síochána agus ó FSS lena n-áirítear Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin, John O'Reilly, Ard-Cheannfort Rannán Gharda Síochána an Chabháin/Mhuineacháin agus Cathal Hand, Bainisteoir Líonra FSS.

Is é Teach na Cúirte sa Chabhán an tlonad Comhordúcháin Áitiúil i gcás Móréigeandála sa Chontae agus baintear leas as do chruinnithe an ghrúpa oibre réigiúnaigh agus an ghrúpa stiúrtha le linn na bliana. D'fhreastail Noel O'Reilly agus John McKernan ar chúrsa oiliúna réigiúnach do ról Comhordaitheora ar an Láithreán i mí Eanáir i Muineachán. D'fhreastail Olivia Smith agus Olga Uí Chonghaile ar chúrsa oiliúna réigiúnach ar an gcóras bainistíochta faisnéise i mí na Nollag i mBaile Átha Fhirdia.

Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn

D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí Tuarascáil an Tascfhórsa Sábháilteachta Dóiteáin ar an 28 Bealtaine 2018. Sainithnítear sa tuarascáil na socruithe reatha atá ann don tsábháilteacht dóiteáin in Éirinn agus cuirtear síos inti ar na gníomhaíochtaí a rinneadh an dóiteáin millteanach in Grenville Tower i Londain. Cé go bhféachtar sa tuarascáil go príomha ar dhearadh foirgnimh agus bainistíocht maidir le sábháilteacht dóiteáin, cuirtear síos inti chomh maith ar shocruithe le haghaidh idirghabháil sheirbhís dóiteáin an údaráis áitiúil i gcás dóiteáin. Táthar ag leanúint le cur chun feidhme agus na moltaí laistigh den tuarascáil.

Oiliúint

In 2019 cuireadh cúrsaí oiliúint tiomnaithe ar fáil i réimse leathan gníomhaíochtaí féideartha a bhféadfadh bheith ar phearsanra na seirbhíse dóiteáin aghaidh a thabhairt orthu le linn a bhfostaíochta. Áirítear leo sin: Cúrsa Athnuachana Gairis Análaithe, Cothabháil Gairis Análaithe, Iompar Dóiteán Urrainne, Ardoiliúint

Tiománaithe le hullmhú do mheasúnú arna ndéanamh ag Tástálaithe RSA maidir le comhlíonadh Chaighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála, Teagmhais a bhaineann le hÁbhair Ghuaiseacha, Cúrsa Athnuachana Oibreoirí Sábh Slabhrach, Freagróir Dóiteáin Éigeandála, Sláinte agus Sábháilteacht, Eolaire Náisiúnta do Chúrsaí Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandála d'Oifigigh Dóiteáin Shóisearacha agus Shinsearacha araon.



Mar chuid den fheachtas earcaíochta chuir FF Pamela Donohoe (Muinchille), SO Joey McDonald (an Cabhán), FF Olga Brady (Achadh an Iúir) & FF Andrew Murray (an Cabhán) ról Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin chun cinn laistigh den phobal.

Cosc ar Dhóiteáin

Déantar iniúchadh gach bliain ar thithe poiblí, Óstáin, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus stáisiúin pheitрил mar fhreagairt ar cheanglais reachtacha agus próiseáil iarratas ar cheadúnais deochanna meisciúla, ceadúnais damhsa, ceadúnais chlub, ceanglais substaintí contúirteacha agus Ceadúnais Cluichíochta agus Crannchuir.



Déantar clár leanúnach maidir le sábháilteacht dóiteáin pobail ar fud an Chontae gach bliain. Déanann an tseirbhís dóiteáin a dícheall cuairt a thabhairt ar gach tríú rang i ngach bunscoil sa Chontae gach bliain chun clár na mbunscoileanna a sholáthar. Tugadh cuairt ar bheagnach ochtú scoil, agus tugadh pacáistí sábháilteacht do gach dalta sa rang. Tionscnamh eile is ea an clár aláram deataigh a dhírítear go sonrach ar dhaoine leochaileacha inár bpobal a shainaithint. Eisíodh aláraim dheataigh saor in aisce chuig beagnach dhá chéad duine leochaileach. Sholáthair na comhraiceoirí dóiteáin áitiúla ó gach sábháilteacht ar líon cainteanna ar shábháilteacht dóiteáin pobail do ghrúpaí ar fud an Chontae.

Faoi na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta teastaíonn Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin sula ndéanfar formhór foirgneamh a thógáil, a shíneadh, nó sula ndéanfar athrú mó orthu gan áiteanna cónaithe agus foirgnimh talmhaíochta san áireamh. Fuarthas 64 larratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin in 2019 lenar bhain táillí dar luach €99,411.22 ar an iomlán.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an próiseas maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán inniúlachta agus sábháilteachta na gconraitheoirí agus na soláthraithe seirbhíse maidir leis an tSeirbhís Dóiteáin ar siúl fós. Tá Scéim Sláinte ceirde ag an gComhairle Contae agus cuirtear na Comhraiceoirí Dóiteáin faoi scrúdú dochtúra faoin gComhaontú Náisiúnta Comhraiceoirí Dóiteáin.

Déantar gach feithicil a sheiceáil agus a thástáil ar bhonn neamhspleách lena chinntiú go bhfuil siad ródacmhainneach.

Cur i láthair Bhoinn Comóradh Céad Bliain 1916-2016

Ba thiomantas é eisiúint boinn Chuimhneacháin 1916 – 2016 ar dtús i ‘gClár do Rialtas Comhpháirtíochta’ do na Fórsaí Cosanta. Choimisiúnaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil na boinn mar aitheantas ar na ról a d’imir na baill foirne atá ag obair sna Seirbhísí Dóiteáin i ndáil le comóradh 1916. Tá gach ball foirne de



chuid na Seirbhíse Dóiteáin a bhí ag fónamh in 2016 – 3,800 ar an iomlán ar fud na tíre – i dteideal an bonn a fháil, chun oidhreacht na seirbhíse leanúnaí a thugann an tseirbhís dóiteáin chuig an stát óna bhunú a urramú. Leis na boinn tugtar aitheantas d'obair na seirbhísí dóiteáin ar fud na tíre le 100 bliain anuas, chomh maith leis an ról a bhí ag na briogáidí dóiteáin in Éirí Amach 1916.

Léirítear ar bhonn Chuimhneacháin 1916 - 2016 lasair a léiríonn ról na seirbhísí dóiteáin. Tá dathanna bhrat na hÉireann ar ribín an bhoinn, agus stráicí dearga amuigh chun an tseirbhís dóiteáin a léiriú. Taispeántar lógó oifigiúil Rialtais 1916-2016 ar an taobh eile.

Ar an 25 Samhain 2019 bhronn Heather Humphreys T.D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Comhairleoir Shane P. O'Reilly, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin agus Tommy Ryan, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin boinn Chuimhneacháin 1916 - 2016 ar dhaoine muinteartha na gcomhraiceoirí dóiteáin a bhásaigh, comhraiceoirí dóiteáin a d'éirigh as, Oifigigh Stáisiúin a rinne ionadaíocht do na Stáisiúin Dóiteáin go léir laistigh den chontae agus baill Aonad Achadh an lúir. Bhronn an CFO Noel O'Reilly na boinn eile ar fad thar na seachtainí ina dhiaidh sin. Fuair 98 pearsanra ar an iomlán ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin boinn Chuimhneacháin 1916 – 2016.



Grianghraf de bhonn Chuimhneacháin 1916 - 2016



Éirí as Phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin

D'éirigh Patrick Duignan, Oifigeach Stáisiúin, Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha Chonaill agus Pat McGovern, Driver, Briogáid Dóiteáin Dowra, as le linn 2019. Thug an bheirt acu seirbhís agus tiomantas 31 bliain don tSeirbhís Dóiteáin.

Gabhaimid buíochas le Patrick agus Pat as gach rud a rinne siad do Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin

Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin

Oifigeach Cosanta Sibhialta

In mhí an Mheithimh 2019, bhí ríméad ar Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin John Maguire a cheapadh mar a chéad Oifigeach Cosanta Sibhialta don Chabhán. Is fianaise é sin go bhfuil an líon is airde saorálaithe ag an gCabhán i gcontae ar bith seachas Baile Átha Cliath. Tá ceapadh Oifigigh Cosanta Sibhialta lánaimseartha ina fhorbairt a bhfuil fáilte mhór roimhe agus léiríonn sé do na saorálaithe go bhfuiltear buíoch as a dtiomantas d'fholláine dhaonra an chontae.

Dualgais Oibriúcháin

D'fhreastail saorálaithe Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin ar 127 dualgas le linn 2019 lena n-áirítear:

• Cluichí peile Gaelacha • Cluiche iománaíochta • Cluiche rugbaí • Trí-atláin • Imeachta carthanachta (siúlóidí/rith/rothaíocht) • Taispeántas Míleata agus Stairiúil ag Mhúsaem an Chontae	• Liathróid láimhe • Taste of Cavan • Bacstaí ar fud na Teorann • Féile Ceoil Mullahoran • Féile Siúil • Seó Achadh an Iúir
---	---



Brat na Cosanta Sibhialta ag an bParáid le linn an Taispeántais Mhíleata agus Stairiúil

Ba mhórthiomantas é clúdach otharcharranna agus leighis a chur ar fáil d'Fhéile Eachaíochta Thuaisceart Éirinn a mhair trí lá ag Ionad Eachaíochta an Chabháin, a bhfuil cáil air mar an t-imeacht eachaíochta faoi dhíon is mó in Éirinn.

Sholáthair foireann bád Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin báid sábháilteachta, agus bhí an fhoireann otharchairr mar chúltaca le haghaidh Bheannú na nUaigheanna ar Oileán Maodhóg i dTeampaill an Phoirt mar chuid d'Fhéile Phobail an Bhábhúin Bhuí.



Foireann Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin ag Teampaill an Phoirt ag Beannú na nUaigheanna ar Oileán Maodhóg



Chuidigh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin le Cosaint Shibhialta na Mí agus Mhuineacháin le linn 2019, cuidíodh le Cosaint Shibhialta na Mí ag Ceolchoirm Bhaile Shláine (clúdach báid ar an abhann) agus ag Dúshlán 50 míle Moylagh (poist gharchabhrach agus rialú raidió don imeacht iomlán) a thosaigh ag 08.00 am ar an 8 Meitheamh 2019 agus a mhair go dtí 2.00 am an mhaidin dar gcionn. Chuidíodh le Cosaint Shibhialta Mhuineacháin le clúdach drón agus tacaíocht otharchairr lena gCleachtadh Móreigeandálaí i mí na Samhna.

Ghlaoigh an Garda Síochána ar Chosaint Shibhialta Chontae an Chabháin trí huaire le linn 2019 chun cuidiú a thabhairt le cuardaigh agus chuidigh an fhoireann drón le roinn innealtóireachta an Údaráis Áitiúil le suirbhéanna ar thuilte. I mí Eanáir, bhain saorálaithe úsáid as jípeanna tiomána ceithre rotha chun cuidiú le béilí ar rotha a sheachadadh agus Altraí Ceantair a iompar le linn drochdhálaí bóthair in Iarthar an Chabháin.

Oiliúint

Le linn na bliana oiliúna ó Dheireadh Fómhair go hAibreán, tionóladh 13 rang garchabhrach in aghaidh na seachtaine in 11 ionad éagsúil agus leanadh leis an oiliúint ar tharrtháil rópa agus bád le linn na bliana seachas i mí Lúnasa.

D'óstáil Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin dhá lá Réigiúnacha oiliúna: ceann í mí an Mhárta don tSeirbhís Dóiteán Choimhdeach ón gCabán, Dún na nGall, an Mhí agus Muineachán i mBéal Tairbirt agus ceann i mí na Bealtaine don tSeirbhís Tarrthála Rópa i gCairéal Nulty in Castletara.

I mí Aibreáin, chun an deireadh na bliana oiliúna a cheiliúradh, thionóil Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin comórtas garchabhrach idir na ranganna. Ar dtús, bhí dhá bhabhta ann (Iarthar agus Oirthear an chontae), agus bhí an babhta ceannais ar siúl in Hotel Kilmore. Baineadh an sult as an imeacht sin.

Le linn na bliana, cháiligh 6 shaorálaí mar Chéad Fhreagróirí Éigeandála, chuir 30 saorálaí oiliúint tiomána eisbhóthair i gcrích le Terrafirma i Muineachán agus cháiligh

6 shaorálaí dá gCeadúnas Banna Mara VHF, rud a fhágann gurb ionann líon iomlán na foirne báid leis an gceadúnas sin agus 14.

Cháiligh teagascóir bádóireachta Chosaint Sibhialta Chontae an Chabháin mar teagascóir mótarbhád leibhéal a dó, rud a bheidh ina bhuntáiste mór don fhoireann bád mar go mbeifear ábalta oiliúint a chur ar fáil anois go himmheánach. Chuir na teagascóirí garchabhrach ranganna CPR + AED agus garchabhrach ar fáil do go leor grúpaí sa chontae lena n-áirítear Botháin Fear an Chabháin, Coláiste Phádraig, an Scoil Ríoga, Coláiste Bhréifne, an Gheopháirc, baill foirne ó Chomhairle Contae an Chabháin agus go leor clubanna áitiúla CLG. Sholáthraíomar oiliúint chomh maith don phobal ag imeachtaí amhail an t-imeacht Míleata agus Stairiúil agus seachtain na hEolaíochta.



Bunscoileanna Tarrthála Daoine á dteagasc don phobal ag ceann den lear mór imeachtaí a clúdaíodh

Chuidigh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin chomh maith ag Bord CLG Chontae an Chabháin lena dtionscnamh Healthy U ag Páirc Bhréifne trí oiliúint bhunaidh tarrthála daoine agus seiceálacha sláinte a thabhairt don phobal le linn a gcur chun cinn.

Forbairtí eile

Soláthraíodh dhá rothar le linn na bliana do Cosaint Shibhialta an Chabháin lena n-úsáid ag ár n-oibrithe leighis. Cruthaíodh go raibh siad sin an-úsáideach i gcontaetha eile agus úsáidfear iad ag siúlóid agus rith 5/10k agus ag imeachtaí in áiteanna plódaithe. Cuireadh Jíp Ford Ranger úr leis an bhflít chomh maith, a bheidh ina chuidiú iontach i ndrochaimsir agus chun cuidiú le báid a iompar.

Duaiseanna Fadseirbhíse

I mí Aibreáin 2019, bhronn an Príomhoifigeach Dóiteáin Noel O'Reilly boinn fadseirbhíse do 15 shaorálaí, ocht mbonn do sheirbhís 10 mbliana, sé bhonn do sheirbhís 20 bliain agus bonn amháin do sheirbhís 50 bliain. Is í Elizabeth Baxter an dara saorálaí díreach laistigh de Chosaint Shibhialta an Chabháin a fuair bonn do sheirbhís 50 bliain.



Elizabeth Baxter ag glacadh a boinn do sheirbhís 50 bliain ó Noel O'Reilly, CFO



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

RÁITEAS MAIDIR LE CUNTAIS

Comhairle Contae an Chabháin - Dréacht RBA 2019

Achoimre ar an gCuntas Caiteachais agus Ioncaim 2019

	2019 €000	2018 €000
Caiteachas (A)	70,157	68,452
Fáltais		
Deontais Stáit	30,458	27,150
Earraí & Seirbhísí	16,160	17,725
Rátaí Tráchtála	13,884	13,931
Údaráis Áitiúla Eile	174	165
Ciste Rialtais Áitiúil	9,481	9,481
Ioncam Iomlán (B)	70,157	68,452
(Easnamh) / Barrachas (B-A=C)	0	0
Ioncam Tosaigh		
Iarmhéid ar an 1 Eanáir (D)	1,743	1,743
Ioncam Deiridh		
Iarmhéid ar an 31 Nollag (C+D+E)	1,743	1,743

Caiteachas Ioncaim 2019

	€M	% den Chaiteachas iomlán
Tithíocht agus Tógáil	9.09	12.95%
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	22.85	32.57%
Soláthar Uisce agus Séarachas	8.85	12.61%
Dreasachtaí agus Rialú Forbartha	7.50	10.70%
Seirbhísí Comhshaoil	7.23	10.30%
Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachtaí	5.98	8.52%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	0.63	0.90%
Ilghnéitheach	5.73	8.17%
Aistriú go Caipiteal	2.30	3.27%
Iomlán	70.16	100.00%



Tuarascáil Bhliantúil 2019



Comhairle Contae
an Chabháin
Cavan
County Council

Cuntas Caipitil 2019

	Caiteachas 2019 €000	Ioncam 2019 €000
Grúpa Clár		
Tithíocht agus Tógáil	13,605	13,315
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	7,951	7,230
Soláthar Uisce agus Séarachas	621	620
Dreasachtaí agus Rialú Forbartha	3,642	3,780
Seirbhísí Comhshaoil	1,793	1,731
Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachtaí	2,039	1,533
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	0	0
Ilghnéitheach	2,748	1,754
Iomlán	32,400	29,963

Ioncam 2019

	€M	% den ioncam iomlán
Tithíocht agus Tógáil	10.11	14.41%
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	16.00	22.81%
Soláthar Uisce agus Séarachas	8.89	12.68%
Dreasachtaí agus Rialú Forbartha	3.73	5.32%
Seirbhísí Comhshaoil	2.09	2.98%
Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachtaí	1.97	2.80%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	0.47	0.67%
Ilghnéitheach	3.53	5.04%
Rátaí	13.88	19.79%
Ciste Rialtais Áitiúil	9.48	13.51%
Tobhach Pinsin	0.00	0.00%
Iomlán	70.16	100.00%